# An Biúró um Shócmhainní Coiriúla Tuarascáil Bhliantúil 2024

## Tuarascáil Bhliantúil 2024



An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
Teach Walter Scott
An Bóthar Míleata
Baile Átha Cliath 8
D08 HE2P
Éire

| | |
|---|---|
| Teil: | +353 1 666 3266 |
| Ríomhphost: | info@cab.ie |
| X: | @criminalassets |
| Facebook: | www.facebook.com/criminalassetsbureau |
| Instagram: | @criminalassetsbureau |

www.cab.ie

Tá an tuarascáil seo ar fáil I mBéarla chomh maith.

© Cóipcheart Rialtas na hÉireann.
Thiomsaigh agus dhear Coiste Thuarascáil Bhliantúil CAB an tuarascáil seo.

# Ábhar


Ábhar ... i
Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ... v
Litir ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána ... vii
Réamhrá ... xi

A hAon: Forléargas ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh & Baill Foirne
*An Biúró* ... 1
*Ár Misean, Fís agus Luachanna* ... 1
*Rialachas* ... 1
*Cothromaíocht Inscne* ... 2
*Saincheisteanna Comhshaoil, Aeráide & Fuinnimh* ... 2
*Éagsúlacht agus Cuimsiú* ... 3
*Cearta an Duine* ... 3
*Airgeadas* ... 3
*Cuspóirí agus Feidhmeanna* ... 4
*Príomhoifigeach an Bhiúró* ... 4
*Oifigeach Dlí an Bhiúró* ... 4
*Comhlacht Corparáideach* ... 5
*Struchtúr an Bhiúró* ... 5
*Oifigigh agus Baill Foirne an Bhiúró* ... 6
*Leibhéil Foirne Údaraithe* ... 6
*Anaithnideacht* ... 6
*Oifig Faisnéise agus Measúnaithe* ... 7
*Tuarascálacha Saoránach Maith* ... 7
*Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit* ... 8
*Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní* ... 9
*Cás 1* ... 10
*Cás 2* ... 10
*Oiliúint agus Forbairt* ... 11
*POCAI* ... 11
*Fáltais ó Choireacht - MA* ... 11
*Oiliúint Foirne* ... 11
*Láithreoireachtaí CAB* ... 12
*Clár Oiliúna Bleachtairí* ... 12
*Cúrsa d'Imscrúdaitheoirí Sinsearacha* ... 12
*Airgeadraí Fíorúla* ... 12
*Láithreoireachtaí faoi Chriptea-airgeadra* ... 13
*Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána* ... 13
*Cúrsa oiliúna d'Oifigigh Imscrúdaithe Shinsearacha* ... 13
*Rannán um Chomhrac an Sciúrtha Airgid an Gharda Síochána & an Bhainc Ceannais* ... 13
*Comhdháil um Choireacht Maoin Intleachtúil* ... 13
*Cúrsa Oiliúna Chainalysis* ... 13
*Cúrsa Oiliúna do Bhleachtairí Sáirsint* ... 13

Ábhar

*Cairt Eagraíochta* ..... 14

A Dó: Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla
*Imscrúduithe* ..... 15
*Alt 14* ..... 15
*Alt 14A* ..... 16
*Iarratais déanta i rith 2024* ..... 16

A Trí: Gníomhartha faoi Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 - 2016
*Réamhrá* ..... 17
*Alt 1A Athbhreithniú* ..... 18
*An Bille um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2024* ..... 19
*Cásanna Tosaithe* ..... 19
*Alt 2(1) Athbhreithniú* ..... 19
*Miondealú Luachála* ..... 20
*Alt 3 Athbhreithniú* ..... 21
*Alt 3(3)* ..... 22
*Miondealú Geografach* ..... 22
*Réadmhaoin* ..... 22
*Feithiclí* ..... 22
*Só-earraí…* ..... 23
*Alt 4(1) agus Alt 4A* ..... 23
*Cás 1.* ..... 24
*Cás 2.* ..... 24
*Alt 6* ..... 24
*Alt 7* ..... 25
*Ráiteas Glacadóireachta* ..... 26

A Ceathair: Bainistíocht Sócmhainní laistigh den Bhiúró
*An Oifig um Bainistíocht Sócmhainní* ..... 27
Eastát Réadach arna bhainistiú ag an mBiúró ..... 27
*Diúscairt Sócmhainní AMO* ..... 28
*Ceant Ar Líne* ..... 28
*Díol Réadmhaoine* ..... 29
*Cás 1.* ..... 29
*Cás 2.* ..... 29
*Cás 3.* ..... 30
*Cás 4.* ..... 31
*Cás 5.* ..... 32
*Cás 6.* ..... 33
*Cás 7.* ..... 33
*Díol Réadmhaoine Críochnaithe, de réir an tsuímh, in 2024* ..... 34

A Cúig: Gníomh ioncaim déanta ag an mBiúró
*Forléargas* ... *35*
*Feidhmeanna Cánach* ... *35*
*Measúnuithe Cánach* ... *35*
*Achomhairc chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach* ... *35*
*Bailiúcháin* ... *36*
*Aisghabhálacha* ... *36*
*Éilimh* ... *36*
*Glantaí* ... *36*
*Imscrúduithe* ... *37*
*Feidhmeanna Custam & Mál* ... *38*
*Pointí Iontrála/Imeachta sa Stát* ... *38*
*Trádáil Mótarfheithiclí* ... *38*
*Dleacht Mháil* ... *39*
*Tacaíocht Oibriúcháin* ... *39*
*Coimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí (HMRC)* ... *39*
*Táblaí Ioncaim* ... *40*
*Táblaí Custam* ... *42*

A Sé: Gníomhartha Leasa Shóisialaigh an Bhiúró
*Forléargas* ... *43*
*Aisghabhálacha* ... *43*
*Ró-íocaíochtaí* ... *43*
*Coigilteas* ... *43*
*Alt 5(1)(c) & 5(1)(d) d'Acht CAB, 1996* ... *44*
*Cás 1* ... *44*
*Cás 2* ... *44*
*Cás 3* ... *44*

A Seacht: Imscrúduithe Tábhachtacha déanta ag an mBiúró
*Réamhrá* ... *45*
*Imscrúduithe 2024* ... *45*
*Cás 1* ... *45*
*Cás 2* ... *45*
*Cás 3* ... *45*
*Cás 4* ... *46*
*Cás 5* ... *46*
*Cás 6* ... *46*
*Cás 7* ... *46*

A hOcht: Breithiúnais Chúirte Shuntasacha i rith 2024
*CAB v Mary Cash (Nee Kiely)* ... *47*
*CAB v Stefan Saunders & Tammy Saunders* ... *49*
*J.S.S. & Ors v Coimisinéir um Achomharc Cánach & CAB (NP)* ... *56*

Ábhar


A Naoi: Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
*An Pheirspictíocht Idirnáisiúnta* ........ 61
*An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO)* ........ 61
*Oibríochtaí Idirnáisiúnta* ........ 61
*Europol* ........ 61
*Interpol* ........ 62
*CARIN* ........ 62
*Buanchoiste um Chomhrac an Sciúrtha Airgid (AMLSC)* ........ 63
*Caidreamh le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí Seachtracha* ........ 63
*Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann (JATF)* ........ 63
*Cuairteanna ar an mBiúró* ........ 64
*Cruinnithe Ardleibhéil* ........ 67
*Agallaimh leis na Meáin* ........ 68
*Cláir Raidió agus Theilifíse* ........ 68
*Podchraoltaí*……. ........ 69
*Gníomhaíochtaí ar na Meáin Shóisialta* ........ 69

A Deich: *Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta* ........ 71

A hAon Déag: *Conclúidí* ........ 73

Aguisín A: *Cuspóirí agus Feidhmeanna an Bhiúró* ........ 75

Aguisín B: *Ráiteas faoin Rialú Inmheánach* ........ 77

Aguisín C: *2024 Athbhreithniú ar an mBliain* ........ 81

# Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

A Aire, a chara,

De réir fhorálacha alt 21 d'Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla 2024 a chur ar fáil duit.

Bliain ghnóthach agus dhearfach don Bhiúró ba ea 2024 agus d'éirigh leis an mBiúró 16 as 17 sprioc soláthair feidhmíochta don bhliain a chomhlíonadh.

Tugaim faoi deara gur chuir an Biúró 46 oibríocht chuardaigh i gcrích ina cuimsíodh 227 cuardach aonair in 13 thír. Is fianaise é an líon ard oibríochtaí cuardaigh go leanúnach ar chomhoibriú den chéad scoth idir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus Rannáin uile an Gharda Síochána.

Táim airdeallach freisin ar an obair a dhéanann Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní chun spriocanna oiriúnacha a shainaithint go luath a bhféadfadh an Biúró gníomh a dhéanamh ina leith agus is eol dom gur oileadh 56 Próifíleoir Rannach um Shócmhainní breise nua in 2024. Tuigim gur feabhsaíodh an cúrsa oiliúna seo freisin agus gur cuireadh gné bhreise tinrimh san áireamh i Modúl Buaic-Chúrsa.

Tá iarrachtaí an Bhiúró díriú ar chomhoibriú láidir le Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní a oileadh go háitiúil agus tacú le foireann bainistíochta áitiúil an Gharda Síochána mar bhonn le Gréasán na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní a fheabhsú agus naisc dhearfacha a chothabháil le pobail áitiúla.

Lena chois sin, táim airdeallach ar an gcomhoibriú suntasach idir an Biúró agus na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Coimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí (HMRC) agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (NCA).

Go hidirnáisiúnta, tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh i mbun idirchaidrimh le agus i mbun imscrúduithe le húdaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain.

Tharraing an Biúró aird ar a chuid gníomhaíochtaí trína chainéal meán sóisialta agus freisin trí Oifig Preasa an Gharda Síochána agus léirigh sé ardleibhéal gairmiúlachta sa chomhthéacs seo.

Ar an iomlán, don bhliain 2024, dhiúltaigh agus cheil an Biúró suim €17.052 milliún ar choirpigh, airgead a bhí faighte acu go neamhdhleathach.

Lena chois sin, fáiltítear roimh chumhachtú Oifigeach Biúró Leasa Shóisialaigh trí Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024, agus tabharfaidh sé sin cumhacht bhreise don Bhiúró chun a sainchúram maidir le diúltú agus ceilt a chomhlíonadh.

Ar deireadh, is mian liom tagairt don 20 réadmhaoin forghéillte a dhíol an Biúró in 2024 – an líon is mó réadmhaoine a díoladh in aon bhliain ar leith.
Guím gach rath ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Litir i dteannta leis an tuarascáil ó Choimisinéir an Gharda Síochána don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Yours sincerely



**J A Harris**
**Commissioner**
**An Garda Síochána**

# Litir ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

A Choimisinéir, a chara,

Cúis áthais dom 29ú Tuarascáil Bhliantúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla do bhliain féilire 2024 a chur ar fáil duit. Tá an tuarascáil seo á cur ar fáil le tíolacadh don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, de bhua fhorálacha alt 21 d'Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996.

Agus a hoibleagáidí reachtúla á comhlíonadh, leagtar amach sa tuarascáil gníomhaíochtaí an Bhiúró i rith na bliana chun díriú ar fháltais ó choireacht.

Bliain dhearfach don Bhiúró ba ea 2024 tráth ar éirigh leis 16 as 17 sprioc soláthair feidhmíochta don bhliain a chomhlíonadh.

I rith na bliana, lean an Biúró ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt agus ar uasoiliúint Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní.

I mí Aibreáin 2024, chuir an Biúró cúrsaí oiliúna ar fáil do 56 Próifíleoir Rannach um Shócmhainní nua. Cuireadh gné bhreise den chlár oiliúna le curaclam an chúrsa in 2024 a chiallaigh go raibh ar gach duine a bhí ag freastal ar an gcúrsa (in 2023 agus 2024) próifíl CAB a chur ar fáil i ndáil le duine is ábhar spéise laistigh dá Rannán chun cáiliú chun iad a roghnú do Chéim II den chúrsa oiliúna.

Chuir an Biúró cúrsa lae ar fáil d'iarrthóirí incháilithe a chuir Próifíl Rannach um Shócmhainní ar fáil chun riachtanais an chúrsa a chomhlíonadh. Thug 42 pearsanra faoin Oiliúint Bhuaic-Chúrsa i mí na Nollag 2024.

Tá an Biúró airdeallach ar an obair a dhéanann Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní, oilte go háitiúil, chun spriocanna oiriúnacha a shainaithint go luath a bhféadfadh an Biúró gníomh a dhéanamh ina leith agus déantar iarracht an cúrsa seo a fheabhsú agus a chur chun cinn bliain i ndiaidh bliana.

I rith 2024, tugadh 21 iarratas nua os comhair na hArd-Chúirte faoi reachtaíocht a bhain le Fáltais ó Choireacht.

Arís eile, bhain formhór na ngníomhartha sin le fáltais na gáinneála ar dhrugaí. I measc na gcineálacha coiriúlachta coitianta eile tá buirgléireacht agus sciúradh airgid. Breithneoidh an Biúró imscrúdú ar aon iompar coiriúil a bhaineann le rachmas a fháil.

In 2024, bhí luach na sócmhainní faoi fháltais nua cásanna coiriúla ar chuir an Biúró tús leo cothrom le luach idir €10,020 agus €10,180,593.

Chruthaigh gníomhaíochtaí fáltais ó choireacht, i dteannta le gníomhaíochtaí faoi fhorálacha na gCoimisinéirí Ioncaim agus Coimirce Sóisialaí, breis is €17.052 milliún don Státchiste in 2024.

| **Airgead Iomlán curtha ar ais sa Státchiste ag CAB in 2024** | |
|---|---|
| Fáltais ó Choireacht | €3.117m |
| Coimisinéirí Ioncaim | €13.369m |
| Coimirce Shóisialach | €0.566m |
| **Iomlán** | €17.052m |

Ainneoin go bhfáiltítear roimh an méid atá á chur ar ais chuig an Státchiste agus go bhfuil a leithéid féinmhínitheach, ní hionann é agus léargas iomlán ar an tionchar socheacnamaíoch níos ginearálta atá ag gníomhartha an Bhiúró laistigh den phobal trí chéile. Is féidir an mhéadracht neamh-intomhaiste a shainaithint mar seo a leanas freisin:

1. Cur isteach ar eintitis choiriúla
2. Cosc a chur ar ghníomhaíochtaí sciúrtha airgid
3. Rannpháirtíocht dhearfach leis an bpobal trí chéile

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na baill den phobal a d'oibrigh leis an mBiúró trí thuarascálacha maidir le saoránaigh mhaithe. Ainneoin go gcuireann siad a gcuid faisnéise ar fáil ar bhonn anaithnid agus go rúnda, tá ardmheas ar an gcúnamh a thugann siad don Bhiúró agus ar an tslí a n-oibríonn siad leis an mBiúró. Tacaíonn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil leis an mBiúró chun a shainchúram a chur i gcrích agus ar an tslí sin, tacaítear lena bpobail.

Comhordaíonn an Biúró a ghníomhaíochtaí ar bhealach a thugann aird ar Phlean Póilíneachta an Gharda Síochána agus straitéisí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, na Roinne Coimirce Sóisialaí agus na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Tá gné idirnáisiúnta ag baint le go leor d'imscrúduithe an Bhiúró agus san áireamh iontu bíonn comhoibriú le gníomhaireachta forfheidhmithe dlí i ndlínsí eile.

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh lena chaidreamh le Interpol, Europol agus Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) a fhorbairt agus tá sé ag leanúint ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ar ardán na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní (ARO).

I gcónaí, faigheann an Biúró tacaíocht den chéad scoth ó reachtóirí, baill den phobal agus na meáin. Tá foireann an Bhiúró ag leanúint ar aghaidh le láithreacht shuntasach ar na meáin shóisialta a fhorbairt trí Facebook, X agus Instagram rud is cúis le haird a tharraingt ar ghníomhaíocht an Bhiúró agus faisnéis thábhachtach a fháil ó bhaill den phobal. Is mian liom féin go pearsanta aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí atá déanta ag foireann an Bhiúró a cuid oibre a chur chun cinn trí na meáin agus oibriú leis na meáin phríomhshrutha sa chomhthéacs sin.

Lena chois sin, tá ardmheas ar an tacaíocht agus ar an gcomhoibriú leis an mBiúró ó An Garda Síochána, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Coimisiún um Achomhairc Chánach, an tSeirbhís Cúirteanna, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, Oifig an Ard-Aighne agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, i rith na bliana.

Ar an gcuma chéanna, is mian liom aitheantas a thabhairt do shaineolas agus do thiomantas na n-aturnaetha agus na foirne ón Rannóg Sócmhainní Coiriúla (CAS) atá leithdháilte ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) chun díriú ar obair an Bhiúró. Ní féidir an luach a bhaineann le comhairle agus le tacaíocht dlí neamhspleách chomhshuite a mholadh a dhóthain chomh fada is a bhaineann leis an rath atá ar an mBiúró.

Bhain an Biúró neart tairbhe as an méadú ar acmhainní CAS. Is fianaise ar an méid sin é an 20 réadmhaoin a dhíol an Biúró, an méid is mó in aon bhliain amháin, agus freisin an méadú ar orduithe alt 4 a fháil. Lena chois sin, is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór a rinne comhairlí dlí atá ag obair do CSSO thar ceann an Bhiúró.

I rith na bliana, tugadh go leor athruithe pearsanra faoi deara laistigh den Bhiúró de bhrí gur fhág roinnt pearsanra mar thoradh ar ardú céime, aistriú agus scor. Ní féidir a leithéid sin a sheachaint mar gheall ar struchtúr an Bhiúró agus dá bharr sin, leagadh béim ar córas láidir le neart acmhainní a choimeád ar bun d'oiliúint foirne, córas a bunaíodh le blianta beaga anuas. Ciallaíonn an cineál oibre a bhíonn le déanamh, in go leor cásanna, nach féidir aitheantas a thabhairt dó go poiblí mar gheall ar an ngá atá le hanaithnideacht agus mar gheall ar riachtanais slándála.

Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil 2022 agus 2023 CAB, bunaíodh meitheal chun déileáil le riachtanais chóiríochta reatha agus thodhchaíocha an Bhiúró. Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh i mbun idirchaidrimh leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, ONP agus páirtithe leasmhara ábhartha chun dlús a chur le cóiríocht oiriúnach agus a leithéid a fháil a thacóidh go sásúil le sainchúram an Bhiúró agus le forbairt bheartaithe amach anseo.
Fáiltíonn an Biúró roimh fhorálacha nua Bhille um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2024, a bheidh mar bhonn le feabhas suntasach a chur ar an mbealach ina gcuireann an Biúró a shainchúram reachtúil i gcrích.

Chomh maith leis sin, fáiltíonn an Biúró roimh Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024, nua a thugann cumhacht d'Oifigigh Bhiúró Leasa Shóisialaigh chun fógra astaithe a eisiúint gan ceanglas a bheith ann fanacht ar feadh tréimhse shonraithe. Tá cumhachtaí cosúla ag Oifigigh Bhiúró Leasa Shóisialaigh anois is atá ag a gcomhghleacaithe Ioncaim laistigh den Bhiúró chomh fada is a bhaineann le hastuithe. Méadóidh an chumhacht nua clúdach an Bhiúró agus tacóidh sí tuilleadh le sainchúram an Bhiúró chun fáltais ó choireacht a dhiúltú agus a cheilt ar choirpigh.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus don obair mhór a dhéanann an pearsanra ar fad a bhfuil baint acu leis an mBiúró. Is mian liom fáilte a chur roimh an bpearsanra nua a thosaigh ag obair sa Bhiúró le bliain anuas freisin agus gach rath a ghuí orthu amach anseo.

Ar deireadh, is mian liom an deis seo a thapú chun gach rath a ghuí ort ó tharla go mbeidh tú ag éirí as do chuid oibre le An Garda Síochána agus an tacaíocht a thug tú don Bhiúró fad is a bhí tú ag obair mar Choimisinéir a admháil.

Le dea-mhéin,



**MICHAEL GUBBINS**
**PRÍOMHOIFIGEACH AN BHIÚRÓ**

# Réamhrá

## Tuarascáil Alt 21

Is í seo an 29ú Tuarascáil Bhliantúil faoi ghníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (dá ngairtear "an Biúró" anseo ina dhiaidh seo) agus clúdaítear an tréimhse idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2024, an dá dháta sin san áireamh.

Tá an tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, agus an tAcht um Fháltais ó Choireacht, 1996, leasaithe ach ar an mbealach is suntasaí tríd an tAcht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2005.

Chun críche na tuarascála seo, gairfear "an tAcht CAB" ar Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005, anseo ina dhiaidh seo, agus gairfear "an tAcht PoC" ar an Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996. Foráiltear in Acht CAB comhtheideal na leasuithe lena rialaítear cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhiúró.

Ullmhaítear an tuarascáil seo de bhua alt 21 d'Acht CAB a cheanglaíonn ar an mBiúró tuarascáil a thíolacadh, trí Choimisinéir an Gharda Síochána, don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, ina ndéantar cur síos ar na gníomhaíochtaí don bhliain 2024.

Réamhrá

*Tá an leathanach seo bán d'aon turas*

# Cuid a hAon

## *Forléargas ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus Baill Foirne*

### An Biúró

Ar an 15 Deireadh Fómhair 1996, bunaíodh an Biúró go foirmiúil le hachtú Acht CAB. Forálann Acht CAB le haghaidh (i measc nithe eile):

- cuspóirí an Bhiúró;
- feidhmeanna an Bhiúró;
- Príomhoifigeach an Bhiúró;
- Oifigigh an Bhiúró;
- baill foirne an Bhiúró;
- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- anaithnideacht fhoireann an Bhiúró;
- cionta agus pionóis i ndáil le baill foirne an Bhiúró agus a dteaghlach a shainaithint;
- cionta agus pionóis a bhaineann le bac agus le himeaglú;
- barántais chuardaigh CAB;
- Orduithe ar aird CAB.

### Ár Misean, Fís agus Luachanna

Dréachtaíodh Ráiteas Straitéise 2024-2027 an Bhiúró in 2024. Díríodh an athuair ar ár Misean, Fís agus Luachanna i rith an phróisis seo agus tá siad mínithe sa ghrafaic eolais thíos.




#### Rialachas

Ciallaíonn struchtúr idirghníomh-aireachta agus ildisciplíneach an Bhiúró, i dteannta lena rialachas ilchodach agus cosáin chuntasachta, nach bhfuil an Biúró ag teacht leis an sainmhíniú traidisiúnta ar Chomhlacht Stáit de réir bhrí an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Cuireann an Biúró an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú i bhfeidhm, áfach, ar bhealach atá oiriúnaithe dá struchtúr.

De bhrí nach bhfuil aon Bhord ag an mBiúró, tugann Príomhoifigeach an Bhiúró agus an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach faoi ról Boird, le cois a fheidhmeanna feidhmiúcháin a chomhlíonadh.

Leagann an Biúró a chuspóirí agus a ghealltanais don bhliain amach ina Phlean Gnó Bliantúil 2024. Tugadh aird ar Ráiteas Straitéise 2024-2027 sa phlean seo.

Tá Comhaontú Maoirseachta idir an Biúró agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (dá ngairtear "an Roinn" anseo ina dhiaidh seo) sínithe ina gclúdaítear an tréimhse idir 2023 – 2025. Sa Chomhaontú seo leagtar amach an creat rialachais agus cuntasachta ginearálta a bhfuil an Biúró ag feidhmiú laistigh de agus sainmhínítear príomhróil agus príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn leis an gcaidreamh idir an Biúró agus an Roinn. Tá Comhaontú Maoirseachta an Bhiúró le fáil ag www.gov.ie.

Tá Comhaontú Soláthair Feidhmíochta ar leithligh ach gaolmhar sínithe don bhliain 2024 freisin agus le fáil ag www.gov.ie.

Tacaíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne leis an mBiúró chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht shocruithe an Bhiúró do rialachas, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha.

Déanann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí iniúchadh neamhspleách ar nósanna imeachta agus ar phróisis an Bhiúró ar bhonn bliantúil.

Reáchtáil an Biúró 11 Cruinniú den Fhoireann Bainistíochta Shinsearach, 4 Chruinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca, agus 2 Chruinniú den Choiste Rialachais i rith 2024.

## Cothromaíocht Inscne

Ag an 31 Nollaig 2024, bhí ocht mball páirteach in SMT - 25% mná agus 75% fir.

I láthair na huaire, dá réir sin, ní chomhlíonann SMT sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne i mballraíocht Bord Stáit.

Mar atá thuasluaite, níl aon Bhord ag an mBiúró. Tugann Príomhoifigeach an Bhiúró mar aon leis an bhFoireann Bainistíochta Shinsearach faoi ról Boird. Líontar na folúntais shinsearacha trí agallaimh iomaíocha leis na máthairghníomhaireachtaí.

## Saincheisteanna Comhshaoil, Aeráide agus Fuinnimh

Mar atá leagtha amach i gceanglais Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí 2017, cheap Príomhoifigeach an Bhiúró an Bleachtaire Ceannfoirt, Seamus Dalton, mar Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh an Bhiúró.

Leanfaidh an Biúró ar aghaidh le páirt a ghlacadh in, le dlús a chur le, le haird a tharraingt air agus le tuairisciú ar gach tionscnamh a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil agus fuinnimh faoi dheireadh na bliana de réir I.R. 426 de 2014 (Rialachán an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh)).

I rith 2024, chuir an Biúró roinnt tionscnamh éifeachtúlachta fuinnimh i gcrích lena n-áirítear:

- Flít CAB d'fheithiclí níos sine a dhídhílsiú agus múnlaí níos nua-aimseartha, níos breosla-éifeachtúla a chur ina n-áit
- Leanadh ar aghaidh le "Priontáil Lean Mé" a bheith in úsáid ag an bhfoireann ar fad trí rochtain svaidhpe
- Tá boscaí bruscair athchúrsála curtha ar fáil anois agus tá aird tarraingthe ar úsáid a bhaint astu laistigh den Bhiúró
- Cianobair Chuir an Biúró a Bheartas Oibre Cumaisc i bhfeidhm in 2023 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh le hOifigigh agus le baill foirne an Bhiúró a spreagadh chun tairbhe a bhaint as deiseanna cianoibre

- I mí na Nollag 2024 cheap Príomhoifigeach an Bhiúró ball den fhoireann shinsearach chun "Foireann Ghlas" a bhunú agus chun Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a dhréachtú, de réir ár n-oibleagáidí Rialtais. Tosófar ag obair ar an tionscadal seo in 2025

## Éagsúlacht & Cuimsiú

Tá an Biúró tiomanta d'áit oibre éagsúil, cuimsitheach agus cothrom a chothú ina bhfuil meas ar gach fostaí agus ina bhfuil deis acu barr a gcumais a bhaint amach. Creidimid go bhfuil ról lárnach ag foireann oibre éagsúil chun dlús a chur le nuálaíocht agus gur comhpháirt riachtanach dár rath atá ann. Tuigeann an Biúró gur aistear atá ann agus tá sé tiomanta d'fheabhas agus d'fhoghlaim leanúnach.

I rith 2024, thug Oifigigh an Bhiúró agus na baill foirne faoi chúrsa oiliúna éigeantach maidir le Feasacht Chultúrtha.

## Cearta an Duine

Bunaítear le hAlt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí chun aird a thabhairt ar an ngá atá ann idirdhealú a dhíothú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine ball foirne agus daoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

Tá an Biúró tiomanta do léargas a thabhairt ar na luachanna sin fad is atá a mhisean á chomhlíonadh aige agus do na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i ngach idirghníomhaíocht le daoine aonair, eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara araon.

In 2024 ceapadh ball den Fhoireann Bainistíochta Shinsearach chun maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnú agus ar sheachadadh Plean Gníomhaíochta de réir Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Déanfaidh agus foilseoidh an Biúró measúnú ar shaincheisteanna a bhaineann le Cearta an Duine agus comhionannas atá ábhartha dá fheidhmeanna in 2025.

## Airgeadas

I rith na bliana, chaith an Biúró airgead a chuir an tOireachtas ar fáil dó chun a chuspóirí reachtúla a chomhlíonadh. Tá an t-airgead ar fad a chuireann an tOireachtas ar fáil, léirithe sa tábla seo a leanas, á iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar a fhoráiltear faoin Reacht.

Comparáid idir Buiséad agus Caiteachas do na blianta 2023 / 2024

| | | Méid € | |
|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Cur Síos** | **Buiséad Soláthar** | **Iomlán Caite** |
| 2023 | Pá | 9.522 | 8.857 |
| | Neamhphá | 1.701 | 1.927 |
| | **Iomlán** | 11.223 | 10.784 |
| | | | |
| 2024* | Pá | 10.231 | 9.948 |
| | Neamhphá | 1.701 | 2.313 |
| | **Iomlán** | 11.932 | 12.261 |

** Ag Feitheamh ar Iniúchadh – Faoi Réir Athraithe*

## Cuspóirí agus Feidhmeanna

Tá cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró faoi seach leagtha amach in alt 4 agus in alt 5 d'Acht CAB. Tá na cuspóirí agus na feidhmeanna reachtúla sin leagtha amach ina n-iomláine in Aguisín A agus is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

1. Fáltais ó iompar coiriúil a shainaithint agus a imscrúdú;
2. Gníomh cuí a dhéanamh faoin dlí chun tairbhí sócmhainní arb ionann iad agus fáltais ó iompar coiriúil a dhiúltú agus a cheilt ar dhaoine trí na sócmhainní sin a reo, a chaomhnú agus a choigistiú.
3. Gach gníomh riachtanach a dhéanamh faoin Achtanna na gCoimisinéirí Ioncaim chun a chinntiú go bhfuil fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil faoi réir cánach;
4. Éilimh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a imscrúdú agus a chinneadh.

## Príomhoifigeach an Bhiúró

I gceannas ar an mBiúró tá Príomhoifigeach an Bhiúró, a cheap Coimisinéir an Gharda Síochána as measc na mball a bhí ag feidhmiú ag grád Ard-Cheannfoirt. Is é Michael Gubbins Príomhoifigeach an Bhiúró faoi láthair agus ba ar an 5 Bealtaine 2020 a ceapadh é.

Tá freagracht fhoriomlán ar Phríomhoifigeach an Bhiúró, faoi alt 7 d'Acht CAB, as bainistíocht, rialú agus riarachán ginearálta an Bhiúró. Tá Príomhoifigeach an Bhiúró freagrach do Choimisinéir an Gharda Síochána as feidhmiú fheidhmeanna an Bhiúró.

Chomh maith leis sin, tá Príomhoifigeach an Bhiúró cuntasach d'Ard-Rúnaí na Roinne i ndáil le nithe a thagann chun cinn don Ard-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta don Bhiúró. Forálann an rannóg seo do Phríomhoifigeach Cúnta an Bhiúró a cheapadh freisin chun feidhmeanna Phríomhoifigeach an Bhiúró a chomhlíonadh i gcás éagumais trí thinneas, neamhláithreacht nó ar shlí eile.



Príomhoifigeach an Bhiúró Michael Gubbins

## Oifigeach Dlí an Bhiúró

Tuairiscíonn Oifigeach Dlí an Bhiúró go díreach do Phríomhoifigeach an Bhiúró agus ceaptar é nó í faoi alt 9 d'Acht CAB chun cabhrú leis an mBiúró chun a chuid cuspóirí agus feidhmeanna a chomhlíonadh. Is é Kevin McMeel Príomhoifigeach Dlí an Bhiúró faoi láthair agus ba ar an 19 Iúil 2019 a ceapadh é.



Oifigeach Dlí an Bhiúró Kevin McMeel

## Comhlacht Corparáideach

Tá an Biúró ag feidhmiú mar chomhlacht corparáideach neamhspleách mar a fhoráiltear faoi alt 3 d'Acht CAB. Breithníodh stádas an Bhiúró den chéad uair in 1999 san Ard-Chúirt in gcás *Murphy -v- Flood* [1999] IEHC 9.

Thug Breitheamh Onórach McCracken breithiúnas na hArd-Chúirte ar an 1 Iúil 1999. Tá ról lárnach ag an mbreithiúnas seo chomh fada is a bhaineann leis an mBiúró a thuiscint.

Leag an chúirt an méid seo a leanas amach:

*"Tá CAB bunaithe mar chomhlacht corparáideach le comharbas suthain. Ainneoin nach mór Príomhoifigeach an Bhiúró a cheapadh as measc bhaill an Gharda Síochána atá ag feidhmiú ag grád Ard-Cheannfoirt, tá CAB ag feidhmiú neamhspleách ar An Garda Síochána, ainneoin go bhfuil go leor cumhachtaí aige agus a bhíonn ag an gcomhlacht sin de ghnáth.*

*...*

*Is comhlacht Reachta é CAB, ní brainse de An Garda Síochána. Ba é an tOireachtas a bhunaigh CAB mar chomhlacht corparáideach go príomha chun a chinntiú nár cheart do dhaoine tairbhe a bhaint as aon sócmhainn a fhaigheann sé nó sí ó aon ghníomhaíocht choiriúil.*

*Tugtar cumhacht dó chun gach gníomh is gá a dhéanamh i ndáil le sócmhainní a eascraíonn as gníomhaíocht choiriúil a urghabháil agus a choimeád, cumhachtaí áirithe chun a chinntiú go bhfuil fáltais a leithéid sin de ghníomhaíocht faoi réir cánach, agus freisin i ndáil leis na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.*

*Ní comhlacht ionchúisimh agus ní údarás póilíneachta atá ann, áfach. Is údarás imscrúdaithe atá ann, agus i ndiaidh dó imscrúdú a dhéanamh agus úsáid a bhaint as a chumhachtaí imscrúdaithe suntasacha, ansin cuireann sé iarratas faoi bhráid na Cúirte chun cúnamh a fháil chun a fheidhmeanna a fhorfheidhmiú.*

*Is léir gur chreid an tOireachtas, trí CAB a bhunú, go raibh sé riachtanach ar mhaithe le leas an phobail comhlacht a bhunú a bhí ag feidhmiú neamhspleách ar An Garda Síochána, agus a bheadh ag gníomhú ar bhealach imscrúdaitheach.*

*Ní hionann é agus An Garda Síochána dar liom, a dhéanann imscrúdú agus é mar aidhm aige daoine a ionchúiseamh as cionta. Déanann CAB imscrúdú chun críche sócmhainní a fháil a fuarthas mar thoradh ar ghníomhaíochtaí coiriúla agus go deimhin as na sócmhainní sin a íoc [leis] an Stát."*

## Struchtúr an Bhiúró

Buntáiste a bhaineann le struchtúr ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach an Bhiúró, a thugann le chéile tacair scileanna éagsúla ó na pearsanra ábhartha, go bhfeabhsaíonn sé cumas imscrúdaitheach a bhaineann le sainchúram reachtúil an Bhiúró. Tá cur síos déanta ar fheidhmeanna an Bhiúró, ag feidhmiú trí Oifigigh an Bhiúró, faoi alt 5 d'Acht CAB.

## Oifigigh agus Baill Foirne an Bhiúró

Forálann Alt 8 d'Acht CAB d'oifigigh an Bhiúró a cheapadh. Ceaptar baill foirne an Bhiúró faoi Alt 9 d'Acht CAB.

I measc Oifigigh an Bhiúró bíonn:

A. Baill de An Garda Síochána;
B. Oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim;
C. Oifigigh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Oifigigh atá ar shaoire speisialta óna máthairghníomhaireachtaí. Leanadh ar aghaidh le hOifigigh an Bhiúró a dhílsiú le cumhachtaí agus le dualgais oifige d'ainneoin iad a bheith ceaptha mar Oifigigh an Bhiúró.

I measc Bhaill Foirne an Bhiúró tá:

- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- Baill ghairmiúla agus theicniúla;
- Baill riaracháin.

Tá leibhéal foirne údaraithe an Bhiúró, ina gcuimsítear Oifigigh an Bhiúró agus baill foirne eile, cothrom le 101.

I ndiaidh aistrithe, arduithe céime agus scor a chur san áireamh i rith 2024, bhí 10 bhfolúntas foirne sa Bhiúró ar an 31 Nollaig 2024.

I measc na bhfolúntas sin bhí:

- 2 x Bleachtaire Garda
- 2 x Ball Foirne Riaracháin
- 1 x OF TFC
- 2 x AOF RCS
- 3 x AOF Ioncaim

## Leibhéil Foirne Údaraithe

Leibhéil údaraithe idirghníomhaireachta & ildisciplíneacha

| | |
|---|---|
| | 53 |
| | 8 |
| | 23 |
| Revenue Cáin agus Custaim na hÉireann Irish Tax and Customs | 17 |

Tá an Biúró ag obair leis na comhlachtaí ábhartha agus táthar ag súil go mbeidh na folúntais sin líonta faoi Ráithe 2, 2025.

## Anaithnideacht

Forálann Alt 10 d'Acht CAB cosaint áirithe i bhfoirm anaithnideachta d'Oifigigh an Bhiúró nach baill den Gharda Síochána iad agus baill d'fhoireann an Bhiúró.

Faoin alt seo, cuireann oifigigh agus baill foirne an Bhiúró a gcuid dualgas i gcrích in ainm an Bhiúró.

Forálann Alt 11 d'Acht CAB do chionta coiriúla a bhaineann le hOifigigh an Bhiúró, baill foirne agus a dteaghlach a shainaithint.

Ní bhaineann an cosc ar shainaithint le Príomhoifigeach an Bhiúró, Príomhoifigeach Gníomhach an Bhiúró, Oifigeach Dlí an Bhiúró nó Oifigigh an Bhiúró ar baill de An Garda Síochána iad.

## Oifig Faisnéise & Measúnaithe

Feidhm thábhachtach de chuid an Bhiúró í an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe (IAO) agus tá Oifigigh an Bhiúró ag obair inti agus tá gach gníomhaireacht laistigh den Bhiúró san áireamh. Is é sainchúram na hOifige déileáil le gach atreorú a thagann isteach.

Faigheann an Biúró comhfhreagras ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear Tuarascálacha maidir le Saoránaigh Mhaithe, Próifílí Rannacha um Shócmhainní, faisnéis ó ghníomhaireachtaí Stáit agus Leathstáit, agus earnálacha na n-eagraíochtaí príobháideacha agus neamhrialtasacha.

Tarlaíonn measúnú ar gach aighneacht a chuirtear faoi bhráid an Bhiúró in IAO. Cuimsítear ansin tuarascálacha cúlra a ullmhú chun bonn eolais a chur ar fáil do phróiseas cinnteoireachta an Ghrúpa Iontrálacha maidir le cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an duine aonair / an chuideachta na critéir atá le sannadh mar sprioc CAB.

Déanann an Grúpa Iontrálacha, a bhfuil foireann bainistíochta gach gníomhaireachta freagrach as, cinntí chun glacadh le nó chun diúltú don duine aonair / don chuideachta mar sprioc CAB. Má ghlactar leo mar spriocanna, sannfar chuig seomra foirne iad chun imscrúdú ilghníomhaireachta a dhéanamh.

Soláthraíonn IAO tacaíocht faisnéise agus oibriúcháin leanúnach d'fhoirne imscrúdaithe an Bhiúró trí aon saincheist ábhartha a shainaithint laistigh den raon leathan reachtaíochta faoina bhfeidhmíonn an Biúró. Ó bunaíodh IAO, tugadh méadú suntasach ar spriocanna faoi deara, ó 500 in 2016 go dtí breis is 1,295 in 2024.

Oibríonn an Biúró, trí IAO, lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta lena n-áirítear Europol, Interpol, Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN), Oifig Drugaí agus Coireachta na Náisiún Aontaithe (UNODC) agus an Gréasán um Aisghabháil Sócmhainní (ARO).

Fuarthas 106 iarraidh tríd an nGréasáin um Aisghabháil Sócmhainní in 2024 ó 17 thír dhifriúla agus seoladh 33 iarraidh. Déanann an Biúró, trí IAO, fiosrúcháin ag leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le hoibríochtaí leantacha.

## Tuarascálacha maidir le Saoránaigh Mhaithe

Faigheann an Biúró faisnéis ó bhaill den phobal ar bhealaí difriúla, i.e.,

ríomhphost, i scríbhinn nó trí ghlao gutháin, cibé acu ó údar / glaoiteoir aitheanta nó trí Thuarascáil maidir le Saoránach Maith.

Tá spéis ag an mBiúró in aon fhaisnéis a bhaineann le rachmas neamh-mhínithe a bhfuil amhras ann a d'fhéadfadh a bheith nasctha, go díreach nó go hindíreach, le coiriúlacht nó le duine atá ag maireachtáil ar bhealach atá ar neamhréir lena (h)acmhainní nó atá ag baint tairbhe ábhartha as fáltais ó choireacht. Déileáiltear leis an bhfaisnéis a chuireann an pobal ar fáil faoi rún daingean.

Déanann IAO meastóireacht ar an bhfaisnéis sin chun a fháil amach an mbaineann an fhaisnéis sin le sainchúram an Bhiúró. Is féidir faisnéis a chur ar fáil don Bhiúró trí roinnt ardán difriúil atá liostaithe thíos:

- Tríd an teileafón ag an uimhir 00 353 1 6663266
- Trí ríomhphost a sheoladh chuig info@cab.ie
- Tríd an bpost (An Biúró um Shócmhainní Coiriúla, Teach Walter Scott, An Bóthar Míleata, Baile Átha Cliath 8, D08 HE2P)
- Facebook: @CriminalAssetsBureau
- X: @criminalassets
- Instagram: @criminalassetsbureau

I rith 2024, ghlac an Biúró le 408 Tuarascáil maidir le Saoránaigh Mhaithe i gcomparáid le 259 in 2023.

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Soláthraíonn an Rannóg um Shócmhainní Coiriúla (dá ngairtear "CAS" anseo ina dhiaidh seo) d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, seirbhís dlí thiomanta don Bhiúró agus tá sí comhlonnaithe go huathúil lena chliaint.

Soláthraíonn seirbhísí dlí CAS maidir le gach gné d'obair an Bhiúró lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Iarratais de bhua Acht PoC arna leasú agus achomhairc ghaolmhara
- Ionadaíocht dhlíthiúil i ndáil le nithe cánach agus leasa shóisialaigh uile an Bhiúró os comhair a gcomhlachtaí achomhairc faoi seach agus sa Chúirt Chuarda agus sna hUaschúirteanna
- Idirbhearta tíolactha agus réadmhaoine tráchtála
- Cásanna dlí shibhialta eile lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach agus nithe Iomlánacha

Freagrach as an rannóg seo tá Leas-Phríomhaturnae Stáit Cúnta agus foireann CAS agus páirteach san fhoireann sin tá foireann dlí agus riaracháin atá ag obair le chéile chun tacú le ceanglais seirbhíse dlí an Bhiúró.

Lógó CSSO

Tá líon foirne údaraithe de 18 ag CAS ina gcuimsítear 1 Leas-Phríomhaturnae Stáit Cúnta, 10 nAturnae Stáit (beirt ag Ardghrád Aturnae Stáit), 1 Ardfheidhmeannach Dlí, 1 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 5 Oifigeach Cléireachais.

Ag deireadh 2024, i ndiaidh aistrithe agus arduithe céime, bhí 16 bhall foirne ar fad ag obair laistigh de CSSO. Meastar go líonfar na folúntais ar fad in 2025.

Tá CAB buíoch as an líon foirne breise atá curtha ar fáil ag an rannóg do CSSO, fianaise ar thús áite a bheith á thabhairt againn beirt don réimse oibre seo.

## Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní

Tá cúrsaí oiliúna do Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní á n-eagrú agus á reáchtáil ag an IAO de réir phlean straitéiseach an Bhiúró. Tacaíonn agus idirghníomhaíonn IAO le Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní atá oilte go háitiúil chun próifílí a fháil maidir le daoine a bhfuil measúnú le déanamh orthu.

In 2024, lean an Biúró ar aghaidh lena chlár rannpháirtíochta le Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní. I mí Aibreáin 2024, reáchtáil an Biúró cúrsa oiliúna lae i ndáil le Próifíliú Rannach um Shócmhainní do 54 Garda agus do 2 Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, chun a ghealltanas maidir leis an gComhaontú Soláthair Feidhmíochta a chomhlíonadh.

In 2024, mar ghné bhreise den chlár oiliúna, ceanglaíodh ar gach duine a bhí i láthair próifíl a chur ar fáil i ndáil le duine is ábhar spéise laistigh dá Rannán chun a bheith incháilithe le roghnú do chéim a dó den chúrsa oiliúna.

I mí na Nollag 2024, reáchtáladh ardchúrsa lae do Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní. Cuireadh an cúrsa seo ar fáil do Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní a d'fhreastail ar chúrsa lae in 2023 nó in 2024 agus a raibh Próifíl Rannach um Shócmhainní amháin ar a laghad curtha ar fáil acu chun riachtanais an chúrsa a chomhlíonadh.

D’fhreastail 40 Garda agus 2 Choimisinéir Ioncaim ar Chuid a Dó – Cúrsa Oiliúna Buaic-Chúrsa i mí na Nollag 2024.

Ag deireadh na bliana, bhí 657 Próifíleoir Rannach um Shócmhainní oilte, ina measc:

- 628 Garda
- 21 Oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bhfuil baint acu le dualgais Custam agus Máil;
- 8 nOifigeach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí

In 2024, fuarthas 81 próifíl sócmhainní ó Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní ar fud na hÉireann.

Ainneoin go bhfuil oiliúint curtha ag an mBiúró ar 657 Próifíleoir Rannach um Shócmhainní ó bunaíodh é, tá sé

beartaithe athbhreithniú a dhéanamh in 2025 chun meastóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar stádas an phearsanra oilte.

Leanadh ar aghaidh le teagmháil agus le dlúthchomhar leanúnach go réigiúnach agus go rannach i rith 2024.

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as dea-chleachtas sa réimse a bhaineann le forghéilleadh sibhialta neamh-chiontúbhunaithe sócmhainní coiriúla.

Lena chois sin, déanann an Biúró taighde ar dhea-chleachtas chun cúrsaí agus comhpháirtithe a shainaithint a chuireann le heolas agus a chabhraíonn le forbairt ghairmiúil leanúnach na mball foirne atá leithdháilte go díreach don Bhiúró agus iad siúd atá oilte mar Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní.
Is samplaí iad na cásanna seo a leanas d'imscrúduithe de chuid an Bhiúró a d'eascair as Próifíleoir Rannach um Shócmhainní:

*Cás 1:*
Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí duine aonair, ball de ghrúpa coireachta eagraithe, i ndiaidh próifíl a fháil ó Phróifíleoir Rannach um Shócmhainní atá suite i gceantar an Longfoirt.

Fuair an Biúró Orduithe Ard-Chúirte de bhua alt 2, alt 3 agus alt 7 d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- Mótarfheithicil Ford Focus
- Tailte i gCo. an Longfoirt
- Tailte agus foirgnimh i gCo. an Longfoirt
- Airgead Stg £635
- Sa bhreis ar €78,000 in institiúidí airgeadais

*Cás 2:*
Próifíleoir Rannach um Shócmhainní i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a d'atreoraigh an duine aonair seo chuig an mBiúró.

Tá an duine aonair nasctha le grúpa coireachta eagraithe agus creidtear go bhfuil baint aige nó aici le díol agus soláthar cannabais ar fud na tíre agus go bhfuil baint aige nó aici le tithe fáis.

Fuair an Biúró Orduithe Ard-Chúirte de bhua alt 2, alt 3, alt 7 agus alt 4A d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoin chónaithe i gCo. Liatroma.
- Talamh agus foirgnimh i gCo. Liatroma
- .4050 heicteár de thalamh i gCo. Liatroma


An Taobh Istigh de Réadmhaoin

## Oiliúint agus Forbairt

### Fáltais ó Imscrúdú Coireachta & Sócmhainní (POCAI)

Is uirlis chumhachtach í struchtúr ilghníomhaireachta an Bhiúró in áiseanna an Stáit dul i ngleic le grúpaí coireachta eagraithe agus gníomhaíocht choiriúil.

Mar chuid dá fheidhm reachtúil forordaithe, i láthair na huaire soláthraíonn an Biúró cúnamh agus oideachas náisiúnta agus idirnáisiúnta do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí / rialála eile agus do Chomhlachtaí Stáit lena n-áirítear Interpol, Europol, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (NCA), Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí na hAstráile, na hÍoslainne, Mháltacha agus na Saimbia.

Glactar anois le creidiúnú ábhair sa réimse seo mar ghné riachtanach chun seirbhís éifeachtach agus ghairmiúil a sholáthar, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Bhunaigh an Biúró, i dteannta le hOllscoil Luimnigh, cáilíochta acadúil aitheanta, Creidiúnú Leibhéal 9, i mí Feabhra 2020.

Is clár luathaithe é an Dioplóma Iarchéime i bhFáltais ó Choireacht & Imscrúdú ar Shócmhainní agus tá sé á chur ar fáil i bhfoirm cúig mhodúl foghlama.

Ag tacú le soláthar an chúrsa bhí saineolaithe ábhair laistigh den Bhiúró agus saineolaithe seachtracha i réimsí cosúil le nósanna imeachta fáltas ó choireacht, coireacht an bhóna bháin, breabaireacht agus éilliú, fianaise agus comhar idirnáisiúnta.

Cuireadh an ceathrú cúrsa i gcrích in Earrach 2024 agus ba mhaith linn tréaslú leis na céimithe ar fad ar éirigh go breá leo.

Is mian leis an mBiúró buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chuir leis an gcúrsa agus go háirithe le hUachtarán Gníomhach Ollscoil Luimnigh, an tOllamh Shane Kilcommins, Déan Feidhmiúcháin, an Dr Sandra Joyce, Ceann Scoil an Dlí, an tOllamh Lucy Ann Buckley, an tOllamh Ray Friel, Bean Uasal Angela Liddy, agus foireann Ollscoil Luimnigh as a gcuid tacaíochta agus comhairle.

### Fáltais ó Choireacht - MA

Is cúrsa bliana é an Máistir Ealaíon in Imscrúdú ar Fháltais ó Choireacht atá á reáchtáil ag Ollscoil Luimnigh do mhic léinn a rinne an Cúrsa dar teideal Fáltais ó Choireacht agus Imscrúdú ar Shócmhainní (POCAI).

Tugann an cúrsa seo deis d'Oifigigh an Bhiúró chur leis an méid atá ar eolas acu agus lena saineolas sa réimse seo. In 2024, chabhraigh an Biúró le 7 nOifigeach Biúró chun tairbhe a bhaint as an gcúrsa seo.

## Oiliúint Foirne

I rith 2024, lean an Biúró ar aghaidh le riachtanais oiliúna Oifigigh agus Bhaill Foirne an Bhiúró a uasghrádú agus a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, thacaigh an Biúró le rannpháirtíocht foirne sna cúrsaí seo a leanas:

- Cairteacha agus Amharcléiriú in Excel
- Cúrsaí Oiliúna Ceannaireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Treiseoir Táirgiúlachta Excel
- Ríomhaireacht Fhóiréinseach agus Imscrúduithe Cibearchoireachta, UCD
- RGCS
- Cáin Ioncaim
- Dócmhainneacht do Chuntasóirí
- Máistir Ealaíon in Imscrúdú ar Fháltais ó Choireacht, Ollscoil Luimnigh
- Fáltais ó Choireacht agus Imscrúdú ar Shócmhainní (POCAI), CAB & Ollscoil Luimnigh
- Treochtaí Teicneolaíochta do Chuntasóirí

Lena chois sin, reáchtáladh roinnt seisiún faisnéise feasachta i rith 2024 a bhí dírithe ar fhoireann uile an Bhiúró maidir le topaicí ábhartha lena n-áirítear:

- Ceanglais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a Chomhlíonadh
- Tíolacadh
- Cúrsa oiliúna éigeantach maidir le Feasacht Chultúrtha
- Úinéireacht Capall Rása agus na cláir atá á gcoimeád ag Rásaíocht Capall Éireann
- An tIdirlíon Dorcha agus Coiriúlacht in Éirinn

## Láithreoireachtaí CAB

### Clár Oiliúna Bleachtairí

I rith 2024, chabhraigh an Biúró leis an Dámh Oiliúna maidir le Coireacht i gColáiste an Gharda Síochána in An Teampall Mór chun Cúrsaí Oiliúna do Bhleachtairí a chur ar fáil.

D’eagraigh an Biúró láithreoireachtaí do Chlár Oiliúna na mBleachtairí Garda 3 huaire i rith 2024 agus 2 uair eile do Chlár Oiliúna na mBleachtairí Sáirsint in 2024.

### Cúrsa d’Imscrúdaitheoirí Sinsearacha

I rith 2024, chabhraigh an Biúró leis an Dámh Oiliúna maidir le Coireacht agus rinne sé 1 láithreoireacht in An Teampall Mór mar chuid de chlár na nOifigeach Imscrúdaithe Sinsearach.

## Airgeadraí Fíorúla

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh lena leibhéal eolais agus lena chumas imscrúdaitheach a fheabhsú i réimse na gcriptea-airgeadraí agus an úsáid atá á baint astu in iompar coiriúil ar fud an domhain.

Trí imscrúduithe a dhéanamh, rinne an Biúró roinnt urghabhálacha d’fhoirmeacha éagsúla criptea-airgeadraí lena n-áirítear Bitcoin agus Ethereum.

D'eagraigh an Biúró roinnt láithreoireachtaí do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a cheadaíonn don Bhiúró a chuid eolais sa réimse seo a roinnt agus a fheabhsú agus teagmháil a dhéanamh le saineolaithe ar fud an domhain sa réimse seo rud a rachaidh chun tairbhe imscrúduithe a bheidh á ndéanamh ag an mBiúró amach anseo.

## Láithreoireachtaí faoi Chriptea-airgeadraí

*Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána*

D'eagraigh Oifigeach ó Bhiúró an Gharda Síochána láithreoireacht maidir le hairgeadraí fíorúla d'imscrúdaitheoirí atá sannta d'Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána, i gCeanncheathrú an Gharda Síochána ar an 8 Aibreán 2024.

*Cúrsa oiliúna d'Oifigigh Imscrúdaithe Shinsearacha*

D'eagraigh Oifigeach ó Bhiúró an Gharda Síochána láithreoireacht maidir le hairgeadraí fíorúla do Bhleachtairí Cigire atá i mbun an chúrsa oiliúna d'Oifigigh Imscrúdaithe Shinsearacha i gColáiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór ar an 19 Aibreán 2024.




Criptea-airgeadra

*Rannán um Chomhrac an Sciúrtha Airgid an Gharda Síochána agus an Bhainc Ceannais*

Ar an 25 Aibreán 2024, ghlac Oifigeach ó Bhiúró an Gharda Síochána páirt i dtionscnamh oiliúna comhpháirteach sa Bhanc Ceannais maidir le Criptea-Airgeadraí idir Rannán um Chomhrac an Sciúrtha Airgid an Gharda Síochána agus an Bhainc Ceannais curtha i láthair ag TRM Labs – ardán faisnéise blocshlabhra.

*Comhdháil um Choireacht Maoin Intleachtúil*


D'eagraigh Oifigeach ó Bhiúró an Gharda Síochána láithreoireacht maidir le hairgeadraí fíorúla do chomhdháil maidir le Coireacht Maoin Intleachtúil a d'óstáil Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil an Gharda Síochána agus Oifig Maoin Intleachtúil an Aontais Eorpaigh i gCill Chainnigh ar an 11 Meitheamh 2024.

Cúrsa Oiliúna Chainalysis

Ghlac Oifigeach ó Bhiúró an Gharda Síochána páirt i gcúrsa oiliúna a bhí á reáchtáil ag Chainalysis ar an 20 Meitheamh 2024 maidir leis an ardán sonrán seo le hOifigigh an Bhiúró chun déileáil le cásanna amach anseo a mbeidh sócmhainní criptea-airgeadra san áireamh iontu.

Cúrsa Oiliúna do Bhleachtairí Sáirsint

D'eagraigh Oifigeach ó Bhiúró an Gharda Síochána láithreoireacht maidir le hairgeadraí fíorúla do rannpháirtithe an chúrsa oiliúna do Bhleachtairí Sáirsint i gColáiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór ar an 14 Lúnasa 2024.


Príomhoifigeach an Bhiúró
Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit
Oifigeach Dlí an Bhiúró
Garda Síochána
Aonad Anailíse an Bhiúro
Cain & Custam
Aonad Riaracháin
Coimirce Sóisialach
Aonad TF
IAO
Foirne Imscrúdaithe
AMO
Gardaí
Cain & Custam
Coimirce Sóisialach

# Cuid a Dó
## *Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla*

### Imscrúduithe

I rith 2024, lean Oifigigh Bhiúró ar aghaidh leis na cumhachtaí agus na dualgais a dílsíodh dóibh faoi alt 8 d'Acht CAB a fheidhmiú.

Pointe tábhachtach is ea ainneoin go gcoimeádann Oifigigh Bhiúró na dualgais agus na cumhachtaí a tugadh dóibh trí iar-oifig a máthaireagraíochtaí faoi seach, go bhfuil cumhachtaí nua acu freisin a bhaineann go háirithe lena ról mar Oifigigh Bhiúró. Áirítear orthu sin an chumhacht choinneála agus forfheidhmithe:

1. Barántais chuardaigh CAB de bhua alt 14 d'Acht CAB;
2. Orduithe ar Aird chun ábhar a chur ar fáil do CAB de bhua alt 14A d'Acht CAB.

Tá na cumhachtaí sin le fáil laistigh d'alt 14 agus d'alt 14A d'Acht CAB, arna leasú.

I rith 2024 rinne an Biúró a chuid imscrúduithe i gcomhar le agus le cúnamh ó phearsanra an Gharda Síochána ó Rannáin an Gharda Síochána agus ó Aonaid Náisiúnta an Gharda Síochána atá nasctha le Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach (OSC), an tAonad Beartaíochta agus Oibríochtaí Speisialta (STOC) agus Seirbhís Náisiúnta an Gharda Síochána i dtaca le Coireacht agus Faisnéis Slándála (GNCSIS). Chomh maith leis sin, thacaigh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim le himscrúduithe.

Lean an Biúró ar aghaidh ag comhoibriú le hAonaid Imscrúdaithe Speisialta na Roinne Coimirce Sóisialaí i ndáil lena n-imscrúduithe in 2024. Bhí ról lárnach ag an gcúnamh leanúnach a thug siad sna hiarrachtaí a bhain le díriú ar fháltais iompair choiriúil i rith 2024.

I rith 2024, reáchtáil an Biúró 46 oibríocht chuardaigh [figiúr a sháraigh sprioc an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta de 35] inar cuimsíodh 227 cuardach aonair in 13 chontae.

### Alt 14

Foráiltear in Alt 14 d'Acht CAB do bharántais chuardaigh CAB. Faoi alt 14(1), is féidir le hOifigeach Biúró, ball de An Garda Síochána, iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche do bharántas chun fianaise a chuardach a bhaineann le sócmhainní nó fáltais a eascraíonn as iompar coiriúil.

Oibríonn barántas cuardaigh alt 14 trí chead a thabhairt d'Oifigeach Biúró ainmnithe, ball de An Garda Síochána, a bhfuil daoine eile ina t(h)eannta de réir mar a mheasann an tOifigeach Biúró atá cuí, chun ábhar ag an suíomh ainmnithe a chuardach, a urghabháil agus a choinneáil.

Díol suntais is ea é sin de bhrí go gceadaíonn sé do dhaoine eile a bheith i dteannta an bhaill de An Garda Síochána de réir mar a mheasann an tOifigeach Biúró atá oiriúnach, lena n-áirítear daoine atá cáilithe go teicniúil agus/nó go gairmiúil, chun cabhrú leis/léi leis an gcuardach.

Glactar leis na barántais sin mar uirlis thábhachtach a chabhraíonn go mór leis an mBiúró chun imscrúduithe a chur i gcrích de bhua a shainchúraim reachtúil.

I rith 2024, d'eisigh an Biúró 227 barántas arb é an aidhm a bhí leo díriú ar ghrúpaí coireachta eagraithe.

Úsáideadh na barántais alt 14 chun roinnt áiteanna cónaithe príobháideacha a chuardach mar aon le hoifigí gairmiúla agus gnóthaí eile. Bhí sé sin mar bhonn le hairgead, feithiclí agus earraí dearthóra a bheith á n-urghabháil.

## Alt 14A

Cuireadh Alt 14A san áireamh in Acht PoC 2005. Foráiltear san alt seo d'iarratais a bheith á ndéanamh ag Oifigeach Biúró, ar ball de An Garda Síochána é nó í freisin, chun iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche d'ordú a bheidh dírithe ar dhuine ainmnithe chun ábhar a chur ar fáil d'Oifigeach an Bhiúró.

Úsáideadh Orduithe ar Aird alt 14A go príomha chun fianaise ó roinnt institiúidí airgeadais laistigh den Stát a fheabhsú. Baineann an t-ábhar a fuarthas le sonraí baincéireachta, agus in go leor cásanna, le haistriú méideanna móra airgid idir cuntais.

Mar thoradh ar an bhfaisnéis a fuarthas, bhí an Biúró in ann an fhianaise sin a úsáid in imscrúduithe leanúnacha ar líon na ndaoine a gcreidtear a bhfuil sócmhainní ina seilbh arb léiriú iad, go díreach nó go hindíreach, ar fháltais ó choireacht.

I rith 2024, d'eisigh an Biúró 638 ordú de bhua alt 14A.

## Iarratais déanta i rith 2024

Tá eolas le fáil sa tábla thíos ar líon na n-iarratas a rinneadh faoi alt 14 agus alt 14A d'Acht CAB, arna leasú.

Iarratais faoi alt 14 & alt 14A d'Acht CAB, 1996 & 2005

| Cur Síos | Iarratais | |
|---|---|---|
| | 2023 | **2024** |
| Barántais chuardaigh faoi alt 14 d'Acht CAB, 1996 & 2005 | 148 | **227** |
| Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi alt 14A d'Acht CAB, 1996 & 2005 | 345 | **638** |

*D'fhéadfadh figiúr Alt 14/14A athrú ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar an gcás.*

Thug an Biúró faoi deara gur tháinig méadú suntasach ar líon na mbarántas Alt 14A in 2024 i gcomparáid le 2023. Is amhlaidh atá, den chuid is mó, mar gheall ar an gcineál imscrúduithe atá á ndéanamh.

# Cuid a Trí

## *Gníomhartha faoin Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 go dtí 2016*

### Réamhrá

Cuireann an tAcht um Fháltais ó Choireacht, 1996 - 2016, ("Acht PoC") ar chumas na hArd-Chúirte orduithe a dhéanamh do chaomhnú agus, más iomchuí, diúscairt na réadmhaoine ábhartha agus foráil a dhéanamh do nithe gaolmhara.

Chomh maith leis sin, ceadaíonn an tAcht PoC don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar an dualgas cruthúnais sibhialta, cibé acu an ionann, go díreach nó go hindíreach, sócmhainn agus fáltais ó iompar coiriúil.

In 2025, leasaíodh Acht PoC chun cead a thabhairt leanúint leis na himeachtaí in ainm an Bhiúró seachas in ainm Phríomhoifigeach an Bhiúró. Dá bhrí sin, ó 2005, tá ach iarratas atá déanta ag an mBiúró déanta in ainm an Bhiúró.

Tionscnaítear imeachtaí na hArd-Chúirte trí bhíthin iarratais faoi alt 2(1) d'Acht PoC atá bunaithe i gcónaí ar mhionnscríbhinn arna mionnú ag Príomhoifigeach an Bhiúró.

Bíonn mionnscríbhinní eile á mionnú ag finnéithe ábhartha lena n-áirítear Oifigigh an Bhiúró agus baill foirne den Bhiúró, baill de An Garda Síochána ó lasmuigh den Bhiúró, lena n-áirítear Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní agus i gcásanna áirithe, oifigigh ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ó lasmuigh den dlínse.

Forálann an tAcht PoC gur féidir an rún bunaidh a chur i láthair ex-parte. Ciallaíonn sé sin go ndéanann an Biúró a iarratas faoi alt 2(1) den Acht PoC gan ceanglas a bheith ann fógra a thabhairt don duine lena mbaineann (an freagróir).

Maireann an t-ordú alt 2(1) i gcomhair 21 lá mura gcuirtear iarratas faoi alt 3 d'Acht PoC i láthair laistigh den tréimhse sin. Chomh maith leis sin, forálann Alt 2 d'Acht PoC gur cheart fógra a thabhairt don duine lena mbaineann i rith na tréimhse sin.

Forálann Alt 3 d'Acht PoC do reo fadtéarmach sócmhainní. Ní mór a thabhairt faoi deara gur féidir imeachtaí faoin Acht PoC a thionscnamh trí alt 2(1) nó trí rún bunaidh a eisiúint de bhua alt 3(1). Tionscnaíodh 2 chás mar sin trí alt 3(1) in 2024.

Ainneoin nach mór cásanna alt 3 a thionscnamh laistigh de 21 lá ó ordú alt 2 a fháil, i gcleachtas, d'fhéadfadh roinnt mhaith ama a bheith i gceist sula dtagann éisteacht alt 3 os comhair na hArd-Chúirte. Tugtar fógra don duine lena mbaineann (an freagróir) maidir le héisteacht alt 3 agus tá sé nó sí i dteideal freastal ar an éisteacht agus dúshlán an cháis a thabhairt i ndáil leis an tsócmhainn shonraithe.

I gcásanna nuair nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an bhfreagróir chun íoc as ionadaíocht dhlíthiúil, féadfaidh an freagróir iarratas a chur os comhair na cúirte chun cúnamh dlí a fháil faoin Scéim um Chúnamh Dlí atá bunaithe chun na críche seo.

Cinntíonn sé sin go mbeidh rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil i gcásanna a bhaineann leis an mBiúró, ar choinníoll go bhfuil na critéir riachtanacha don scéim, comhlíonta.

Má léirítear i ndeireadh na dála chun sástachta na hArd-Chúirte i ndiaidh éisteacht alt 3 gurb ionann an réadmhaoin, go díreach nó go hindíreach, agus fáltais ó iompar coiriúil, ansin déanfaidh an chúirt ordú chun an réadmhaoin a reo.

Maireann an t-ordú sin íostréimhse seacht mbliana agus i rith na tréimhse sin is féidir leis an bhfreagróir nó le haon pháirtí eile atá ag éileamh úinéireachta i ndáil leis an réadmhaoin, iarratais a dhéanamh chun an t-ordú cúirte i ndáil leis an réadmhaoin a athrú.

Nuair a bhíonn an tréimhse seacht mbliana caite, ansin féadfaidh an Biúró imeachtaí a thionscnamh chun na fáltais a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, nó aon duine eile dá leithéid a chinnfidh an chúirt faoi alt 4 d'Acht PoC. I rith na n-imeachtaí sin, tugtar fógra do gach páirtí ábhartha arís agus féadfaidh siad iarratais a chur faoi bhráid na cúirte.

Sula mbíonn an tréimhse seacht mbliana caite, féadfaidh an chúirt ordú diúscartha toilithe a dheonú faoi alt 4A d'Acht PoC maidir le toiliú an fhreagróra ábhartha.

## Athbhreithniú Alt 1A

Leasaíodh Acht PoC le hAcht PoC (Leasú), 2016. Forálann an leasú seo sa chás go bhfuil Oifigeach Biúró in áit phoiblí, nó in áit eile ina bhfuil sé nó sí údaraithe nó in áit a bhfuair sé nó sí cuireadh a bheith inti, nó má tá cuardach á dhéanamh aige nó aici, agus má aimsíonn sé nó sí maoin a chreideann sé nó sí gurb ionann í agus fáltais ó choireacht lena mbaineann luach nach lú ná €5,000, ansin is féidir leis an Oifigeach sin an mhaoin a urghabháil do thréimhse nach faide ná 24 uair an chloig.

Féadfaidh Príomhoifigeach an Bhiúró, i rith na tréimhse 24 uair an chloig, coinneáil na maoine i gcomhair tréimhse suas le 21 lá a údarú ar choinníoll go ndéanann sé nó sí an méid seo a leanas:

a) tá sé nó sí sásta go bhfuil forais réasúnacha ann chun amhras a bheith ann gurb ionann an mhaoin, go hiomlán nó i bpáirt, go díreach nó go hindíreach, agus fáltais ó choireacht
b) tá sé nó sí sásta go bhfuil forais ann chun a bheith amhrasach nach bhfuil luach iomlán na réadmhaoine cothrom le níos lú ná €5,000,
c) tá sé nó sí sásta go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an mBiúró maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil forais leordhóthanacha ann chun iarratas a chur faoi bhráid na cúirte d'ordú eatramhach nó d'ordú idirbhreitheach i ndáil leis an maoin agus,
d) tá forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfaí an mhaoin, ina hiomláine nó i bpáirt, in éagmais údaraithe, a dhiúscairt nó déileáil léi ar bhealach eile, nó go mbeadh a luach á laghdú, sular féidir iarratas a dhéanamh.

Tá na forálacha thuasluaite faoi réir athbhreithnithe i mBille um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2024.

## An Bille um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2024

Is é an Bille um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2024, an chéad cheann de thacar athruithe reachtacha atá á ndéanamh i ndiaidh blianta fada a chaitheamh i mbun forbartha agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara.

Déanann an Bille, a forbraíodh i rith 2024, iarracht naoi leasú a dhéanamh ar Acht PoC agus ar Acht CAB, ceithre leasú lena mbaineann suntas ar leith i gcás an Bhiúró. Tá réamh-ghrinnscrúdú reachtach déanta ar an mBille, lena n-áirítear ag Díospóireacht an Chomhchoiste Oireachtais maidir le Dlí agus Cirt ar an 16 Aibreán 2024 agus foilsíodh an tuarascáil a d'eascair as an méid sin ar an 15 Bealtaine 2024. Tá tuilleadh sonraí le fáil ag an nasc thíos: https://www.oireachtas.ie/en/press-centre/press-releases/20240415-the-joint-committee-on-justice-to-meet-for-pre-legislative-scrutiny-of-the-general-scheme-of-the-proceeds-of-crime-amendment-bill-2024/


Cuireadh Scéim Ghinearálta an Bhille i gcrích, cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt ag an am an Scéim agus cuireadh faoi bhráid Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte í le dréachtú faoi dheireadh 2024.

## Cásanna tosaithe

Cuireadh tús le 21 cás nua faoi Acht PoC i rith 2024.

Tionscnaíodh 19 gcás trí imeachtaí a eisiúint trí bhíthin rúin bhunaidh faoi alt 2 agus 2 chás trí bhíthin alt 3.

Cásanna PoC nua tugtha os comhair na hArd-Chúirte




Bhí baint ag an mBiúró le hobair shuntasach a bhain le hullmhú na n-imscrúduithe sin chun deis a thabhairt dó na cásanna sin a thabhairt os comhair na gcúirteanna in 2024.


Reáchtáil an Biúró imscrúduithe agus chuir sé 30 comhad nua PoC faoi bhráid Rannóg um Shócmhainní Coiriúla Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a raibh sé beartaithe déileáil leo trí na cúirteanna chun ár ngealltanas a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i gComhaontú Soláthair Feidhmíochta (PDA) 2024.

## Athbhreithniú Alt 2(1)

Nuair a dhéantar anailís, laghdaigh líon na sócmhainní lena bhfuarthas ordú faoi alt 2(1) i gcomparáid le 2023, ó 231 sócmhainn go dtí 128 sócmhainn in 2024. Tá aird tugtha ag an mBiúró ar an laghdú ar líon na sócmhainní.


D'fhéadfadh líon na sócmhainní lena mbaineann orduithe alt 2(1) athrú ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar chásanna.

Sócmhainní lena mbaineann Orduithe 2(1)




I rith 2024, thionscain an Biúró imeachtaí i ndáil le cineálacha éagsúla sócmhainní. Chun críocha próifílithe, tá na sócmhainní eagraithe mar seo a leanas - seodra, eastát réadach, feithiclí, airgeadas, earraí dearthóra, leictreonaic agus eile.

Sócmhainní lena mbaineann orduithe alt 2(1)
*Miondealú ar shócmhainní bunaithe ar an gcineál sócmhainne*




## Miondealú Luachála

Ainneoin go bhfáiltítear roimh an méid atá á chur ar ais chuig an Státchiste agus go bhfuil a leithéid féinmhínitheach, ní hionann é agus léargas iomlán ar an tionchar socheacnamaíoch níos ginearálta atá ag gníomhartha an Bhiúró laistigh den phobal trí chéile.

Is féidir an mhéadracht neamh-intomhaiste a shainaithint mar seo a leanas freisin:

1. Cur isteach ar eintitis choiriúla
2. Cosc a chur ar ghníomhaíochtaí sciúrtha airgid
3. Rannpháirtíocht dhearfach leis an bpobal trí chéile

Tá na figiúirí a bhaineann le seodra, eastát réadach, feithiclí, earraí dearthóra, airgeadas, leictreonaic agus eile, bunaithe ar an luach measta a roghnaigh an Biúró a lua leis an tsócmhainn tráth déanta an iarratais faoi alt 2(1) d'Acht PoC.

Bhí an luach a bhí luaite le 128 sócmhainn a bhí reoite faoi alt 2 d'Acht PoC i rith na bliana 2024 cothrom le €12.616 milliún. Tá miondealú ar an bhfigiúr sin le fáil sa tábla thíos.


Anailís ar ordú alt 2 bunaithe ar an gCineál Sócmhainne

| **Cur Síos** | **2023 €** | **2024 €** |
|---|---|---|
| Earraí Dearthóra | 144,796 | 3,000 |
| Airgeadas | 1,858,788 | 10,889,099 |
| Seodra | 171,645 | 9,000 |
| Eastát Réadach | 5,277,635 | 1,421,295 |
| Feithiclí | 378,708 | 276,502 |
| Leictreonaic | - | 6,600 |
| Eile | 150 | 11,000 |
| **Iomlán** | **7,831,722** | **12,616,496** |

Is léir i ndiaidh thorthaí 2024 a chur i gcomparáid le torthaí 2023 go bhfuil luach na sócmhainní reoite faoi alt 2(1) méadaithe €4,784,774 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin tráth a raibh an luach cothrom le €7.831m.

Tá aird tugtha ag an mBiúró ar an méadú ar luach na sócmhainní.

Luach na sócmhainní reoite faoi alt 2(1)





Athraíonn luach na sócmhainní ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar an gcás.

## Athbhreithniú Alt 3

Déantar ordú alt 3(1) nuair a thugtar éisteacht chun críche inar chinn an Ard-Chúirt gurb ionann sócmhainn nó sócmhainní áirithe agus fáltais ó iompar coiriúil. Dá réir sin, tá cinneadh le déanamh ag an Ard-Chúirt maidir le dáta agus fad na héisteachta agus níl a leithéid á rialú go díreach ag an mBiúró.

I rith 2024, rinneadh orduithe faoi alt 3(1) i ndáil le 21 cás a bhí os comhair na hArd-Chúirte, lenar bhain sócmhainní luach €7.093 milliún.

Líon na gcásanna lenar bhain orduithe alt 3(1)





Laghdaigh líon na sócmhainní a ndearna an Ard-Chúirt orduithe maidir leo de bhua alt 3(1) ó 240 sócmhainn in 2023 go dtí 174 sócmhainn in 2024.

D'fhéadfadh líon na sócmhainní lena mbaineann orduithe alt 3(1) athrú ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar chásanna.

Bhí an luach a bhí luaite le 174 sócmhainn a raibh orduithe alt 3 ceadaithe ina leith i rith na bliana 2024 cothrom le €7.093 milliún. Tá miondealú ar an bhfigiúr sin le fáil sa tábla thíos.

Sócmhainní lena mbaineann orduithe 3(1)





Anailís ar ordú alt 3 bunaithe ar an gCineál Sócmhainne

| Cur Síos | 2023 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Earraí Dearthóra | 29,745 | 114,166 |
| Airgeadas | 1,627,228 | 1,820,551 |
| Seodra | 149,499 | 8,350 |
| Eastát Réadach | 1,615,175 | 4,870,183 |
| Feithiclí | 1,452,262 | 266,163 |
| Eile | - | 13,800 |
| **Iomlán** | **4,873,909** | **7,093,213** |

Is léir ó thorthaí 2024 i gcomparáid le torthaí 2023 ainneoin laghdú a bheith le tabhairt faoi deara i líon na sócmhainní

reoite, gur mhéadaigh an luach airgeadúil comhfhreagrach go suntasach, €2,219,304 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Luach na sócmhainní reoite faoi alt 3(1)




## Alt 3(3)

Forálann Alt 3(3) d'Acht PoC Act d'athrú nó d'urscaoileadh ordú reatha alt 3(1). Is féidir leis an bhfreagróir iarratas de bhua alt 3(3) a dhéanamh i gcás a thionscnaíonn an Biúró nó is féidir le haon duine eile a bhfuil úinéireacht aige nó aici ar an réadmhaoin an rud céanna a dhéanamh.

Ainneoin go mbreithnítear in alt 3(3) iarratas de chuid freagróra a thabhairt i gcás, is féidir le daoine a bhfuil úinéireacht ar an réadmhaoin ábhartha á héileamh acu cás a thabhairt freisin, rud a sholáthraíonn deis d'íospartaigh na coireachta chun iarratas a dhéanamh i ndáil leis an rud céanna.

Ina theannta sin, forálann Alt 3(3) deis do na daoine leasmhara ordú 3(1) a athrú nó a urscaoileadh sa chás gur féidir a shuí, chun sástachta na cúirte, nach ionann an tsócmhainn lena mbaineann agus fáltais ó iompar coiriúil. Ní dhearnadh aon ordú dá leithéid faoi alt 3(3) d'Acht PoC i rith 2024.

## Miondealú Geografach

Clúdaíonn sainchúram an Bhiúró imscrúdú a dhéanamh ar fháltais ó chásanna coireachta beag beann ar shuíomh na sócmhainní.

I rith 2024, fuair an Biúró orduithe i ndáil le sócmhainní a bhain le fáltais ó choireacht i ngach ceantar uirbeach agus pobal tuaithe mór.

Tá an Biúró fós tiomanta do dhíriú go gníomhach ar shócmhainní arb ionann siad agus fáltais ó iompar coiriúil, is cuma cá bhfuil siad suite, a mhéid is féidir faoi Acht PoC. Tá tuilleadh forbairt á déanamh ag an mBiúró ar a chlúdach náisiúnta trí chúraimí na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní. Cinnteoidh sé sin go mbeidh béim á leagan ar spriocanna coireachta áitiúla ar fud an Stáit trí ghníomhaíocht de chuid an Bhiúró.

## Réadmhaoin

Éilíonn aidhmeanna agus cuspóirí reachtúla an Bhiúró go ndéanann an Biúró gníomh cuí chun cosc a chur ar dhaoine aonair, a bhfuil baint acu le coireacht eagraithe thromchúiseach, tairbhe a bhaint as a leithéid sin de choireacht.

I gcásanna ina léirítear gurb ionann an mhaoin agus fáltais ó iompar coiriúil, cuimsítear san fhoráil reachtach trínar féidir an tairbhe sin a dhiúltú nó a cheilt ar dhuine aonair a bhaineann tairbhe as

na fáltais sin, gur cheart é nó í a dhídhílsiú ón maoin.

D'fhéadfadh an beartas seo de chuid an Bhiúró a éileamh go ndíreofaí ar mhaoin, d'ainneoin i gcásanna áirithe, go mbeidh an mhaoin i gcothromas diúltach. Is amhlaidh atá chun a chinntiú nach gceadaítear dóibh siúd a bhfuil baint acu le coireacht leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as fáltais ó choireacht.

## Feithiclí

Tá an Biúró airdeallach ar an spéis atá á cur i bhfeithiclí ardluacha ag na daoine a bhfuil baint acu le coireacht eagraithe thromchúiseach. I rith 2024, dhírigh an Biúró ar roinnt feithiclí de chuid coirpeach.



Feithiclí urghafa

## Só-earraí

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar earraí faighte go neamhdhleathach trí shó-earraí costasacha a urghabháil cosúil le málaí láimhe dearthóra, éadaí agus coisbheart dearthóra, uaireadóirí agus seodra.



Mála Louis Vuitton

## Alt 4(1) and 4A

Forálann Alt 4(1) do réadmhaoin a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tagraítear san alt seo do shócmhainní a nglactar leo mar fháltais ó iompar coiriúil, i gcomhair tréimhse nach lú ná seacht mbliana, agus nach bhfuil aon éileamh bailí déanta maidir leo faoi alt 3(3) d'Acht PoC.

Mar gheall ar an méadú ar líon na foirne sa Rannóg um Shócmhainní Coiriúla, CSSO, thug an Biúró méadú faoi deara ar líon na gcásanna oidhreachta atá á gcur i gcrích trí Orduithe Ard-Chúirte Alt 4.

An Roinn Caiteachais Phoiblí
Sheachadadh PFN agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure
NDP Delivery and Reform

Ceadaíonn Alt 4A don fhreagróir ordú diúscartha toilithe a dhéanamh in iarratas de bhua Acht PoC, rud a cheadaíonn an réadmhaoin a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, sula mbeidh an tréimhse seacht mbliana caite.


Tugadh é sin isteach in Acht PoC 2005 agus, go bunúsach, cuireadh deireadh leis an gceanglas a bhí ann go bhfanfadh an Biúró seacht mbliana sula mbeadh cistí á gcur ar ais chuig an Státchiste.

Tugadh 32 cás i gcrích faoi alt 4(1) agus alt 4A in 2024.

I rith 2024, aistríodh €3,117,637 chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, faoin Acht PoC ag eascairt as diúscairtí alt 4(1) agus alt 4A.

Ainneoin go bhfuil gníomhaíocht an Bhiúró ag méadú, d'fhéadfadh an toradh chuig an Státchiste athrú in aon bhliain ar leith.

Luach na sócmhainní reoite faoi alt 4(1) agus alt 4A




Baineann sé sin i bpáirt leis an oibleagáid atá ann fanacht seacht mbliana chun go mbeidh ordú PoC alt 4 curtha i gcrích mura bhfuil ordú toilithe faoi alt 4A ar fáil roimh an tréimhse seacht mbliana.

Miondealú ar Alt 4(1) & Alt 4A

| Cur síos | Líon na gCásanna 2024 | € 2024 |
|---|---|---|
| Alt 4(1) | 2 | 318,843 |
| Alt 4A | 30 | 2,798,794 |
| Iomlán | **32** | **3,117,637** |


| **Cur síos** | **Líon na gCásanna 2024** | **€ 2024** |
|---|---|---|
| Alt 4(1) | 2 | 318,843 |
| Alt 4A | 30 | 2,798,794 |
| **Iomlán** | **32** | **3,117,637** |


*Cás 1:*
Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí duine aonair a bhí lonnaithe i gCo. an Chláir i ndiaidh Phróifíl Rannach um Shócmhainní a fháil ó Ghardaí i gCo. an Chláir.

Bhí aithne ag na Gardaí ar an duine aonair agus bhíothas in amhras go raibh baint aige nó aici le díol agus soláthar drugaí i gceantar Inse.
Rinne an Biúró oibríochtaí cuardaigh i dteach agus i ngaráiste a bhí luaite leis an duine aonair sin.

I ndiaidh don Bhiúró a imscrúduithe a dhéanamh, fuair an Biúró Orduithe Ard-Chúirte de bhua alt 2, 3 agus 4A i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- €100,000 (2 dhréacht)
- €98,475.41 in institiúidí airgeadais

*Cás 2:*
Bhí baint ag an duine aonair seo le grúpa coireachta eagraithe i gCathair Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus bhí cúlra foréigin aige nó aici agus baint le díol agus soláthar drugaí rialaithe agus robáil armtha.

Fuair an Biúró orduithe Ard-Chúirte de bhua alt 2 agus alt 7 i ndáil le réadmhaoin a bhí faoi úinéireacht an duine aonair a bhí suite i gceantar Bhaile Átha Cliath 5.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, fuair an Biúró ordú alt 4 i ndáil leis an réadmhaoin agus díoladh an réadmhaoin chéanna in 2024 do shuim €260,000.

## Alt 6

Forálann Alt 6 d'ordú a bheith á dhéanamh ag an gcúirt i rith na tréimhse agus bhí ordú alt 2(1) nó alt 3(1) i

bhfeidhm chun an t-ordú a athrú chun críche cead a thabhairt don fhreagróir nó d'aon pháirtí eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Costais chónaithe réasúnacha nó costais riachtanacha eile a urscaoileadh; nó
2. Leanúint ar aghaidh le gnó, ceird, gairm nó slí bheatha eile a bhaineann leis an réadmhaoin.

Ní dhearnadh aon ordú dá leithéid faoi alt 6 d'Acht PoC i rith 2024.

## Alt 7

Forálann Alt 7 do cheapachán, á dhéanamh ag an gcúirt, Glacadóra a chuimsítear ina c(h)uid dualgas luach réadmhaoine a chaomhnú nó réadmhaoin a dhiúscairt atá reoite cheana féin faoi ordú alt 2 nó alt 3.

In 2024, fuair an Biúró orduithe glacadóireachta i ndáil le breis is 216 sócmhainn. I ngach cás, ba é an glacadóir a cheap an chúirt Oifigeach Dlí an Bhiúró.

Bhain na cásanna sin le heastát réadach, feithiclí, earraí dearthóra, seodra agus uaireadóirí. I roinnt cásanna glacadóireachta, rinne an Ard-Chúirt orduithe a bhain le seilbh agus le díol á ndéanamh ag an nGlacadóir. Ní féidir ordú glacadóireachta a dhéanamh mura bhfuil ordú alt 2 nó alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

Go huathúil in 2024, ceapadh Oifigeach Dlí an Bhiúró mar Ghlacadóir i ndáil le cíosanna ar réadmhaoin tráchtála chun cosc a chur ar an bhFreagróir a bheith ag leanúint ar aghaidh ag baint tairbhe as fáltais ó choireacht.

Is uirlis eile atá ann a chabhraíonn leis an mBiúró chun a shainchúram reachtúil a chomhlíonadh.

Ráiteas maidir le Cuntais Ghlacadóireachta

| | **Euro€** | **Stg£** | **US$** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh na gcuntas glacadóireachta 01/01/2024 | 12,002,592.50 | 1.54 | 667,635.99 |
| Méideanna réadaithe, ús agus réamhíocaíochtaí oibriúcháin san áireamh | 5,685,026.34 | 0.00 | 11,419.94 |
| Íocaíochtaí amach, íocaíochtaí chuig an Státchiste san áireamh, caiteachas glacadóireachta oibriúcháin, urscaoileadh morgáistí gan íoc agus cistí curtha ar ais faoi Ordú Cúirte | 4,412,356.21 | 0.00 | 0.00 |
| Iarmhéid deiridh na gcuntas glacadóireachta 31/12/2024 | 13,275,262.63 | 1.54 | 679,055.93 |

# Cuid a Ceathair
## *Bainistíocht Sócmhainní laistigh den Bhiúró*

### An Oifig um Bainistíocht Sócmhainní

Bhunaigh an Biúró Oifig um Bainistíocht Sócmhainní (AMO) chun bainistíocht inmheánach shonrach a dhéanamh ar shócmhainní atá á rialú ag an mBiúró.

Éilíonn an raon ginearálta sócmhainní a bhfuil an Biúró freagrach astu acmhainní suntasacha a imlonnú. Bainistítear gach sócmhainn chun a luach a chothabháil, chun oibleagáidí dlí an Bhiúró a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr nuair a chuirtear a leithéid ar fáil don Státchiste.

Ceanglaíonn Acht PoC go mbeidh sócmhainn (nó a luach réadaithe) a coimeád i gcomhair tréimhse seacht mbliana i ndiaidh don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh (mura bhfuil comhaontú faighte ó na páirtithe lena mbaineann i ndáil le diúscairt láithreach).

I gcleachtas, d’fhéadfadh an tréimhse sin a bheith i bhfad níos faide mar gheall ar achomhairc agus ar dhúshláin a bhaineann lena leithéid sin d’orduithe. I gcás sócmhainní áirithe, cosúil le réadmhaoin, d’fhéadfadh acmhainní leanúnacha a bheith ag teastáil chun an réadmhaoin a chothabháil, lena n-áirítear i gcásanna áirithe, an Biúró ag feidhmiú mar thiarna talún.

Le cois na sócmhainní inláimhsithe atá á gcoimeád ag an mBiúró, tá sócmhainní suntasacha ann a bhaineann le dliteanais gan íoc don Bhiúró faoin na hAchtanna Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh.

Tá na fiachais seo á mbainistiú ag AMO freisin agus é mar aidhm a luach a réadú. Soláthraíonn an oifig seo leibhéal rialachais níos airde do shócmhainní atá á rialú ag an mBiúró.

### Eastát Réadach arna bhainistiú ag an mBiúró

Tá AMO freagrach as bainistiú agus rialú sócmhainní urghafa ag an mBiúró de bhua orduithe déanta faoi Acht PoC. Cabhraíonn AMO leis an nGlacadóir atá ceaptha ag an gCúirt chun a f(h)eidhm a chomhlíonadh faoi alt 7 d’Acht PoC.

San áireamh i mbainistíocht, i monatóireacht agus i rialú sócmhainne tá an tsócmhainn a chothabháil ón uair a nglacann an Biúró seilbh uirthi (trí bhithín urghabhála nó ordaithe cúirte) agus luach agus bail na sócmhainne a chaomhnú go dtí go ndéantar í a dhiúscairt.

Tá an AMO freagrach as seilbh a ghlacadh air, cigireacht a dhéanamh air agus an réadmhaoin a choimeád slán ar an dáta atá sonraithe ag an ordú cúirte ábhartha.

Eagraíonn an AMO na hoibreacha riachtanacha atá le déanamh i.e., cothabháil, aláram ionraidh a shuiteáil, cigireacht a dhéanamh ar Dheimhniú RFF agus luacháil á déanamh ag ceantálaí.

## Diúscairt Sócmhainní AMO

Agus iarracht á déanamh an luach is fearr is féidir a bhaint amach nuair a bhíonn aon sócmhainn á diúscairt, baineann an Biúró tairbhe as saineolaithe tionscail ón earnáil phríobháideach chun comhairle a chur ar fáil agus chun sócmhainní a dhiúscairt trí cheant agus / nó díolacháin ar chonradh príobháideach.

Ba cheart a thabhairt faoi deara ainneoin go n-urghabhann agus go ndiúscraíonn an Biúró sócmhainní a chruthaíonn glanfhiúchas don Státchiste, gurb é misean an Bhiúró a sócmhainní a ceannaíodh le fáltais ó iompar coiriúil a dhiúltú dó choirpigh, a choinneáil uathu agus cur isteach orthu.



Meascán d'uaireadóirí ardluacha díolta

Ní thugann an luach a réadaíodh i ndáil le diúscairt na sócmhainní seo léargas iomlán ar rath an Bhiúró chomh fada is a bhain leis na sócmhainní seo a dhiúltú agus a cheilt ar choirpigh. Tá tionchar dearfach ag gníomhaíochtaí an Bhiúró sna pobail áitiúla ina raibh sócmhainní coirpeach spriocdhírithe.

Tá an teachtaireacht agus an tionchar dearfach ar na pobail sin, i ndiaidh ghníomhaíochtaí an Bhiúró, chomh tábhachtach céanna, nó níos tábhachtaí b'fhéidir, ná díol na sócmhainní urghafa.

## Ceant Ar Líne

I mí na Nollag 2024, reáchtáil an Biúró an dara ceant ar líne a fógraíodh go poiblí ar chuir daoine ar fud an domhain spéis ann agus inar cuireadh ar fáil 130 só-earra ardluacha lena n-áirítear uaireadóirí, seodra agus earraí dearthóra.

Bhí na hearraí ar fad a cuireadh ar fáil don cheant fíordheimhnithe agus cuireadh na glanfháltais ar fáil don Státchiste.

Bhailigh an Biúró breis is €216k mar thoradh ar dhíol sócmhainní urghafa ag an gceant seo a reáchtáladh i mí na Nollag 2024.

I measc bhuaicphointí an cheant bhí:

- 16 Uaireadóir Dearthóra a díoladh i gcomhair €117,760 lena n-áirítear Uaireadóir Rolex Daytona a díoladh i gcomhair €26,000 agus Uaireadóir Rolex Submariner a díoladh i gcomhair €11,250
- Díoladh 43 Mála Dearthóra a chosain €74,080 lena n-áirítear Mala Birkin 30 de chuid Hermés a chosain €18,250
- 7 Sparán Dearthóra a chosain €6,380
- 7 n-earra éadaigh dearthóra lena n-áirítear 3 chrios dearthóra a chosain €1,120 agus cóta fionnaidh daite Chincilla a chosain €1,120.
- 10 bpíosa seodra a chosain €5,090

- 26 péire bróg dearthóra a chosain €5,040
- 19 mír ilghnéitheacha lena n-áirítear stopallán buidéil déanta de chriostal Swarovski, uachtair aghaidhe dearthóra, cumhrán dearthóra, slabhraí / briochtaí eochracha dearthóra, spéaclaí gréine dearthóra agus sean-nótaí bainc nach bhfuil in úsáid níos mó.



Meascán sócmhainní díolta ag ceant

## Díol Réadmhaoine

Mar gheall ar mhéadú ar leibhéil foirne sa Rannóg um Shócmhainní Coiriúla, thug an Biúró méadú suntasach ar dhíol réadmhaoine faoi deara. In 2024, dhírigh an Biúró ar agus dhíol sé 20 réadmhaoin ar fud na tíre a chosain €4.953m.

### Cás 1:

Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar ghníomhaíochtaí grúpa coireachta eagraithe a bhí lonnaithe i gCathair Luimnigh i ndiaidh do Gharda atá lonnaithe i Stáisiún an Gharda Síochána ar Shráid Anraí an cás a atreorú.

Urghabhadh roinnt sócmhainní lena n-áirítear dhá réadmhaoin - teach i gCathair Luimnigh agus árasán in Lanzarote.

Cheannaigh ball teaghlaigh de chuid coirpigh aitheanta, agus sprioc CAB i gceantar Luimnigh, an teach i gCathair Luimnigh i mí Lúnasa 2019 i gcomhair €128,000.

I ndiaidh an réadmhaoin a cheannach, cuireadh oibreacha athchóirithe a chosain €126,107 i gcrích ach fágadh an réadmhaoin gan chríochnú de bhrí gur tháinig sé chun solais go raibh an Biúró i mbun imscrúdaithe ar ghníomhaíochtaí agus ar shócmhainní an duine aonair sin.

D'éirigh leis an mBiúró orduithe Ard-Chúirte a fháil i ndáil le sócmhainní an duine aonair arb ionann iad agus fáltais ó choireacht. Díoladh an réadmhaoin ar chostas €155,000 i mí Mheán Fómhair 2024.

Mar chuid den imscrúdú céanna, tugadh faoi deara gur ceannaíodh árasán in Puerto del Carmen, Lanzarote, trí úsáid a bhaint as fáltais ó choireacht freisin. Ceannaíodh an t-árasán sin i mí Iúil 2013 agus chosain sé €60,000 an t-am sin.

Fuair an Biúró comhaontú faoi Alt 4A d'Acht PoC agus díoladh an t-árasán i gcomhair €155,000 freisin i mí Iúil 2024.

### Cás 2:

Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí duine aonair, ball aitheanta de ghrúpa

coireachta eagraithe in Éirinn agus sa Spáinn.

Mar thoradh ar an imscrúdú sainaithníodh réadmhaoin atá lonnaithe i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath a ceannaíodh i gcomhair €120,000 in 2012.

San áireamh sa suíomh bhí 1.298 Heicteár agus teachín athchóirithe chun tosaigh, cabhsán rochtana, clós, stór aoiligh, cró mór, stáblaí agus an dara áit chónaithe, mar aon le banrach agus áit aclaíochta.

Bhí suirbhéir cainníochta den tuairim gur chosain na hoibreacha, leis an gcead pleanála cuí, a rinneadh ag an suíomh thart ar €1.3 milliún.

Fuair an Biúró Orduithe Ard-Chúirte de bhua alt 2, alt 3 agus alt 7 i ndáil leis an réadmhaoin. Dhíol an Biúró an réadmhaoin ar chostas €550,000 i mí Aibreáin 2024.

Cás 3:
Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní duine aonair i ndiaidh atreorú a fháil ón Phróifíleoir Rannach um Shócmhainní ó Rannán Dhún na nGall.

Bhí aithne ag na Gardaí ar an duine aonair de bhrí go raibh baint aige le díol agus soláthar drugaí. Cuireadh oibríocht chuardaigh i gcrích ag an réadmhaoin, a bhí fágtha ag an duine aonair le huacht, fad is a bhí sé i bpríosún.

Fuarthas tuarascáil mhionsonraithe ón suirbhéir inar measadh go raibh €223,119 infheistithe sa réadmhaoin. Bhí fuinneoga piléardhíonacha a shuiteáil san áireamh san fhigiúr sin.

In 2020, fuair an Biúró orduithe de bhua alt 2 agus alt 3 d'Acht PoC i ndáil leis an réadmhaoin. I mí Bealtaine 2021, shínigh an duine aonair ordú toilithe (alt 4A d'Acht PoC) chun cead a thabhairt an réadmhaoin a dhílsiú san Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Ag an am, bhí cuma na maitheasa ar an réadmhaoin agus bhí luach €250,000 luaite léi. I mí Lúnasa 2021, bhí an réadmhaoin faoi réir ionsaithe coirloiscthe agus rinneadh an oiread sin damáiste di nárbh fhéidir í a dhíol mar áit chónaithe. Seachas sin b'éigean an réadmhaoin a dhíol mar shuíomh a bheadh oiriúnach chun réadmhaoin nua a thógáil air.

Meastar go raibh luach €50,000 luaite leis an suíomh ach díol é i gcomhair €55,000 in 2024.

Ainneoin damáiste a bhí déanta don réadmhaoin seo, d'éirigh leis an mBiúró a chuspóir maidir le diúltú agus ceilt a chomhlíonadh i ndáil leis an tsócmhainn seo.



Sa ghrianghraf thuas tá fuinneoga piléardhíonacha le feiceáil & damáiste réadmhaoine ó ionsaí coirloiscthe

Cás 4:
Rinne an Biúró imscrúdú ar bhaill ardleibhéil de ghrúpa coireachta eagraithe a bhí ag feidhmiú i gceantar Iarthar Bhaile Átha Cliath. Creidtear go raibh baint ag an ngrúpa coireachta eagraithe seo le hiompórtáil agus le díol agus soláthar drugaí rialaithe ar fud na tíre. Bhí sócmhainní suntasacha ag an ngrúpa coireachta eagraithe seo a ceannaíodh ó fháltais a gcuid iompair choiriúil. Dhírigh an Biúró ar roinnt sócmhainní ardluacha lena n-áirítear ceithre réadmhaoin i mBaile Átha Cliath (x2), Cill Dara agus Loch Garman.


Measadh go raibh luach de thart ar €1.7 milliún luaite le háit chónaithe aonair mhór i gCo. Loch Garman. Mhaígh an Biúró gur maoiníodh an réadmhaoin sin trí fháltais ó choireacht. D'éirigh leis an mBiúró orduithe Ard-Chúirte a fháil de bhua alt 2, alt 3 agus alt 7 d'Acht PoC agus in 2024, dhíol an Biúró an réadmhaoin sin, trí cheant poiblí, i gcomhair €522,000.



An Taobh Istigh de Réadmhaoin

Is éard atá i gceist leis an dara réadmhaoin áit chónaithe ina bhfuil ceithre sheomra leapa agus áiléar athchóirithe i gCo. Chill Dara. Ceannaíodh an réadmhaoin seo in 2004 tráth ar chosain sí €257,000 agus cuireadh obair forbartha mhór i gcrích a mheastar a chosain thart ar €250,000.

D'éirigh leis an mBiúró orduithe Ard-Chúirte a fháil de bhua alt 2, alt 3 agus alt 7 d'Acht PoC agus in 2024, dhíol an Biúró an réadmhaoin sin, trí cheant poiblí, i gcomhair €410,000.



An Taobh Istigh de Réadmhaoin

Is éard atá i gceist leis an tríú réadmhaoin áit chónaithe ina bhfuil trí sheomra leapa agus áiléar athchóirithe in Iarthar Bhaile Átha Cliath. Cuireadh oibreacha athchóirithe i gcrích ar an réadmhaoin seo a mheastar a chosain breis is €431,000.

D'éirigh leis an mBiúró orduithe Ard-Chúirte a fháil de bhua alt 2, alt 3, alt 7 agus alt 4A d'Acht PoC agus in 2024, dhíol an Biúró an réadmhaoin sin, trí cheant poiblí, i gcomhair €284,000.



Athchóiriú Áiléir

Baineann an ceathrú réadmhaoin, an réadmhaoin deiridh, le teach leathscoite atá lonnaithe i gceantar Bhaile Átha Cliath 7. Ceannaíodh an réadmhaoin seo in 2008 agus chosain sí €330,000 a t-am sin.

Cuireadh oibreacha suntasacha forbartha agus athchóirithe i gcrích ar an réadmhaoin sna blianta ina dhiaidh sin – agus meastar gur chosain na hoibreacha sin thart ar €470,000.

Fuair an Biúró Orduithe Ard-Chúirte de bhua alt 2, alt 3 agus alt 7 d'Acht PoC. Tá an réadmhaoin seo fós i seilbh an Bhiúró agus díolfar í in am cuí.



An Taobh Istigh de Réadmhaoin

## Cás 5:

Rinne an Biúró imscrúdú ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí duine a bhí ag feidhmiú mar cheannaire ar ghrúpa coireachta eagraithe a raibh baint aige le cionta buirgléireachta suntasacha ar fud na tíre.

Shainaithin an Biúró réadmhaoin i gceantar Dheisceart Bhaile Átha Cliath a ceannaíodh i gcomhair €420,000 agus fuarthas comhaontú ón duine aonair maidir le haistriú na réadmhaoine chuig an mBiúró nuair a fuair sé bás.

Bhí an comhaontú maidir leis an réadmhaoin a aistriú in ionad ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh luach €170,000 a bhain leis féin agus lena bhean chéile. Tríd an gcomhaontú tugadh leas saoil sa réadmhaoin don duine aonair.

I ndiaidh bhás an duine aonair agus do bhaill teaghlaigh an réadmhaoin a fhágáil, dhíol an Biúró an réadmhaoin, trí cheant poiblí, i gcomhair €322,000.



An Taobh Istigh de Réadmhaoin

In 2024, tugadh €169,216.89 ar ais don Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil le fiachas leasa shóisialaigh a bhí gan íoc a chur i gcrích. Tugadh an €105,802.03 fágtha ar ais don Státchiste faoi reachtaíocht a bhain le Fáltais ó Choireacht in 2024.

Tarraingíonn an cás seo aird go sonrach ar na buntáistí a bhaineann le modh oibre uathúil an Bhiúró agus léiríonn sé conas is féidir leis an gcur chuige ilghníomhaireachta tacú le torthaí a bhaint amach faoi reachtaíocht a bhaineann le Fáltais ó Choireacht agus reachtaíocht Coimirce Sóisialaí.

Cás 6:

Rinne an Biúró imscrúdú ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí baill de ghrúpa coireachta eagraithe a bhí lonnaithe i gCo. Chiarraí arb é an modus operandi a bhí aige tairbhe a bhaint as cionta dallamullóg agus oibreacha tógála faoi bhun an chaighdeáin a dhéanamh. Sainaithníodh réadmhaoin i gCo. Chiarraí a bhí aistrithe chun tairbhe an duine aonair spriocdhírithe in 2014. Ag an am aistrithe, measadh go raibh luach €100,000 luaite leis an réadmhaoin.

Ghlac an Biúró páirt i gcomhaontú réitigh chánach leis an duine aonair sin in 2020. Thoiligh an duine aonair €180,000 a íoc leis an mBiúró agus leis an réadmhaoin a dhíol chun a dhliteanais chánach gan íoc a ghlanadh. Dhíol an Biúró an réadmhaoin sin, trí cheant poiblí, i gcomhair €172,268. Mar thoradh aran gcomhaontú cánach fuarthas €352,268.22 ar fad.

Is sampla rathúil eile fós é an cás sin den tslí a gcomhlíonann an Biúró a shainchúram chun fáltais ó choireacht a dhiúltú agus a cheilt ar choirpigh. Bhí torthaí le tabhairt faoi deara mar thoradh ar ár leagan amach uathúil ilghníomhaireachta, sa chás seo, faoi reachtaíocht Ioncaim.



An Taobh Istigh de Réadmhaoin

Cás 7:

I mí na Bealtaine 2019, chuir an Biúró tús le himscrúdú maidir le sócmhainní agus gníomhaíochtaí grúpa coireachta eagraithe a bhain le roinnt daoine arb eol go raibh baint acu le hiompar coiriúil tromchúiseach ar scála trasnáisiúnta.

Dhírigh an Biúró ar réadmhaoin ardluacha i gceantar Iarthar Bhaile Átha Cliath lena bhain luach de thart ar €1m.

Fuair an Biúró Orduithe Ard-Chúirte de bhua alt 2, alt 3 agus alt 7 d’Acht PoC i ndáil leis an réadmhaoin seo agus sócmhainní airgid eile. In 2024, dhíol an Biúró an réadmhaoin sin, trí cheant poiblí, i gcomhair €931,000.


Tugann an Biúró faoi deara go bhfuil an praghas díola seo de €931,000 i measc na bpraghsanna is airde a baineadh amach d’aon sócmhainn amháin go dtí seo.




An taobh amuigh de réadmhaoin

CRIMINAL ASSETS BUREAU

## Díol Réadmhaoine Críochnaithe, de réir an tsuímh, in 2024



# Cuid a Cúig

## *Gníomhartha Ioncaim ag an mBiúró*

### Forléargas

Cuireann Oifigigh Ioncaim an Bhiúró dualgais i gcrích de réir na nAchtanna seo a leanas - an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997, an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, arna leasú, (dá ngairtear na hAchtanna Cánach anseo ina dhiaidh seo) chun a chinntiú go bhfuil fáltais ó choireacht, nó coireacht a bhfuil amhras fúithi, faoi réir cánach.

San áireamh san obair sin tá an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a bhailiú ónár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta faoi fhorálacha alt 8 d'Acht CAB.

Oibríonn Oifigigh Ioncaim an Bhiúró i ndlúthpháirt lena gcomhghleacaithe in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuirtear cásanna imghabhála cánach a bhfuil amhras fúthu faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim chun tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh.

### Feidhmeanna Cánach

Seo a leanas achoimre ar ghníomhartha curtha i gcrích ag an mBiúró i rith 2024 agus nuashonrú maidir le stádas na n-achomharc a rinneadh de bhunadh measúnuithe agus cinntí cánach arna ndéanamh ag an mBiúró.

### Measúnuithe Cánach

Tá sé de chumhacht ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró measúnuithe a dhéanamh faoi alt 58 d'Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (dá ngairtear TCA 1997 anseo ina dhiaidh seo) - an t-alt muirearaithe.

I rith 2024, rinneadh measúnú ar 34 duine aonair agus eintiteas corparáideach faoi fhorálacha na nAchtanna Cánach.
Bhí luach iomlán na measúnuithe a eisíodh cothrom le €7.269 milliún.

### Achomhairc chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach

Bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) ar an 21 Márta 2016 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, arb é an phríomhfheidhm atá aige achomhairc i gcoinne an Bhiúró agus na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cánacha agus dualgais a éisteacht, a chinneadh agus a dhiúscairt de réir na reachtaíochta ábhartha.

I rith 2024, tugadh méadú eile faoi deara sa leibhéal rannpháirtíochta idir TAC agus Biúró. Bhí an rannpháirtíocht mhéadaithe sin mar bhonn le hobair leantach ar líon suntasach achomharc, lena n-áirítear roinnt cásanna oidhreachta a d'éiligh tacaíocht dhlíthiúil ó Rannóg um Shócmhainní Coiriúla Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh ag obair go dearfach le TAC agus é mar aidhm dlús a chur le gach achomharc cánach oscailte. I rith 2024, dhíbh TAC 5 achomharc agus d'aistarraing na hachomharcóirí 10 n-achomharc eile.

Lena chois sin, eisíodh 4 chinneadh i bhfabhar an Bhiúró. Amhail ag an 31 Nollaig 2024, bhí 14 achomharc oscailte.

In 2024 chuir an Biúró i gcoinne Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ar a phróisis agus ar phróisis TAC i ndáil leis an Dualgas Cruthúnais.

Chuir an Breitheamh Alexander Owens eolas maidir le cinneadh na hArd-Chúirte ar fáil ar an 30 Iúil 2024 agus thacaigh sé le seasamh an Bhiúró gur leis an achomharcóir a bhain an dualgas cruthúnais i ndáil le hachomharc chuig TAC. D'achomharc na gearánaithe an cinneadh chuig an gCúirt Achomhairc agus táthar ag súil go n-éistfear an cás ag tús 2025.

## Bailiúcháin

Tá an chumhacht ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró chun gach gníomh is gá a dhéanamh chun dliteanais chánach a íoc nuair a bhíonn siad críochnaitheach agus dochloíte.

Tá cumhachtaí an Ard-Bhailitheora ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró agus bailíonn siad fiachais chánach ar gach bealach is féidir. I measc na modhanna bailithe tá:

- Éilimh a eisiúint – Alt 960E TCA 1997
- Cumhacht astaithe – Alt 1002 TCA 1997
- Gníomh sirriam – Alt 960L TCA 1997
- Imeachtaí sibhialta – Alt 960I TCA 1997

## Aisghabhálacha

In 2024, d'aisghabháil an Biúró cáin ó 205 duine aonair agus eintiteas corparáideach, trí chomhaontuithe, forfheidhmiú, imeachtaí cúirte agus íocaíochtaí eile. Bailíodh €13.3 milliún ar fad.

Baineann an méadú suntasach a tugadh faoi deara idir 2023 agus 2024, go príomha le cinneadh an Bhiúró díriú ar eintiteas corparáideach mór ag a raibh dliteanais chánach shuntasacha, rud ba chúis le cáin luach €5.5 milliún a bheith á bailiú.

Bhain Oifigigh Ioncaim an Bhiúró úsáid as a gcumhacht faoi Alt 1002 TCA 1997 agus eisíodh 18 ordú astaithe lenar bhain luach sonrach de €1 mhilliún. Forfheidhmíodh 2 Bharántas Sirriam faoi Alt 960L TCA 1997 agus bhí méid an bharántais cothrom le €0.3 milliún.

Rinneadh athbhreithniú suntasach ar fhiachas oidhreachta ba chúis le 2 Thoghairm Achomair Ard-Chúirte a bheith á n-eisiúint lenar bhain luach €1.7 milliún.

## Éilimh

I rith 2024, bhí éilimh chánach (ús san áireamh) seirbheáilte de réir alt 960E TCA 1997 i ndáil le 38 duine aonair agus eintiteas corparáideach cothrom le €14 milliún.

## Glantaí

I rith 2024, ghlan 37 duine aonair dliteanais chánach gan íoc leis an mBiúró trí chomhaontú lena bhain suim iomlán de €12.1 milliún.

## Imscrúduithe

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag leanúint ar aghaidh ag obair le gach gníomhaireacht sa Bhiúró ar mhaithe le diúltú agus le ceilt tairbhí an iompair choiriúil i gcomhthéacs daoine aonair trí úsáid a bhaint as cumhachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim mar atá forordaithe in Alt 5(1)(b) d'Acht CAB, arna leasú. Rinneadh go leor iarrachtaí chun gach suim a bhailiú a ndearnadh a mheas i ndáil leis na daoine aonair i ndiaidh don duine aonair úsáid a bhaint as gach dúshlán dlí i ndáil leis na measúnuithe nó na nósanna imeachta measúnaithe.

Ina theannta sin, tacaíonn Oifigigh Ioncaim an Bhiúró le gníomhaíochtaí fáltais ó choireacht trí chur síos a dhéanamh ar na fíorais atá le fáil ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim, arna nochtadh i gceart, maidir leis an ioncam dearbhaithe, na sócmhainní faighte nó diúscartha i measc faisnéise eile. Déantar daoine aonair atá faoi réir measúnaithe cánach, faoi aon chineál cánach, a mheas bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Bhiúró nuair a ríomhtar na measúnuithe.

Tá ceart chun achomhairc ag na daoine aonair a ndearnadh measúnú orthu chun tairbhe a bhaint as gach córas dlí atá ar fáil chun dúshlán na measúnuithe a thabhairt. San áireamh tá achomharc a chur faoi bhráid TAC, achomharc ina dhiaidh sin a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte maidir le ponc dlí agus tuilleadh achomharc a chur faoi bhráid na nArd-Chúirteanna.
Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil an ceart ag daoine aonair measta athbhreithniú breithiúnach a lorg tríd an Ard-Chúirt má tá siad den tuairim nár cuireadh an próiseas ná an nós imeachta ceart i bhfeidhm.

Ní féidir tús a chur le bailiú na méideanna measta ach nuair atá na nósanna imeachta achomhairc agus athbhreithnithe curtha i gcrích agus nuair a mheastar go bhfuil an cháin críochnaitheach agus dochloíte.
Tá Oifigigh Ioncaim an Bhiúró ag leanúint ar aghaidh le glantaí a idirbheartú agus tá spriocanna an Bhiúró le cur san áireamh i rith na nósanna imeachta achomhairc agus athbhreithnithe. I ndeireadh na dála, mura bhfuil íocaíocht á cur ar fáil, agus má úsáideann an Biúró na modhanna bailithe ar fad atá ar fáil; astú, atreorú chuig an sirriam nó breithiúnais a chlárú in aghaidh daoine aonair nó sócmhainní na ndaoine aonair.

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, tá go leor cineálacha iompair choiriúil ann lena n-áirítear: Goid agus Calaois, Sciúradh Airgid trí Thrádáil Carranna Athláimhe, agus Díol agus Soláthar Drugaí Mídhleathacha. Foráiltear d'údarás na gCoimisinéirí Ioncaim chun measúnú a dhéanamh ar airgead faighte go neamhdhleathach ag daoine aonair faoi alt 58 TCA 1997:
*"**58.**-(1) Beidh cáin inmhuirearaithe ar bhrabúis nó gnóchain d'ainneoin gurbh amhlaidh, an tráth a rinneadh measúnacht i leith cánach maidir leis na brabúis nó na gnóchain sin*

*(a) Nárbh eol don chigire an bunadh ónar eascair na brabúis nó na gnóchain sin,*

(b) *Nárbh eol dó gur eascair na brabúis nó na gnóchain go hiomlán nó go páirteach ó bhunadh dleathach nó ó ghníomhaíocht dhleathach, nó*
(c) *Gur eascair na brabúis nó na gnóchain, agus gurbh eol don chigire gur eascair siad, ó bhunadh nó gníomhaíocht neamhdhleathach.*

*Agus, nuair a bheidh inmhuirearaitheacht na mbrabús nó na ngnóchan sin i leith cánach á cinneadh déanfar neamhshuim d'aon cheist i dtaobh arbh ó bhunadh nó ó ghníomhaíocht nach eol nó ó bhunadh nó ó ghníomhaíocht neamhdhleathach a d'eascair na brabúis nó na gnóchain sin go hiomlán nó go páirteach."*

Cuirtear an reachtaíocht seo i bhfeidhm go stuama nuair a bhíonn measúnuithe á ríomh bunaithe ar fhíorais agus ar fhaisnéis atá ar fáil.

## Feidhmeanna Custam & Mál

Tacaíonn feidhmeanna Custam agus Mál an Bhiúró le gach imscrúdú trí aon saincheist ábhartha a shainaithint laistigh de raon leathan reachtaíocht a bhaineann le Custaim, tacaíocht faisnéise agus oibriúcháin. Baineann an Biúró úsáid as cumhachtaí agus feidhmeanna Custam éagsúla lena n-áirítear idircheapadh paisinéirí, rialú iompórtála / easpórtála agus scrúdú ar earraí, forfheidhmiú VRT, rialú ceadúnais máil agus gach foráil choinneála agus urghabhála ghaolmhar. Déanann grúpaí coireachta tromchúisí agus eagraithe i ngach dlínse iarracht rialacháin Chustam a shárú mar chuid dá n-iarrachtaí brabúis shuntasacha a dhéanamh agus rialuithe AE agus náisiúnta a sheachaint.

Tá tionchar diúltach ag na gníomhaíochtaí sin ar an tsochaí trí chistí a cheilt ar an Státchiste agus na cistí sin a úsáid chun tacú le stíleanna maireachtála coirpeach.

## Pointí Iontrála / Imeachta sa Stát

Tacaíonn feidhmeanna custam ag calafoirt agus ag aerfoirt, go háirithe, le himscrúduithe an Bhiúró ar ghnéithe trasdlínsiúla na coireachta agus na mbrabús coiriúil. Baineann an Biúró úsáid as gach cumhacht atá ar fáil chun cosc a chur ar fháltais ó choireacht, in aon fhoirm, a bheith á n-aistriú trí chalafoirt agus aerfoirt ag coirpigh.

Arís eile in 2024, rinneadh monatóireacht agus idircheapadh ar líon níos mó coirpeach agus a gcomhpháirtithe trí, nó thar ceann, an Bhiúró fad is a bhí siad ag taisteal trí chalafoirt agus aerfoirt.

### *Trádáil Mótarfheithiclí*

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le himscrúdú a dhéanamh ar an earnáil trádála carranna athláimhe a bheith á imeascadh ag grúpaí coireachta eagraithe.

I rith 2024, rinne an Biúró imscrúduithe ar dhíoltóirí carranna athláimhe á n-oibriú ag, nó thar ceann, grúpaí coiriúla. I measc na n-idirghabhálacha sin bhí roinnt cigireachtaí a dhéanamh ar ionaid shonracha chun forálacha na

reachtaíochta VRT agus VAT a fhorfheidhmiú. Tá roinnt sáruithe ar Rialacháin VRT agus mí-úsáid scéimeanna VAT a bhaineann le feithiclí athláimhe sainaitheanta agus táthar ag déileáil leo sin go dáiríre.

Tá dlúthchomhar i ndáil le trádáil feithiclí athláimhe fós ar siúl idir an Biúró, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Coimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí (HMRC), an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (NCA), An Garda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim. I ndiaidh Brexit, tá dlúthchomhar i ndáil le trádáil feithiclí athláimhe fós ar siúl idir an Biúró agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile sa Stát agus sa Ríocht Aontaithe chun a chinntiú go bhfuil reachtaíocht Custam agus VAT á comhlíonadh.

*Dleacht Mháil*
I rith 2024, phléadáil sprioc ciontach as cionta máil a bhain le coinsíneacht tráchtála de thobac a urghabhadh i rith oibríocht chuardaigh de chuid an Bhiúró. Socróidh na cúirteanna dáta pianbhreithe i Ráithe 2 2025.

*Tacaíocht Oibriúcháin*
D'fháiltigh an Biúró roimh an cúnamh oibriúcháin a chuir réimsí speisialaithe ar fáil laistigh de Sheirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim i rith na bliana.

Ba mhaith leis an mBiúró aitheantas a thabhairt, go háirithe, don tacaíocht a fuarthas ó na hAonaid Gadhar Custaim i rith na bliana le 18 oibríocht chuardaigh mhórscála ar leith, a raibh roinnt cuardach ar fud na tíre i gceist leo ar fad. Tá ardmheas againn ar an tseirbhís den chéad scoth a chuir Oifig Nochta Sheirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil don Bhiúró.

*Coimisinéirí Ioncaim & Custam an Rí (HMRC)*
Éilíonn grúpaí coireachta eagraithe atá ag feidhmiú i ndlínsí éagsúla a chomhrac dlúthchomhar i measc údarás inniúil ar an dá thaobh den teorainn.

Riamh anall, bhí neart idirchaidrimh ar siúl idir an Biúró agus HMRC agus, go háirithe, Oifigeach Idirchaidrimh na Coireachta Fioscaí HMRC atá lonnaithe in Ambasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath. Leanadh ar aghaidh le malartú rialta agus tábhachtach na faisnéise coiriúla idir an Biúró agus HMRC i rith 2024 maidir le roinnt imscrúduithe beo.

Reáchtáladh roinnt cruinnithe i rith na bliana idir an Biúró agus oifigigh shinsearacha HMRC chun plé a dhéanamh ar rioscaí trasteorann atá ag forbairt agus chun teacht ar chomhaontú maidir le comhoibriú leantach amach anseo. Baineann an Biúró úsáid as gach gné den reachtaíocht chúnaimh fhrithpháirtigh, lena n-áirítear Custaim go Custaim nó Póilíní go Póilíní.

Tá Meabhrán Tuisceana leasaithe idir an Biúró agus HMRC dréachtaithe agus táthar ag súil go mbeidh sé comhaontaithe go hiomlán agus réidh le ceadú ag an dá ghníomhaireacht i Ráithe 3 2025

## Táblaí Ioncaim

Tábla 1: Measúnuithe Cánach

| Cineál Cánach | Cáin €M 2023 | **Cáin €M 2024** | Líon na Measúnuithe 2023 | **Líon na Measúnuithe 2024** |
|---|---|---|---|---|
| Cáin Ioncaim | 11.718 | 6.568 | 198 | 194 |
| Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGT) | .064 | 0.045 | 4 | 1 |
| Cáin Chorparáide (CT) | .265 | 0.012 | 1 | 1 |
| PAYE/PRSI | - | 0.034 | - | 2 |
| Cáin Bhreisluacha (VAT) | 3.437 | 0.477 | 11 | 14 |
| Cáin Fáltas Caipitiúil (CAT) | .089 | 0.112 | 2 | 10 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT) | - | 0 | - | - |
| Cáin Conarthaí Iomchuí | - | 0.013 | - | 1 |
| TWSS | - | 0.008 | - | 1 |
| **Iomlán** | **15.573** | **7.269** | **216** | **224** |

Tábla 2: Cáin, Ús agus Pionóis Bailithe

| Cineál Cánach | Cáin €M 2023 | **Cáin €M 2024** |
|---|---|---|
| Cáin Ioncaim | 3.605 | 4.949 |
| Cáin Gnóthachan Caipitiúil | .058 | 0.075 |
| Cáin Chorparáide | .217 | 0.376 |
| PAYE / PRSI | .181 | 0.414 |
| Cáin Bhreisluacha | 1.046 | 6.707 |
| Cáin Gnóthachan Caipitiúil | .088 | 0 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | .071 | 0.079 |
| Custaim & Mál | .225 | 0.103 |
| Cáin Cláraithe Feithiclí | .124 | 0.344 |
| Cáin Conarthaí Iomchuí | .177 | 0.301 |
| Eile | 0 | 0.02 |
| **Iomlán** | **5.792** | **13.368** |

*I gcásanna áirithe, baineadh úsáid as fáltas amháin chun cineálacha cánach éagsúla a chlúdach

Tábla 3: Cáin agus Ús Éilithe

| Cineál Cánach | Cáin €M | | Ús €M | | Iomlán €M | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2024 | 2023 | 2024 | 2023 | 2024 |
| Cáin Ioncaim | 5.992 | 6.7 | 3.698 | 6.434 | 9.690 | 13.134 |
| CGT | 0.164 | - | .067 | - | .231 | - |
| CT | - | 0.036 | - | 0.005 | - | 0.041 |
| PAYE/PRSI | - | 0.180 | - | 0.151 | - | 0.331 |
| VAT | 2.434 | 0.183 | 1.512 | 0.129 | 3.946 | 0.312 |
| CAT | - | 0.089 | - | 0.077 | - | 0.166 |
| RCT | - | 0.013 | - | 0.004 | - | 0.017 |
| Dleacht Stampála | .001 | - | .001 | - | .002 | - |
| TWSS | - | 0.008 | | -- | | -- |
| **Iomlán** | **8.591** | **7.209** | **5.278** | **6.8** | **13.869** | **14.001** |

*Rinneadh measúnú do chineálacha cánach éagsúla ar roinnt cásanna.

Tábla 4: Tábla na hAchoimre Cánach

| **Ceannteidil Chánach** | **2023 €M** | **2024 €M** |
|---|---|---|
| Cáin Measta | 15.6 | 7.2 |
| Cáin Éilithe (Ús san Áireamh) | 13.9 | 14 |
| Cáin Bailithe | 5.8 | 13.4 |

Tábla 5: Táblaí Custam

| **Custaim** | **Sprioc** | **Aschur** |
|---|---|---|
| **Custaim – Feidhmeanna an Oifigigh Rialaithe**<br>Ceadúnais mháil / Údarú VRT athbhreithnithe | 5 | 6 |
| Oibríochtaí comhlíonta curtha i gcrích | 10 | 11 |

**Tá tionchar ag na cineálacha cásanna atá á n-imscrúdú ar an gceanglas a bhaineann le hIdirghabhálacha Custam rud a mbíonn tionchar aige ar leibhéal na n-imscrúduithe comhpháirteacha a chuirtear i gcrích i rith na bliana.*

# Cuid a Sé
## *Gníomhartha Leasa Shóisialaigh an Bhiúró*

### Forléargas

Is é ról Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh (OBLSanna) gach gníomh is gá a dhéanamh faoi Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, de bhua a bhfeidhmeanna mar atá leagtha amach in alt 5(1)(c) d'Acht CAB.

Fad is a bhíonn na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh, déanann OBLSanna imscrúdú ar agus déanann siad cinneadh maidir le teidlíocht d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh daoine a bhfuil baint acu le gníomhaíocht choiriúil. Chomh maith leis sin, tá sé de chumhacht ag OBLSanna airgead a aisghabháil de réir mar is cuí.

In 2024, ghlac OBLSanna páirt i roinnt imscrúduithe agus gníomhartha a bhí mar bhonn le Coigilteas, Measúnuithe Ró-íocaíochta agus Aisghabhálacha Díreacha lenar bhain luach airgid iomlán de €5,051,577.

I rith 2024, cumhachtaíodh OBLSanna, trí Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024, chun fógra astaithe a thabhairt i ndáil le méid ábhartha gan ceanglas a bheith ann fanacht ar feadh na dtréimhsí a bhí riachtanach roimhe sin. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cumhachtaí cosúla ag OBLSanna anois is atá ag a gcomhghleacaithe Ioncaim laistigh den Bhiúró chomh fada is a bhaineann le hastuithe.

### Aisghabhálacha

Tá an chumhacht ag OBLSanna chun ró-íocaíochtaí ó dhaoine aonair a aisghabháil. Glactar leis gurb ionann ró-íocaíocht agus fiachas atá dlite don Státchiste. Baineann an Biúró tairbhe as roinnt modhanna chun fiachais a aisghabháil lena n-áirítear íocaíochtaí trí chnapshuim agus nó socrú tráthchodanna.

Mar thoradh ar ghníomhartha a chuir OBLSanna i gcrích, cuireadh suim iomlán de €566,219 ar ais sa Státchiste in 2024, rud a sháraigh sprioc an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta trí €500,000.

### Ró-íocaíochtaí

Chomh maith leis sin, mar thoradh ar na himscrúduithe a cuireadh i gcrích, sainaithníodh agus rinneadh measúnú ar ró-íocaíochtaí a bhain le daoine aonair mar thoradh ar ghníomhaíocht chalaoiseach.

Glactar leis gurb ionann ró-íocaíocht agus aon íocaíocht a fhaigheann duine aonair thar thréimhse ama, íocaíocht nach bhfuil teidlíocht nó teidlíocht laghdaithe acu a leithéid a fháil agus dá réir sin, bíonn aon íocaíocht a fhaightear i ndáil leis na tréimhsí sin mar bhonn le fiachas a bhíonn dlite don Roinn Coimirce Sóisialaí.

I rith 2024, bhí ró-íocaíochtaí arna meas agus arna n-éileamh cothrom le €3,708,809 figiúr a sháraigh an sprioc €3m a bhí luaite leis an gComhaontú Soláthair Feidhmíochta.

### Coigilteas

I ndiaidh imscrúduithe a chuir OBLSanna i gcrích in 2024, bhí coigilteas iomlán mar thoradh ar fhoirceannadh, scor nó laghdú

íocaíochtaí do dhaoine aonair, nach raibh i dteideal íocaíocht a fháil, cothrom le €776,549, figiúr a sháraigh sprioc an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta luach €675,000.

| Tábla Achomair | 2023 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Aisghabhálacha | 639,910 | 566,219 |
| Ró-íocaíochtaí | 3,315,044 | 3,708,809 |
| Coigilteas | 713,091 | 776,549 |
| **Iomlán** | **4,668,045** | **5,051,577** |

## Alt 5(1)(c) & 5(1)(d) d'Acht CAB, 1996

*Cás 1:*
Bhí imscrúdú déanta ag an mBiúró ar lánúin sna blianta roimhe sin. I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh, ardaíodh ró-íocaíocht chomhpháirteach luach €170,000 ina gcoinne. Thángthas ar chomhaontú a chiallaigh go mbeadh a réadmhaoin á díol ina dhiaidh sin chun an fiachas sin a chlúdach.

In 2024, cuireadh an díolachán i gcrích agus aisghabhadh an fiachas iomlán agus tugadh an t-airgead ar fad ar ais don Roinn Coimirce Sóisialaí. Faoi théarmaí an chomhaontaithe a síníodh, tugadh iarmhéid an phraghais díola ar ais don Státchiste.



An Taobh Istigh de Réadmhaoin

*Cás 2:*
I ndiaidh méid mór airgid a urghabháil agus a atreorú chuig an mBiúró, rinne OBLS imscrúdú ar stair leasa shóisialaigh duine aonair.

Cinneadh go raibh Ró-íocaíocht Leasa Shóisialaigh sa bhreis ar €100,000 déanta.

Chun an fiachas gan íoc a aisíoc, forghéilleadh an t-airgead a urghabhadh agus thángthas ar chomhaontú maidir le suim aisíocaíochta mhíosúil a chiallóidh go mbeidh an tsuim sé fhigiúr á haisghabháil agus á tabhairt ar ais don Státchiste.

*Cás 3:*
Roinnt blianta roimhe sin, rinneadh ró-íocaíocht sa bhreis ar €100,000 a meas a bhain le duine aonair agus a raibh méideanna beaga di aisghafa.

Idir an dá linn, bhí an duine aonair faoi réir imscrúdaithe choiriúil ar urghabhadh thart ar €75,000 mar thoradh air.

I ndiaidh an cheist sin a réiteach, d'úsáid OBLS na cumhachtaí a tugadh in 2024 chun astú a sheirbheáil i ndáil leis an airgead sin agus tá an t-airgead tugtha ar ais don Státchiste ó shin

# Cuid a Seacht
## *Imscrúduithe tábhachtacha déanta ag an mBiúró*

### Réamhrá

Tugtar léargas sna cásanna seo a leanas ar na hiarratais rathúla a chuir an Biúró i gcrích in 2024.

Is fianaise iad na cásanna sin ar na cineálacha sócmhainní a urghabhadh, ar dháileadh geografach na spriocanna agus ar na cineálacha coireanna a raibh baint ag na daoine aonair sin leo.

### Imscrúduithe 2024

Cás 1:

D'éirigh leis an mBiúró díriú ar cheannaire grúpa coireachta eagraithe trasnáisiúnta gáinneála ar dhrugaí.

Fuair an Biúró orduithe de bhua alt 3 agus alt 7 d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoin chónaithe scoite shuntasach i gCo. Lú
- Cistí luach €103,608
- Na fáltais a bhain le feithicil a dhíol.



Amharc ar chúirt leadóige ó réadmhaoin urghafa

Cás 2:

I ndiaidh don Bhiúró imscrúdú a dhéanamh ar shócmhainní agus ar ghnóthaí baill shinsearaigh de dhrong robála, d'éirigh leis an mBiúró iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte d'orduithe de bhua alt 3 agus alt 7 d'Acht PoC a bhain le réadmhaoin chónaithe shuntasach i mBaile Átha Cliath.



Taobh istigh de réadmhaoin

Cás 3:

Rinne an Biúró imscrúdú ar shócmhainní agus ar ghnóthaí príomhbhaill de cheann amháin de dhá ghrúpa shuntasacha coireachta eagraithe thrasnáisiúnta gáinneála ar dhrugaí, a bhfuil aighneas eatarthu, atá ag obair ón dlínse seo.

Mar thoradh ar imscrúdú an Bhiúró d'éirigh le hiarratas a rinneadh ar orduithe faoi alt 3 agus alt 7 d'Acht PoC i ndáil le réadmhaoin chónaithe shuntasach mar aon le feithicil agus uaireadóir Rolex.




Oifigigh an Bhiúró ag dul isteach i réadmhaoin

Cás 4:
D'éirigh leis an mBiúró díriú ar shócmhainní duine aonair a bhfuil baint aige nó aici le díol agus le soláthar drugaí rialaithe in Oirthuaisceart na tíre.

Forghéilleadh suim airgid luach €318,645 don Stát i ndiaidh do CAB iarratas a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte.


Airgead Urghafa

Cás 5:
Urghabhadh na sócmhainní sa chás seo ó dhaoine aonair a bhfuil baint acu le grúpa coireachta eagraithe aitheanta i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath a raibh baint aige le díol agus le soláthar drugaí rialaithe.

D'éirigh leis an mBiúró cás a thabhairt chomh fada leis an Ard-Chúirt agus orduithe a fháil de bhua alt 3 agus alt 4A d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- Feithicil Scairdsciála agus leantóir
- Luasbhád agus leantóir


Sócmhainní urghafa

Cás 6:
Rinne an Biúró imscrúdú ar shócmhainní agus ar ghnóthaí duine aonair a bhfuil baint aige nó aici le díol agus le soláthar drugaí rialaithe in Iardheisceart na tíre thar thréimhse 20 bliain.

D'éirigh leis an mBiúró orduithe Ard-Chúirte a fháil de bhua alt 3 d'Acht PoC i ndáil le cúig fheithicil lenar bhain luach carnach de €99,000 i dteannta le hairgead tirim agus cistí luach €59,141.

Cás 7:
I ndiaidh atreorú a fháil ó Phróifíleoir Rannach um Shócmhainní, chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní agus ar ghnóthaí baill shinsearaigh de ghrúpa coireachta eagraithe i lár na tíre a bhfuil baint aige le díol agus le soláthar drugaí rialaithe.

Mar thoradh ar an imscrúdú, cuireadh iarratas os comhair na hArd-Chúirte faoi alt 3 d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoin chónaithe
- Cúig fheithicil
- Airgid tirim agus cistí lenar bhain luach de €68,692
- Só-earraí


Feithiclí urghafa

# Cuid a hOcht
## *Breithiúnais Chúirte Shuntasacha i rith 2024*

I rith 2024, chuir na cúirteanna breithiúnais scríofa ar fáil sna cásanna seo a leanas:

1. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Mary Cash (Née Kiely)
2. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Stefan Saunders & Tammy Saunders
3. J.S.S. & ors –v- Coimisinéir um Achomharc Cánach agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (NP)

### An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Mary Cash (Neé Kiely)

Cúirt Achomhairc Uimh. Taifid 2023 236

Cúirt Achomhairc (Ex Tempore) – Curtha ar fáil ag an mBreitheamh Onórach Noonan ar an 18 Eanáir 2024.

Lua Neodrach: [2024] IECA 13

**Achoimre**

Lorg an t-achomharc *inter alia* orduithe de bhua alt 3 d'Acht PoC i ndáil le 17 shócmhainn ina gcuimsítear réadmhaoin chónaithe amháin (an "Réadmhaoin"), mótarfheithicil Volkswagen Golf, uaireadóirí éagsúla, earraí seodra agus málaí láimhe ardluacha a bhí i seilbh agus á rialú ag an bhFreagróir.

Trí bhíthin chúlra an cháis, d'áitigh an Biúró gur cheannaigh an Freagróir na sócmhainní ábhartha trí úsáid a bhaint as fáltais buirgléireachtaí déanta ag grúpa coireachta eagraithe (OCG) a raibh fear céile an Fhreagróra, Andrew Cash agus a deartháir, Henry Kiely, páirteach ann.

Lena chois sin, bhí cionta taifeadta ag an bhFreagróir a bhain le cionta tráchta ar bhóithre ach creideadh freisin go raibh tacaíocht iompair agus lóistíochtúil á cur ar fáil ag an bhFreagróir freisin i ndáil le gníomhaíochtaí OCG. Os a choinne sin, cúisíodh í i naoi gcomhaireamh a bhain le cionta sciúrtha airgid. Is léir ó imscrúdú an Bhiúró, le haghaidh na mblianta idir 2015 agus 2019, nach ionann caiteachas chuntas bainc an Fhreagróra agus an cineál caiteachais a mbeifí ag súil leis chun tacú le teaghlach ina bhfuil ceathrar daoine. I rith na tréimhse sin, níl aon idirbheart soiléir i gcuntas bainc an Fhreagróra a bhaineann le bia, éadaí, breosla agus costais ghaolmhara laethúla eile.

Anuas air sin, tagann ioncam dlisteanach aitheanta an Fhreagróra go príomha ó íocaíochtaí agus ó ioncam leasa shóisialaigh, tástáilte ó thaobh acmhainne, nach ionann a méid agus a mhinicíocht chun cur ar chumas duine na sócmhainní ábhartha a fháil.

Is é an t-aon fhoras achomhairc go ndearna breitheamh na trialach earráid nuair a cinneadh gur shásaigh an Biúró an caighdeán cruthúnais de bhua alt 8(2) den Acht go raibh an réadmhaoin faighte, go hiomlán nó i bpáirt, le nó i ndáil leis an réadmhaoin sin, arb ionann a leithéid, go díreach nó go hindíreach, agus fáltais ó choireacht.

**Coimeádta:**

Thug an chúirt dá haire, tríd an t-achomharc a dhíbhe, go ndearna an tAchomharcóir iarracht cuireadh a thabhairt don chúirt teacht ar thátal difriúil ar bhonn na fianaise céanna a tairgeadh sa chúirt trialach:

20. *Is é an príomhfhoras achomhairc a bhfuiltear ag brath air go ndearna an breitheamh cinneadh mícheart nuair a chinn sé nó sí go raibh an dualgas cruthúnais in imthosca ina raibh coinbhleacht leasa sna mionnscríbhinní ar an dá thaobh urscaoilte ag CAB a bhí neamhréitithe trí chroscheistiú. Táthar ag brath ar shliocht in McGrath ar Fhianaise (3ú hEagrán) ag mír 2.157 ina sonraítear: "Dá bhrí sin, arna éisteacht faoi mhionnscríbhinn, má tá díospóid fíorais ann i ndáil le saincheist agus mura ndéantar aon chroscheistiú ar na mionnscríbhinní ar shlí a chiallaíonn nach féidir le breitheamh na trialach cinneadh a dhéanamh maidir le cén leagan de na himeachtaí is dóchúla, déanfar cinneadh maidir leis an tsaincheist in aghaidh an pháirtí atá freagrach as an dualgas cruthúnais."*

21. *Áitíonn Abhcóide Bhean Uasal Cash, in aighneachtaí scríofa, i ndáil leis an airgead a tuilleadh san Astráil, go raibh coinbhleacht neamhréitithe ann atá mínithe aige mar seo a leanas (ag mír 16): "Is é an t-airgead seo a shonraíonn an Freagróir a úsáideadh le himeacht ama chun capaill, carbháin agus earraí eile a dhíol agus a cheannach, rud a chuir ar a cumas Réadmhaoin a cheannach do shuim €100,000 i mí na Samhna 2018 gan morgáiste a fháil".*

22. *Tá mise den tuairim nach bhfuil an fhianaise ag tacú leis an aighneacht sin. Níl aon rud mar sin sonraithe ag Bean Uasal Cash. Mar is léir ón méid thuasluaite, mhionnaigh Bean Uasal Cash, dhá uair ar leithligh, sna téarmaí is soiléire, gur úsáideadh an t-airgead a tuilleadh san Astráil chun an teach a cheannach. Go deimhin, ina dara mionnscríbhinn, déanann sí amháin sa deimhneasc de chuid an Gharda Denvir nach bhféadfaí an t-airgead sin a úsáid don cheannachán. Seachas díriú ar an bhfianaise sin, go simplí, athshonraíonn sí an méid a mionnaíodh ina mionnscríbhinn roimhe sin, ainneoin go bhfuil sé soiléir anois nach bhféadfadh sé sin a bheith fíor. Dá réir sin, tá an aighneacht seo aincheaptha go suntasach. Is í fírinne an scéil, bunaithe ar mo bhreithiúnas, nach raibh aon choinbhleacht dháiríre ann idir na mionnscríbhinní a d'éiligh réiteach trí chroscheistiú. Fiú amháin dá bhféadfaí a rá nach raibh aon choinbhleacht dá leithéid ann, mar atá luaite ag McGrath sa sliocht thuas, ba cheart an choinbhleacht a réiteach i gcoinne an pháirtí a bhfuil an dualgas cruthúnais luaite leis nó léi agus sa chás seo, i ndiaidh do CAB cás prima facie a bhunú de réir chinneadh an bhreithimh, go raibh an dualgas ar Bhean Uasal Cash.*

23. *Tá mise den tuairim nár éirigh le Bean Uasal Cash léargas a thabhairt ar aon earráid i gcur chuige bhreitheamh na trialach san fhianaise sa chás seo, agus go raibh a chonclúidí dochosanta. Ba léir gurb é an cás a rinne an t-achomharcóir faoi mhionnscríbhinn gurb éard a bhí san airgead a úsáideadh chun an*

*teach a cheannach airgead a tuilleadh san Astráil. Léiríodh in anailís a rinne oifigigh CAB ina dhiaidh sin ar na cuntais bhainc Astrálacha nach bhféadfadh sé sin a bheith fíor. Ba í an fhianaise neamhchonspóidte go raibh an t-airgead ar fad beagnach a tuilleadh san Astráil caite tréimhse mhaith sular ceannaíodh an teach a bhí bunaithe ar lóisteálacha suntasacha a rinneadh ina dhiaidh sin a bhfuil a bhformhór gan mhíniú.*

24. *Ní thuigim conas is féidir a rá nach raibh cás prima facie bunaithe ag CAB ar bhonn na fianaise ar thagair mé di. Bhí an fhianaise soiléir agus doshéanta nach raibh aon mhíniú, nó aon mhíniú dlisteanach, luaite le foinse na gcistí a úsáideadh chun an teach cónaithe a cheannach. Dá réir sin, ba léir gur athraigh an dualgas go dtí Bean Uasal Cash chun an cás prima facie sin a bhréagnú - féach sa chomhthéacs sin breithiúnas na Cúirte Uachtaraí in McK v D. [2004] 2 IR 470 ag 491 - 492. Is é sin go díreach an cur chuige a d'úsáid breitheamh na trialach anseo agus trí thrácht ar bhréagnú airbheartaithe Bhean Uasal Cash i ndáil le cás prima facie CAB, d'áitigh sé go raibh easpa rannpháirtíochta aonair le fianaise agus le mínithe CAB a tairgeadh nach raibh, i mbeagán focal, inchreidte, nó mar a dúirt an breitheamh, "go hiomlán neamháititheach".*

Dá réir sin, i mbreithiúnas d'aon ghuth, d'áitigh an chúirt nach ndearna breitheamh na trialach aon earráid agus cinneadh an t-achomharc a dhíbhe.

## An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Stefan Saunders agus Tammy Saunders

Achomharc Uimh. 270/2022

Breithiúnas scríofa na Cúirte Achomhairc curtha ar fáil ag an mBreitheamh Onórach Faherty ar an 15 Feabhra 2024.

Lua Neodrach: [2024] IECA 35

**Achoimre**

Thionscain an Biúró imeachtaí ag lorg, *inter alia*, orduithe de bhua alt 3 d'Acht PoC i gcoinne réadmhaoin chónaithe na bhFreagróirí ag Páirc Hazelbury, Baile Átha Cliath 15.

In imeachtaí na hArd-Chúirte, d'áitigh an Biúró gur ceannaíodh an réadmhaoin ábhartha le fáltais ó iompar coiriúil an Chéad Fhreagróra, go háirithe, de bhua a róil mar phríomhbhall agus mar threoraí OCG a bhí dírithe go speisialta ar robáil armtha, robáil airgid faoi bhealach agus fuadach tíograch.

D'áitigh an Ard-Chúirt go raibh bunús maith leis an áitiú sin agus dheonaigh an Ard-Chúirt na horduithe a lorgaíodh. Cuireadh achomharc maidir leis sin faoi bhráid na Cúirte Achomhairc ar an dá bhonn seo a leanas:

1. *Rinne Breitheamh Léannta na Trialach earráid fíorais agus dlí nuair a cinneadh gurb ionann an réadmhaoin, ábhar an iarratais seo, agus fáltais ó choireacht "bunaithe ar ghníomhaíochtaí a rinne [an chéad achomharcóir] mar bhall de*

*dhrong robálaithe" agus cuireadh san áireamh fianaise a bhain le líomhain choiriúlachta nár cuireadh an Chéad Achomharcóir Ainmnithe faoi thriail [i ndáil leis] de réir Airteagal 38 de Bhunreacht na hÉireann agus, dá réir sin, tá tátail Bhreitheamh Léannta na Trialach ag sárú chearta an Chéad Achomharcóra Ainmnithe, go háirithe a cheart chun toimhde na neamhchiontachta, an ceart chun triail chóir a fháil os comhair Giúiré agus gach coimirce nós imeachta eile i ndáil leis an méid sin.*

2. *Rinne Breitheamh Léannta na Trialach earráid fíorais agus dlí trí chinneadh a dhéanamh nach raibh an mhoill a bhí ar an bhFreagróir an t-iarratas a dhéanamh de bhua alt 3, in imthosca ina raibh imscrúdú déanta cheana féin ag seirbhísigh agus/nó ag gníomhairí an Fhreagróra i ndáil leis na hidirbhearta réadmhaoine, ábhar na n-imeachtaí seo, mar bhonn le riosca tromchúiseach éagóra do na hAchomharcóirí.*

Chuir an Biúró i gcoinne an achomhairc ina iomláine.

**Coimeádta:**
Tríd an t-achomharc a dhiúltú, d'fhéach an Chúirt Achomhairc ar an bhfianaise shuntasach ar choiriúlacht a bhí ar fáil nuair a ceannaíodh an réadmhaoin ábhartha.

Agus achoimre á déanamh ar an gcéad fhoras achomhairc – thug an chúirt faoi deara gur dhearbhaigh an tAchomharcóir gur bhain gníomhaíochtaí an Bhreithimh úsáid as na cosaintí atá le fáil in Airteagal 6(2) agus in Airteagal 7 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint ("an Coinbhinsiún") a mhéad is gur cinneadh go raibh an réadmhaoin i gceist á maoiniú ó "ghníomhaíochtaí an [chéad achomharcóra] mar bhall de dhrong robálaithe". D'fheidhmigh an Breitheamh lasmuigh de raon feidhme Acht 1996 agus, dá réir sin, trasnaíodh an tairseach idir imeachtaí sibhialta agus coiriúla, ach níor cuireadh cosaintí na trialach coiriúla ar fáil don chéad achomharcóir.

Fad is a bhí Flaherty J. ag déileáil leis an tsaincheist seo, thagair sé do bhreithiúnas Keane CJ in *Murphy*

> *"Ní chruthaíonn an tsaincheist sa chás seo dúshlán do cheart bunreachtúil bailí chun réadmhaoine. Baineann sé le ceart an Stáit, réadmhaoin a ghlacadh, nó ceart saoránaigh chun diúltú cead a thabhairt don Stát, réadmhaoin a ghlacadh atá cruthaithe gur dóichí gurb ionann í agus fáltais ó choireacht. Go ginearálta, ní hionann a leithéid sin d'fhorghéilleadh agus pionós agus ní theastaíonn nósanna imeachta coiriúla chun a leithéid a dhéanamh. Ní mór go mbeadh cur i bhfeidhm a leithéid sin de reachtaíocht íogair don réadmhaoin iarbhír agus do chearta eile saoránach ach i bprionsabal agus faoi réir, gan amhras, fadhbanna speisialta a d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcásanna áirithe, ní féidir le haon duine a bhfuil fáltais ó choireacht ina s(h)eilbh cúis ghearáin bhunreachtúil*

> *a bheith aige nó aici mura n-úsáidtear a leithéid." (mír 153)*

Bhreithnigh sé na húdaráis de chuid na Stát Aontaithe ar tagraíodh dóibh i mbreithiúnas *Murphy* agus dúirt,

> *"cuireann siad go suntasach leis an tuiscint i gcás imeachtaí rem a bhaineann le forghéilleadh réadmhaoine, fiú amháin sa chás go bhfuil nósanna imeachta comhthreomhara ann chun cionta coiriúla a ionchúiseamh a eascraíonn as na himeachtaí céanna, go bhfuil siad sibhialta agus go bhfuil an prionsabal seo fréamhaithe go domhan sa chóras dlí Angla-Mheiriceánach." (mír 153)*

Agus breithniú á dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag Airteagal 6(2) agus Airteagal 7 den Choinbhinsiún, thagair an chirt do Bhreithiúnas Feeney J in *Gilligan* ag mír 3.6*:*

> *"…Agus aghaidh á tabhairt ar an gceist maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart glacadh leis an nós imeachta do chaomhnú agus más iomchuí, diúscairt réadmhaoine, dá bhforáiltear dó in Acht 1996 mar nós imeachta pionósach agus, dá bhrí sin, laistigh de raon Airteagal 7.1 den Choinbhinsiún, glacann an Chúirt le agus leanann sí ar aghaidh le sainaithint ábhar ábhartha atá le breithniú a leag Newman J. Amach i gcás Ashton. Bhí na nithe sin leagtha amach ar dtús i gcás McGuffie agus bhí siad ceadaithe i gcás Ashton. Nuair a thugann duine aird ar gach ceann de na nithe sin trí thagairt d'Acht 1996, is léir go bhfuil an reachtaíocht treoraithe i gcoinne réadmhaoine (i.e. in rem) seachas i gcoinne cosantóra nó Freagróra go bhfuil na himeachtaí á n-éisteacht ag cúirt shibhialta agus nach mbaineann ceist le ciontacht cosantóra nó Freagróra agus nach mbeidh an cosantóir nó an Freagróir ag déileáil le cúiseamh coiriúil nó nach féidir é nó í a ghabháil nó a athchur nó a chomhéigniú chun freastal ar agus ní féidir leis na himeachtaí a bheith mar bhonn le ciontú coiriúil nó le haon tátal ciontachta nó le forchur aon phianbhreithe agus ní bheidh cinneadh na cúirte sibhialta mar bhonn le hordú a d'fhéadfaí glacadh leis mar chuid de thaifead coiriúil agus níl gaolta le haon imeacht coiriúil ar leith nó ní féidir leo a bheith mar bhonn le haon imeacht coiriúil a bheith á athoscailt. Go mbíonn an anailís sin a úsáideann agus a ghlacann le sainaithint ábhar ábhartha atá le breithniú agus na nithe sin a chur i bhfeidhm i ndáil leis an scéim agus le nósanna imeachta Acht 1996 mar bhonn leis an gconclúid go bhfuil Acht 1996 sibhialta seachas pionósach."*

54. *Thug Feeney J. faoi deara in Walsh v. UK [2006] ECHR 43384/05, a dhéileáil le dúshlán do UK Proceeds of Crime Act 2002 (reachtaíocht atá cosúil le hAcht 1996), gur chinn ECtHR nach raibh cúiseamh coiriúil san áireamh in imeachtaí sa Ríocht Aontaithe. Thug sé faoi deara freisin, in Murphy, mar phríomh-shaincheist*

*a bhí le breithniú, gur shainaithin an Chúirt Uachtarach cibé acu an raibh nó nach raibh na nósanna imeachta ar foráladh dóibh in Acht 1996, coiriúil, agus gur chinn an Chúirt nach raibh siad coiriúil, rud a sholáthar "réasúnacht áititheach agus láidir bhreise" dó a bheith sásta, fiú amháin dá bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna Coinbhinsiúin ar tarraingíodh aird orthu, nach raibh aon sárú ar Airteagal 7 i gceist "de bhrí go bhfuil na himeachtaí sibhialta seachas coiriúil"."*

Agus aghaidh á tabhairt ar cibé acu an raibh breitheamh na trialach i ndiaidh díriú ar thriail choiriúil, i ndáil le substaint mura raibh foirm i gceist, trí thorthaí sainráite a sholáthar maidir le cás sonrach coiriúlachta (eadhon, ruathar airgid faoi bhealach Brinks Allied ar an 30 Márta 2005) agus trína áitiú go raibh airgead a bhí fógartha do na Coimisinéirí Ioncaim mar airgead a bhí ag teacht ó fhoinse dhlisteanach, ag teacht ó fháltais ó choireacht i ndáiríre.

Cuimsítear i mBreithiúnas na Cúirte Achomharc idir mír 75 – 79 sonraí achomair maidir le fianaise an Bhiúró don áitiú seo agus ina dhiaidh sin ag mír 80 - mír 87, ina ndéantar cur síos ar fhreagairt an Achomharcóra don fhianaise sin. Lean an chúirt ar aghaidh le conclúid ó mhír 88:

*88. Mar is léir óna bhreithiúnas, is léir gur aithin agus gur ghlac an Breitheamh leis go bhfuair na hachomharcóirí roinnt ioncaim ó fhostaíocht dhlisteanach, ach chinn sé freisin, rud a raibh cead aige a dhéanamh ar bhonn na fianaise a chuir an Biúró os a chomhair agus de bhrí gur dhiúlaigh sé d'fhianaise mhionnscríbhinne an achomharcóra bunaithe ar na cúiseanna a shonraigh sé, nach bhféadfaí glacadh leis an ioncam chun cuntas a dhéanamh ar an airgead a bhí acu ag tréimhsí éagsúla idir 2005 agus 2008. Trí bhíthin sampla, chinn an Breitheamh (ag mír 14) go raibh difreálach ollmhór idir foinse dhlisteanach ioncam an achomharcóra agus an méid airgid a chaith an t-achomharcóir sa tréimhse idir 2003 – 2006. Os a choinne sin, ainneoin gur ghlac an Breitheamh leis gur thuill an t-achomharcóir roinnt ioncaim óna chuid oibre mar phláistéir, bhí sé sásta gur theip ar na hachomharcóirí cuntas a dhéanamh ar an difreálach ollmhór idir an t-ioncam dlisteanach agus an caiteachas sa tréimhse idir 2003-2006. Tríd an gcinneadh sin a dhéanamh, bhí fianaise ó Chuntasóir Fóiréinseach an Bhiúró, Uimh. 68, á cur san áireamh aige, nár tugadh dúshlán a chonclúidí, pointe ar thagair an breitheamh dó i mír 110 dá bhreithiúnas, sa tuarascáil fhóiréinseach a chuir na hachomharcóirí ar fáil mar fhianaise.*

*89. Chuir torthaí an Bhreithimh i ndáil le mainneachtain an achomharcóra cuntas a dhéanamh ar na difreálach idir an t-ioncam agus an caiteachas, agus frásaíocht Murray J. in McCormack*

*in úsáid, leis an mbonn fianaise don chonclúid go raibh an méid seo a leanas fíor faoin bhfaisnéis a chuir an Biúró ar fáil, "soláthraíonn an fhianaise tacaíocht an-láidir agus an-áititheach don tuiscint, in intinn Phríomhoifigeach an Bhiúró, go bhfuair [na hachomharcóirí] Páirc Hazelbury agus Faiche Mayeston trí úsáid a bhaint as fáltais ó choireacht" (mír 6), agus a chonclúid gur "mhaoinigh fáltais ó choireacht ó ghníomhaíochtaí a rinne [an chéad achomharcóir] mar bhall de dhrong robálaithe ráig cheannaigh [de chuid na n-achomharcóirí] ar thithe, ar charranna agus ar ghnóthaí idir 2005 agus 2008…". (mír 9)*

*90. Ní hionann cinneadh an Bhreithimh, i mo thuairim, ar aon léamh ar Murphy nó ar an gcásdlí ina dhiaidh sin, de bhrí gur tháinig sé ar na conclúidí sin (in intinn na n-achomharcóirí) gur sháraigh an Breitheamh raon feidhme Acht 1996. I bhfírinne, tá argóintí na n-achomharcóirí ag tacú le foras 1 dá n-achomharc ag brath go hiomlán ar Acht 1996 de bhrí gur argóintí pionósacha iad. Mar chinn an Chúirt Uachtarach in Murphy agus mar a dheimhnigh údaráis ina dhiaidh sin, ní mar sin atá.*

*91. Tugaim aird freisin ar argóint na n-achomharcóirí ina n-aighneachtaí scríofa agus ó bhéal gurb ionann an t-ordú a rinneadh faoi alt 3, a bhaineann le díothú theach cónaithe na n-achomharcóirí, agus "foirm pionóis atá bunaithe go soiléir ar an toradh, lasmuigh de thriail choiriúil, de chiontaíl choiriúil do choiriúlacht shonrach".*

*Ní dóigh liom go bhfuil aon fhiúntas ag baint leis an aighneacht seo. Seachas an fíoras go bhfuil sainchúram an Ordaithe a rinneadh faoi alt 3 teoranta do chosc a chur ar na hachomharcóirí ón maoin a dhiúscairt nó déileáil léi ar shlí eile nó luach na maoine sin a laghdú ar shlí eile, níl aon fhorbairt déanta ag na hachomharcóirí ar aon údarás don tairiscint, de bhrí gurb ionann an mhaoin lena mbaineann agus a dteach cónaithe, gurb ionann tionchar an Ordaithe agus smachtbhanna coiriúil.*

*Ainneoin baol athrá a bheith ann, is cás sibhialta é Acht 1996. Mar a dúradh in Murphy: "Baineann sé le ceart an Stáit, réadmhaoin a ghlacadh, nó ceart saoránaigh chun diúltú cead a thabhairt don Stát, réadmhaoin a ghlacadh atá cruthaithe gur dóichí gurb ionann í agus fáltais ó choireacht. Go ginearálta, ní hionann a leithéid sin d'fhorghéilleadh agus pionós agus ní theastaíonn nósanna imeachta coiriúla chun a leithéid a dhéanamh." (mír 153)*

92. *Is fiú a lua arís freisin go mbíonn éifeacht chomhpháirteach na gcinntí a rinneadh in Murphy agus Gilligan mar bhonn i gcónaí leis an gconclúid go bhfuil míbhrí iomlán á baint as an méid atá na hachomharcóirí ag brath ar an gCoinbhinsiún, agus ar chásdlí ECtHR a dtagraíonn siad dó.*

93. *Bunaithe ar na cúiseanna thuasluaite ar fad, níl fianaise i ndáil le foras 1 curtha ar fáil ag na hachomharcóirí.*

I ndáil le foras 2; an argóint maidir le moill, d'fhiafraigh an chúirt den achomharcóir faoin dochar a d'eascair as an moill líomhnaithe.

Mar fhreagairt, thagair abhcóide an achomharcóra "*do mhír 62 den bhreithiúnas ar dtús inar ghlac an Breitheamh go bunúsach leis go raibh an chéad achomharcóir ag obair mar phláistéir. Dá réir sin, baineann an chéad chuid den dochar a dearbhaíodh leis an tréimhse a chaith an chéad achomharcóir ag obair mar phláistéir féinfhostaithe.*

*Maítear dá mbeadh an Biúró tar éis gníomhú níos luaithe, go mbeadh ar chumas an chéad achomharcóra taifid ábhartha ó na Coimisinéirí Ioncaim a thabhairt ar aird, rud nach raibh ar a chumas a dhéanamh de bhrí nach raibh oibleagáid air taifid a choinneáil i ndiaidh tréimhse sé bliana. Deirtear nach bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh taifid á gcoimeád ag an gcéad achomharcóir i ndiaidh tréimhse sé bliana. Ar an dara dul síos, dearbhaíonn na hachomharcóirí go raibh caillteanas cuimhne agus caillteanas teagmhála le daoine eile, le himeacht ama, mar bhonn le heaspa deise a bheith ann imeachtaí a thabhairt chun cuimhne agus teagmháil a dhéanamh le finnéithe a d'fhéadfadh a bheith ar fáil*."

Áitíodh dá mbeadh imeachtaí tionscanta ag an mBiúró níos luaithe, go mbeadh deis i bhfad níos fearr ag na hachomharcóirí na líomhaintí a rinneadh ina gcoinne a dhiúltú. Ghlac an chúirt leis, go raibh comhpháirtí coiriúil de chuid na bhFreagróirí, an tUasal Cass, mar sprioc in imscrúdú tosaigh an Bhiúró in 2007-2008 agus ghlac an chúirt leis an méid seo a leanas freisin:

109. *Ainneoin go n-admhaíonn an Biúró gur cheannaigh na hachomharcóirí an réadmhaoin i gceist tráth a ndearna an Biúró imscrúdú ar an Uasal Cass in 2008, agus go raibh amhras ann in 2007-2008 go raibh baint ag an gcéad achomharcóir le robáil Allied Brink in 2005, maítear nach raibh aon oibleagáid dhearfach ar an mBiúró ag an am na hachomharcóirí a bhrath nó gníomhú ina n-aghaidh an tráth sin.*

*Tá an Biúró den tuairim freisin, go bhfuil an cineál imscrúduithe a rinne an Biúró faoi Acht 1996 fadréimseach, agus nach bhfuil aon oibleagáid ann imscrúdú a dhéanamh ag aon am sonrach.*

Lean an Chúirt Achomhairc ar aghaidh chun an méid seo a leanas a shonrú:

*110. Níl aon reacht na dtréimhsí infheidhme i ndáil le fáltais ó choireacht, pointe a dhearbhaigh Feeney J. in Gilligan [2011] IEHC 464. Os a choinne sin, tá sé sin curtha thar amhras ag alt 10 d'Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2005, lena bhforáiltear: "D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo nach bhfuil feidhm ag alt 11(7) de Reacht na dTréimhsí,*

*1957, i ndáil le himeachtaí faoi [Acht 1996]".*

*111. Déileáladh leis an tsaincheist seo freisin i gcinneadh An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Walsh [2021] IEHC 457. Ansin rinneadh an argóint go raibh imeachtaí faoi Alt 3 d'Acht 1996 faoi bhac ama mar gheall ar alt 9(2)(b) d'Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961.*

*Dhiúltaigh an Ard-Chúirt (Owens J.) don argóint sin. Sonraíodh an méid seo a leanas: "Bronnann Acht 1996 dlínse speisialta chun cinneadh maidir le stádas réadmhaoine a dhéanamh. Ní bhaineann na himeachtaí sin le "haon chúis chaingne" de chineál ar féidir an méid seo a leanas a rá fúithi, "a bheidh ar marthain ina choinne de bheith ar marthain i gcoinne a eastáit" laistigh d'alt 9(2) d'Acht 1961." (mír 2)*

*112. Mhionléirigh Owen J. an méid sin ag mír 24 áit a ndearna sé idirdhealú go bunúsach idir "cúiseanna caingne" chun airgead nó maoin a aisghabháil nó éilimh ar dhamáistí nó cearta príobháideacha a fhorfheidhmiú (a mbeadh feidhm ag alt 9(2) d'Acht 1961 maidir leis de ghnáth) agus alt 2 agus alt 3 d'Acht 1996 a dúirt sé a thugann "cearta dlí poiblí speisialta don Bhiúró chun breithniú a lorg go bhfuil stádas luaite leis an réadmhaoin a thugann le fios gurb ionann í agus fáltais ó choireacht". Ag mír 27, ag tagairt do chinneadh a rinne an Chúirt Uachtarach in Murphy, lean sé ar aghaidh chun an méid seo a leanas a shonrú, "is é polasaí Acht 1996 nach bhfuil aon cheart chun tairbhe a bhaint as fáltais ó choireacht nó sócmhainní díorthaithe ó fháltais ó choireacht" agus "nach nglacann an dlí poiblí le tairbhí na gníomhaíochta coiriúla mar réadmhaoin de chuid a sealbhóra".*

*113. Dá réir sin, níl aon chás le déanamh anseo go mbaineann aon reacht na dtréimhsí nó srian ama eile le hAcht 1996 agus, déanta na fírinne, ghlac abhcóide na n-achomharcóirí leis an méid sin. Leag an tAbhcóide béim ar an dochar a rinne do na hachomharcóirí a eascraíonn, a dúirt sé, as cinneadh an Bhiúró gan iarratas alt 3 a dhéanamh níos túisce.*

*Ar bhonn prionsabail, tá mé ullmhaithe a rá go bhféadfaí glacadh le dochar mar gheall ar mhoill, má shuitear a leithéid, in imthosca áirithe mar "bhaol trom éigeartais" a bheadh mar bhonn le cinneadh a bheith á dhéanamh ag cúirt gan ordú a dhéanamh faoi alt 3 d'Acht 1996. Ní mór go mbeadh cúis mhaith le haon éileamh dochair dá leithéid, áfach, dar liom, mar a lua Owens J. in An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Walsh, na "cearta dlí poiblí speisialta" a mbaineann an Biúró tairbhe astu faoi Acht 1996.*

*114. Ag díriú, dá réir sin, ar an dochar a líomhnaítear anseo: a mhéid a*

*áitíonn na hachomharcóirí go ndearnadh imscrúdú ar an gcéad achomharcóir in 2007-2008 nó thart ar an tréimhse sin, bheadh deis níos fearr aige an cás a rinneadh ina choinne a dhiúltú, agus tugaim faoi deara, sa chéad ásc, nár thug an chéad achomharcóir le fios ar mhionnscríbhinn gur dhéileáil sé le dochar leantach mar thoradh ar an moill a bhain le líomhain na n-achomharcóirí.*

*Lena chois sin, a mhéid is go dtagraíonn na hachomharcóirí do ghné dhaonna an chaillteanais chuimhne mar gheall ar imeacht ama, tá dualgas orm comhaontú le léiriú an Bhiúró ar an dearbhú seo mar dhearbhú atá go hiomlán cineálach, in éagmais aon fhianaise dheimhneach ó na hachomharcóirí ina sonraítear an méid a chaill siad de bhíthin nár ghníomhaigh an Biúró níos túisce.*

*Dá réir sin, bunaithe ar na cúiseanna sin, ní dóigh liom gur suíonn imthosca an cháis seo go mbeadh baol trom éigeartais ag eascairt as an Ordú a dhéanamh. Dá réir sin, ní dhearna an Breitheamh earráid trí ghlacadh leis an méid sin.*

*115. Níl Foras 2 léirithe, dar liom.*

Dá thoradh, dhíbh an chúirt an t-achomharc agus athdhearbhaíodh an t-ordú de bhua alt 3(1) d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní lena mbaineann agus bronnadh costais i bhfabhar an Bhiúró.

## J.S.S., J.S.J., T.S., D.S. & P.S. – v- Coimisinéir um Achomharc Cánach

## An Biúró um Shócmhainní Coiriúla (Fógraph>áirtí)

An Ard-Chúirt Uimh. Taifid 2023 Uimh. 179 JR

Breithiúnas scríofa na hArd-Chúirte curtha ar fáil ag an mBreitheamh Onórach Owens ar an 30 Iúil 2024.

Lua Neodrach: [2024] IEHC 565

**Achoimre**
I mí Márta 2016, d'eisigh Oifigeach Ioncaim an Bhiúró measúnuithe cánach i gcoinne gach iarratasóra i ndáil leis na blianta cánach idir 2008 agus 2014. Sna measúnuithe sin rinneadh meastachán maidir le cáin ioncaim dlite faoi Sceideal D de TCA1997 arna leasú (TCA).

Leasuithe ar na measúnuithe a bhí i gceist le cuid de na measúnuithe a bhain le tuairisceáin chánach a bhí déanta ag iarratasóirí i ndáil leis na blianta cánach sin. Bhí na measúnuithe ar fad bunaithe ar thuairim gur theip ar na hiarratasóirí ceanglais féinmheasúnaithe a bhain le hioncam Sceideal D a chomhlíonadh.

Mhaígh na hiarratasóirí nach raibh cónaí cánach orthu sa Stát idir 2008 agus 2014. Shonraigh siad go raibh siad ag obair thar lear mar chonraitheoirí tarmac fánaíochta agus nach raibh aon ioncam a thuill siad ó obair a rinneadh laistigh den Stát i rith na tréimhse sin inchánach ina gcás féin de bhrí nach raibh aon ghníomhaire acu laistigh den Stát i rith na tréimhse sin. Maíonn siad de bhrí nach raibh cónaí cánach orthu in Éirinn, nach bhfuil cáin le híoc acu ar bhrabúis a

tuilleadh ó obair a rinneadh thar leat i rith na mblianta sin.

Dhearbhaigh siad go mbraitheann an cheist maidir le cibé acu an daoine inmhuirearaithe iad nó nach ea, trí thagairt, do cibé acu an raibh nó nach raibh cónaí cánach orthu “ar an dlínse.” Maíodh freisin go bhfuil dualgas ar an mBiúró a chruthú do na Coimisinéirí Achomhairc go raibh siad ina gcónaí sa Stát i rith na mblianta cánach reatha “*chun a léiriú go bhfuil dlínse acu chun measúnú a dhéanamh ar an duine sin*” sular féidir leis na Coimisinéirí Achomhairc cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir glacadh le dlínse chun déileáil lena n-achomhairc.

Dá bhrí sin, ba iarratas ar athbhreithniú breithiúnach na himeachtaí seo a chuireann dúshlán i gcoinne bhailíocht cinnidh ó Choimisinéir Achomhairc Cánach, is é sin gur faoi na hiarratasóirí atá sé a shuíomh i bhfianaise nach raibh siad ina “daoine inmhuirearaithe” chun go bhféadfadh sí a chinneadh an bhfuil a n-achomhairc i gcoinne measúnuithe cánach inghlactha.

**Coimeádta:**
Tríd an iarratas a dhíbhe agus diúltú don fhaoiseamh a lorgaíodh, tharraing an Ard-Chúirt, ó mhír 5, aird den chéad uair ar an bpointe go mbeadh a leithéid d’áitiú ag baint an bhoinn d’fhorfheidhmiú oibleagáidí cánach:

5. *Má tá an t-áitiú sin ceart, nuair a dhearbhaíonn aon duine a ndearnadh measúnú air nó uirthi chun críche cánach, in achomharc bunaithe ar an measúnú sin, nach “duine inmhuirearaithe” é nó í i rith na bliana cánach a clúdaíodh sa mheasúnú sin, ní mór do na húdaráis Ioncaim, mar réamhchéim sa phróiseas achomhairc sin, a chruthú gur “duine inmhuirearaithe” ba ea an duine lena mbaineann.*

6. *D’fhéadfadh achomharcóirí i gcoinne measúnuithe cánacha ioncaim cás a dhéanamh nach bhfuil siad inmhuirearaithe do cháin de bhrí nár ghlac siad páirt in aon ghníomhaíocht trádála i rith na mblianta cánach a chlúdaítear sna measúnuithe. Má tá an ceart ag iarratasóirí, bheadh feidhm ag na pointí ar fad a dhéanann siad i rith na dlíthíochta seo i ndáil leis an imthoisc sin freisin.*

7. *Thacódh sé sin leis an mbonn a bhaint de mheasúnú cánach d’fhorálacha achomhairc Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (TCA).*

Ceann de na saincheisteanna ar tarraingíodh aird air san iarrtas ba ea ionas gur féidir glacadh le hordú ar achomhairc in TAC, go raibh dualgas ar na hachomharcóirí a dtuairisceán cánach féin a chomhdú i gcomhair na mblianta ábhartha agus an cháin a bhí dlite ar na tuairisceáin sin a íoc. Sa chás seo, chinn an TAC nach bhfuil daoine a ghineann ioncam ó thrádáil sa Stát i rith blianta cánach nuair nach bhfuil siad inmhuirearaithe i ndáil le cáin a bhaineann le brabúis de bhrí nach féidir aon mheasúnú cánach a dhéanamh ach in ainm an ghníomhaire laistigh den Stát (alt 1034 TCA).

Ionas gur féidir na hachomhairc a chuir isteach gan a cheangal ar na cáiníocóirí na tuairisceáin a dhéanamh, ní mór dóibh a léiriú nach raibh cónaí cánach orthu i rith na mblianta cánach sonraithe. Rinneadh an cinneadh seo ar an 29 Meitheamh 2022, áfach, agus reáchtáladh éisteacht bhreise ar an 10 Deireadh Fómhair 2022 tráth a ndearna na hiarratasóirí iarracht an cinneadh a athoscailt, an cinneadh inar tugadh le fios go raibh an dualgas cruthúnais ar na hiarratasóirí a léiriú nach raibh cónaí cánach ábhartha ina gcás siúd.

Rinne na hiarratasóirí, tríd an gcinneadh seo a athoscailt, iarracht brath ar an gcinneadh a rinne Coimisinéirí Speisialta na Ríochta Aontaithe in *Untelrab Ltd v. McGregor (Inspector of Taxes) [1996] STC (SDC) 1*.

Níor éirigh leo, áfach, a chur ina luí ar an gCoimisinéir Achomhairc a hintinn a athrú. Chinn sí nach mór dóibh a stádas neamhchónaithe cánach a chruthú. Rinne sí an cinneadh sin ar an 1 Nollaig 2022.

Leagadh amach i mBreithiúnas na hArd-Chúirte dlínse chúng TCA i ndáil le breithniú a dhéanamh ar cibé acu an raibh nó nach raibh measúnú déanta ar an méid ceart cánach agus tagraíodh do Murray J. in *Lee* ag leathanach 398 inar sonraíodh an méid seo a leanas, "*tairbhe a bhaint as cumhacht bhunúsach de chineál ar bith, ná dlínse ghinearálta chun fiosrúchán a dhéanamh maidir le bailíocht dhlíthiúil ar aon mheasúnú ar leith".*

Os a choinne sin, tugadh faoi deara go mbaineann an dualgas cruthúnais leis an Achomharcóir i gcás fhormhór na saincheisteanna eile a bhfuil cinneadh le déanamh ag TAC maidir leo. Agus leagadh béim ar an bpointe, ón taobh praiticiúil de, gurb é nó í an tAchomharcóir an duine is fearr *"chun fianaise a thabhairt maidir lena (h)ioncam, sócmhainní, láithreacht laistigh den Stát agus cúrsaí gnó".*

Leag an Chúirt béim ar an bpointe go raibh sí toilteanach i gcónaí deis a thabhairt d'iarratasóirí dúshlán a thabhairt i ndáil le haird a tharraingt ar na measúnuithe iomardaithe trí athbhreithniú breithiúnach, ach thug sí faoi deara freisin nach ndearnadh amhlaidh sa chás seo agus dá réir sin ní féidir le [hiarratasóirí] den chineál sin *dul chun cinn a dhéanamh agus a n-oibleagáid chun na measúnuithe a dhíláithriú trína shuí nach raibh cónaí cánach orthu trí ionsaí comhthaobhach bunaithe ar "fhorais dhlínsiúla." [Mír 98.]*.

Agus breithniú á dhéanamh agus údaráis *Untelrab* and *Cesena Sulphur Co Ltd v. Nicholson (Inspector of Taxes) (1876) 1 L.R Exch 428* a dhíbhe i ndeireadh na dála, braitheadh ar na hIarratasóirí mar údarás lag chun an dualgas a iompú droim ar ais, mar a shonraigh an chúirt ó mhír 110:

*110. Sa chás go gciallaíonn reacht go bhfuil oibleagáid ar dhuine rud éigin a chruthú, mar is amhlaidh i gcás achomhairc i gcoinne measúnaithe cánach faoi Chuid 40A de TCA, ní féidir a mhaíomh gur cheart go mbeadh an dualgas iompaithe droim ar ais. Níor thagair na hiarratasóirí d'aon fhoráil in TCA a d'fhéadfadh tacú*

*leis an áitiú go bhfuil daoine aonair a mhaíonn nach bhfuil cónaí cánach orthu i dteideal na cóireála speisialta seo.*

111. *Ní raibh Abhcóide an Bhiúró in ann tagairt d’aon údarás a chuir cás Untelrab ar neamhní. Is léir, áfach, go raibh an cur chuige ar bhain na Coimisinéirí Speisialta in Untelrab tairbhe as mícheart. Theip orthu a chur san áireamh go nglacann an measúnú reachtúil agus an struchtúr achomhairc leis go bhfuil measúnú cánach bailí i ngach cás a bhaineann le dliteanas cánach. Cuimsítear ansin toimhde go raibh cónaí cánach ar dhuine a ndearnadh measúnú air nó uirthi chun críche cánach in aon bhliain mheasúnaithe in aon chás ina bhféadfadh an tsaincheist sin a bheith ábhartha.*

112. *Ainneoin gur tagraíodh do Untelrab ar leathanach 994 den 4[ú] hEagrán de Revenue Law Tiley mar údarás don tairiscint go bhfuil an dualgas cruthúnais ar na Coimisinéirí Ioncaim a shuí go bhfuil cónaí ar cháiníocóir sa Ríocht Aontaithe, is cosúil nach bhfuil an tuairim sin ag teacht leis an tuiscint sa Ríocht Aontaithe faoi láthair maidir leis an tsaincheist sin: féach mar shampla cinntí an Bhinse Leibhéal a hAon (Seomra Cánach) in Chapman v. Coimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí [2018] WLUK 536 agus Development Securities (No 9) Ltd and others v. Coimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí [2017] UKFTT 565 (TC).*

113. *Sa chás seo, is mian leis na hiarratasóirí cás dearfach a dhéanamh agus a léiriú nach bhfuil aon dliteanas cánach orthu trí bhíthin a neamhchónaithe chun críocha cánach. Tá an fhaisnéis ar fad acu a d’fhéadfadh tacú lena n-áitiú maidir le haon cheann de na blianta cánach a chlúdaítear sna measúnuithe cánach seo nach raibh siad i láthair in Éirinn i gcomhair 183 lá nó níos mó nó i gcomhair 280 lá nó níos mó sa bhliain chánach sin agus sa bhliain chánach roimhe sin i dteannta a chéile: féach alt 819(1) de TCA.*

114. *Ní dhéantar aon idirdhealú sa mheasúnú reachtúil agus sa struchtúr achomhairc in TCC idir bailíocht measúnaithe cánach ioncam ar bhonn cónaí cánach agus bailíocht aon bhoinn eile a bhaineann le cánachas, cosúil le heaspa ceirde nó léirmhíniú díospóidte ar fhorálacha cánachais. Tá an dualgas ar an bpáirtí atá i mbun achomhairc nó i mbun dúshláin measúnaithe cánach a thabhairt i gcónaí chun fianaise a thabhairt ar aird maidir le haon saincheist fíorais a bhaineann le haon chás a dhéantar maidir leis an gcúis ba cheart cur isteach ar mheasúnú cánach. Déanann na Coimisinéirí Achomhairc cinneadh maidir leis na fíorais a chruthaítear agus ansin cuirtear an dlí i bhfeidhm ar an fíorais a cruthaíodh nó ar glacadh leo.*

Ina dhiaidh sin, dhíbhe an Chúirt an t-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach agus bronnadh costais ar an mBiúró.

# Cuid a Naoi
## *Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta*

### An Pheirspictíocht Idirnáisiúnta

Mar ghníomhaireacht atá ag feidhmiú ag an líne thosaigh chomh fada is a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne na coiriúlachta, tá cumas an Bhiúró chun a fheidhm a chomhlíonadh, bunaithe a bheag nó a mhór, ar a chur chuige idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach, a bhfuil tacar uathúil de phrionsabail dlí ag tacú leis. Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt i gcomhthéacs an fhorfheidhmithe dlí ag leibhéal idirnáisiúnta.

### An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO)

Is é an Biúró an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) ainmnithe in Éirinn. I ndiaidh do Chomhairle na hEorpa Cinneadh a dhéanamh in 2007, bunaíodh Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní ar fud an Aontais Eorpaigh chun deis a thabhairt faisnéis a mhalartú idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a raibh baint acu le himscrúdú, le sainaithint agus le coigistiú sócmhainní a measadh gurb ionann iad agus fáltais ó iompar coiriúil.

Mar chuid dá thiomantas mar Oifig um Aisghabháil Sócmhainní, ghlac an Biúró páirt ghníomhach i nGréasán ARO in 2024. D'fhreastail Oifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel, agus an Bleachtaire Cigire, Barry Butler, ar 2 chruinniú ARO sa Bhruiséil i mí an Mhárta agus i mí na Samhna 2024.

I rith 2024, ghlac an Biúró le 106 iarratas ar chúnamh. Bhí ar chumas an Bhiúró faisnéis a chur ar fáil i ndáil leis na hiarratais sin ar fad. Fuarthas na hiarratais sin ó 17 dtír ar fud an domhain.

I rith 2024, bhain an Biúró tuilleadh úsáide ar an ngréasán seo agus seoladh 33 iarratas chuig 17 dtír dhifriúla ar fud an domhain i gcomparáid le 34 iarratas chuig 14 tír i rith 2023.

Lógó ARO

### Oibríochtaí Idirnáisiúnta

Bunaithe ar dhearcadh oibríochtúil, tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le páirt a ghlacadh i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta. D'fhéadfadh rannpháirtíocht an Bhiúró in oibríochtaí den chineál sin a bheith éagsúil ag brath ar imthosca an cháis. D'fhéadfadh faisnéis leanúnach a bheith á soláthar chun cabhrú le himscrúdú i ndlínse eile.

Go minic, beidh ról lárnach i spriocanna coirpigh aonair agus a gcuid sócmhainní a rianú agus a lorg i gcomhar le gníomhaireachtaí cosúla i ndlínsí eile.

### Europol

Oibríonn Europol chun tacú lena Bhallstáit chun gach foirm de choireacht thromchúiseach,

idirnáisiúnta agus eagraithe a chosc agus a chomhrac. I rith 2024, lean an Biúró ar aghaidh le obair le Europol ar roinnt imscrúduithe beo.

Lógó Europol

## Interpol

Is gníomhaireacht é Interpol a bhfuil baill ó eagraíochtaí póilíneachta as 196 tír ar fud an domhain páirteach ann. Is í phríomhfheidhm na gníomhaireachta tacú le himscrúduithe baile a sháraíonn teorainneacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhain an Biúró úsáid as an ngníomhaireacht seo i roinnt imscrúduithe a rinneadh in 2024.

Lógó Interpol

## CARIN

In 2002, chomhóstáil an Biúró agus Europol comhdháil i mBaile Átha Cliath in Óstán Camden Court. I measc na rannpháirtithe bhí cleachtóirí forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha.

Ba é cuspóir na comhdhála moltaí a chur i láthair a bhí dírithe ar bhrabúis choireachta a shainaithint, a rianú agus a urghabháil.

Ceann de na moltaí a d'eascair as na ceardlanna ba ea gur cheart smaoineamh ar ghréasán neamhfhoirmiúil teagmhálaithe a bhunú mar aon le grúpa comhoibritheach i réimse shainaithint agus aisghabháil na sócmhainní coiriúla. Bunaíodh Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) dá bharr sin.

Is é an aidhm atá le CARIN éifeachtacht iarrachtaí a fheabhsú chun a chinntiú nach féidir le coirpigh tairbhe a bhaint as a gcuid brabús neamhdhleathach.

Reáchtáladh seoladh oifigiúil ghníomhaireachtaí Ghréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní CARIN i rith Chomhdháil Bhunaithe CARIN in An Háig, i mí Mheán Fómhair 2004.

Lógó CARIN

Tá rúnaíocht bhuan CARIN lonnaithe ag ceanncheathrú Europol in An Háig. Tá an eagraíocht á rialú ag Coiste Stiúrtha a bhfuil naonúr ball páirteach ann mar aon hUachtaránacht rothlach.

In 2024, bhí CARIN ag ceiliúradh 20 bliain i mbun oibre ó seoladh go hoifigiúil é in 2004. I rith 2024, ghlac an Biúró páirt ghníomhach i nGréasán CARIN.

Reáchtáladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil i bPáras idir an 20 – 22 Samhain 2024 agus i láthair ag an gCruinniú sin bhí Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, Oifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel, agus an Bleachtaire Cigire, Barry Butler.

## Buanchoiste um Chomhrac an Sciúrtha Airgid (AMLSC)

I rith 2024, ghlac an Biúró páirt sa Bhuanchoiste um Chomhrac an Sciúrtha Airgid ocht mbabhta. Is é cuspóir AMLSC fóram trasearnála náisiúnta a sholáthar chun maoirseacht agus athbhreithniú gníomhach a dhéanamh ar chreat AML/CFT na hÉireann.

## Caidreamh le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí Seachtracha

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as comhoibriú suntasach le comhpháirtithe forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta.

Tá an caidreamh leis an Ríocht Aontaithe go háirithe, an t-aon tír a bhfuil teorainn talún á roinnt aici le hÉirinn, suntasach. Dá réir sin, tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh leis an gcaidreamh idir é féin agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Ríochta Aontaithe a fhorbairt agus a threisiú.

### Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann (JATF)

Ba ionann Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann a bhunú agus gealltanas a bheith á thabhairt ag Rialtas na hÉireann agus ag Rialtas na Breataine i gComhaontú Tús Nua 2015 agus tá an Tascfhórsa i mbun oibre ó thús 2016.

San áireamh sa Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann seo tá Grúpa Maoirseachta Straitéiseach a shainaithníonn agus a bhainistíonn na tosaíochtaí straitéiseacha chun coireacht eagraithe thrasdhlínsiúil a chomhrac agus Grúpa Comhordaithe Oibríochtaí a chomhordaíonn oibríochtaí comhpháirteacha agus a threoraíonn na hacmhainní ilghníomhaireachta riachtanacha i dtreo na n-oibríochtaí sin.

Tugann an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann le chéile na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ábhartha sa dá dhlínse chun gníomhartha straitéiseacha agus oibriúcháin i gcoinne grúpaí coireachta trasteorann a chomhordú ar bhealach níos fearr.

Páirteach sa Tascfhórsa tá Oifigigh Shinsearacha ó An Garda Síochána, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, Coimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí, an Biúró agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (a bhfuil an príomhról acu i ndáil le haisghabháil sócmhainní coiriúla sa Ríocht Aontaithe).

CROSS BORDER JOINT AGENCY TASK FORCE

Uaireanta, cuirtear seirbhísí forfheidhmithe dlí oiriúnacha eile san áireamh, (cosúil le gníomhaireachtaí um chosaint an chomhshaoil agus seirbhísí inimirce) nuair a bhíonn a leithéid ag teastáil d'oibríochtaí an Tascfhórsa. Ghlac an Biúró páirt in 2 chruinniú oibriúcháin, ceann i mí na Bealtaine agus ceann i mí Dheireadh Fómhair 2024, a bhain leis an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann.

Chuir an Biúró tuarascálacha ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe Oibríochtaí maidir le stádas na n-imscrúduithe ábhartha roimh an dá chruinniú agus tá baint aige le roinnt imscrúduithe atá á ndéanamh faoi chúram an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann.

## Cuairteanna ar an mBiúró

Tá aird idirnáisiúnta leanúnach á tarraingt i gcónaí ar an rath atá ar mhúnla an Bhiúró. I rith 2024, d'fháiltigh an Biúró roimh thoscaireachtaí agus roimh ghníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, go pearsanta agus ar líne, agus díríodh aird ar raon disciplíní.

Is ionann an bhaint leanúnach atá ag an mBiúró le himscrúduithe lena mbaineann gné idirnáisiúnta agus deis chun cur le agus bonn eolais a chur ar fáil don fhreagairt forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta ar an mbagairt leanúnach atá á cruthú ag gníomhaíocht coireachta eagraithe thrasnáisiúnta.

Lena chois sin, soláthraíonn an rannpháirtíocht sin deis don Bhiúró chun a thaithí a roinnt lena ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta idirnáisiúnta. D'eagraigh an Biúró roinnt láithreoireachtaí do ghníomhaireachtaí éagsúla freisin, agus tá na sonraí le fáil thíos:

### Comhdháil Bhliantúil Phobal Forfheidhmithe an Dlí Choigríche Coireachta

D'fhreastail Príomhoifigeach an Bhiúró agus an Bleachtaire Ceannfoirt Dalton ar Chomhdháil Bhliantúil Phobal Forfheidhmithe an Dlí Choigríche Coireachta in Ambasáid na hÉireann, Londain i mí Eanáir 2024.

D'fhreastail breis is 160 póilín agus pearsanra faisnéise ó 40 tír ar an gcomhdháil.

Éascaíonn an chomhdháil, i bpáirt, an comhoibriú leanúnach idir an Biúró agus ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta i bPobal Forfheidhmithe an Dlí Choigríche (FLEC) i Londain.

### Slándáil Tíre Dúchais na Stát Aontaithe

Bhuail an Bleachtaire Ceannfoirt Dalton le hionadaí ó Oifig Imscrúduithe Slándála na Tíre Dúchais, Ambasáid SAM i mBaile Átha Cliath ar an 8 Feabhra 2024.

Chuir an cruinniú sin ar chumas an Bhiúró caidreamh oibre níos láidre a bhunú lenár gcontrapháirteanna in SAM.

### Toscaireacht Hong Cong

D'óstáil Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch naonúr oifigeach ó Bhiúró um

Choireacht Tráchtála Hong Cong ar an 22 Feabhra 2024.

Tugadh cuireadh d'Oifigigh Shinsearacha an Bhiúró a bheith i láthair agus láithreoireacht a eagrú do thoscaireacht Hong Cong maidir leis an obair atá á déanamh ag an mBiúró.

### Comhdháil Póilíní Trasteorann

D'fhreastail Oifigigh Shinsearacha an Bhiúró ar an gComhdháil Póilíní Trasteorann in Eastát Fhearnáin i gCo. an Chabháin ar an 27 agus 28 Feabhra 2024. I láthair ag an gcomhdháil bhí oifigigh shinsearacha ó gach seirbhís póilíneachta agus ónár ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí comhpháirtíochta. Ba é téama na comhdhála *"Treochtaí Reatha agus Rioscaí Nua"*.

### Aonad um Chúnamh Frithpháirteach FBI

D'fhreastail Oifigigh an Bhiúró ar chomhdháil a d'óstáil Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Imscrúdú Coiriúil agus buaileadh le hionadaithe ó Oibríochtaí Idirnáisiúnta FBI, Oifig um Ghnóthaí Idirnáisiúnta na Roinne Dlí agus Cirt, Attaché Dlí ó SAM agus ó FBI atá lonnaithe i Londain ar an 5 Márta 2024. I rith na comhdhála díríodh ar na ceanglais a bhaineann le hIarratais ar Chúnamh Frithpháirteach sna Stáit Aontaithe.

### Cruinniú le Jerad Larson, British Columbia ar zoom

Bhuail Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, Oifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel, agus an Bleachtaire Ceannfoirt, Seamus Dalton, leis an Uasal Jerad Larson ó British Columbia go fíorúil ar an 29 Aibreán 2024 chun plé a dhéanamh ar bhuntáistí agus chun ár gcaidreamh oibre lenár gcontrapháirteanna sa réimse seo a fheabhsú.

### Cruinniú Mullaigh Eorpach um Choireacht Frith-Airgeadais

Tugadh cuireadh do Phríomhoifigeach an Bhiúró labhairt ag an gCruinniú Mullaigh Eorpach um Choireacht Frith-Airgeadais san RDS, Baile Átha Cliath, Éire, ar an 16 Bealtaine 2024, agus d'eagraigh sé ceardlann maidir le Coireacht Airgeadais agus Aisghabháil Sócmhainní.



CBO Michael Gubbins i láthair ag an gCruinniú Mullaigh Eorpach um Choireacht Frith-Airgeadais i mí Bealtaine 2024 [Grianghraf: www.amlintelligence.com]

### An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

D'fhreastail Príomhoifigeach an Bhiúró ar chruinniú le hoifigigh ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar an 17 Bealtaine 2024 chun plé a dhéanamh ar struchtúir rialachais laistigh den Bhiúró.

An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais
Department of Children, Disability and Equality

## Toscaireacht Uganda ODPP

D'fháiltigh Príomhoifigeach an Bhiúró roimh thoscaireacht de 10 bpearsanra ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Uganda, ar an 12 Meán Fómhair 2024, a bhí ar cuairt ar Éirinn mar chuid de rannpháirtíocht straitéiseach agus cuairt foghlama agus bhí Oifig na hÉireann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag freastal orthu.

Bhí an Biúró sásta labhairt le Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) Uganda, an DPP Cúnta, an Príomh-Aturnae Stáit, oifigeach póilíneachta atá ag obair leis an Aonad Frithsceimhlitheoireachta agus baill d'Ambasáid na hÉireann atá lonnaithe in Uganda maidir le hobair an Bhiúró.

Lógó DPP (Uganda)

## Comhdháil Bhliantúil na hInstitiúide um Chomhlíonadh


Cúis áthais do Phríomhoifigeach an Bhiúró a bheidh ina phríomhchainteoir ag Comhdháil Bhliantúil na hInstitiúide um Chomhlíonadh a reáchtáladh i Staid Aviva ar an 1 Deireadh Fómhair 2024. Ba é téama na comhdháil in 2024 "*Tairbhe a bhaint as Dúshlán an Athraithe*".

Lógó na Comhdhála

## An Ghníomhaireacht um Shócmhainní a Aisghabháil agus a Bhainistiú (ARMA), An Úcráin

Cúis áthais do Phríomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, Príomhoifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel, agus don Bhleachtaire Cigire, Barry Butler, bualadh le hionadaithe ó Ghníomhaireacht um Shócmhainní a Aisghabháil agus a Bhainistiú (ARMA) na hÚcráine.

Reáchtáladh an taobhchruinniú sin i rith Chomhthionól Ginearálta Ghréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) i bPáras ar an 21 Samhain 2024 agus díríodh ar chomhiarrachtaí a bhain leis an gcomhrac ina aghaidh na coireachta agus an éillithe airgeadais a phlé.



Ionadaithe ó ARMA agus CAB
Grianghraf: https://arma.gov.ua

## Europol

D'fhreastail Príomhoifigeach an Bhiúró ar chomhdháil fhíorúil a d'óstáil Europol ar an 4 Nollaig 2024 agus thug sé láithreoireacht maidir le hábhair a bhain le himscrúduithe forghéillte neamh-chiontúbhunaithe, cur chuige ilghníomhaireachta chun déileáil le fáltais ó choireacht agus thagair sé do

shamplaí de chásanna ar éirigh go breá leo.

## Cruinnithe Ardleibhéil

Reáchtáladh roinnt cruinnithe ardleibhéil in 2024, lena n-áirítear:

### Ambasadóir na Colóime in Éirinn

Cúis áthais don Bhiúró fáiltiú roimh Ambasadóir na Colóime go hÉirinn, A Shoilse Ruiz Blanco, ar an 30 Eanáir 2024, agus thug sé láithreoireacht maidir le hobair an Bhiúró agus conas a éiríonn leis a shainchúram - an méid a fuair coirpigh go neamhdhleathach a dhiúltú agus a cheilt orthu - a chomhlíonadh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



Ó C-D: An Bleachtaire Ceannfoirt, Seamus Dalton, A Shoilse Ruiz Blanco, agus an Bleachtaire Cigire, Barry Butler

### Comhdháil Cheannairí na nEarnálacha Dlí agus Cirt

Cúis áthais do Phríomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, freastal ar Chomhdháil Cheannairí na nEarnálacha Dlí agus Cirt, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, ar an 22 Márta 2024.

### Cruinniú le IRLI agus Margaret Chitundu, An tSaimbia

D'fháiltigh an Biúró roimh chuairt Margaret Chitundu, Ceannasaí Aonad na Coireachta Airgeadais in Oifig na Saimbia den Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an tUasal Gilbert Phiri, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí sa tSaimbia chuig oifigí an Bhiúró ar an 18 Meitheamh 2024.

Deis ba ea an chuairt sin d'Oifigigh an Bhiúró chun modh oibre an Bhiúró a mhíniú, leagan amach an Bhiúró a mhíniú agus éascaíodh cruinniú le baill foirne ó Oifig um Bainistíocht Sócmhainní an Bhiúró.



Ó C-D: An tUasal Norville Connolly, Stiúrthóir Tíre na Saimbia, IRLI, An Bleachtaire Ceannfoirt, Seamus Dalton (CAB), An tUasal Francis Cassidy (Iar-Oifigeach Dlí an Bhiúró, CAB), Bean Uasal Margaret Chitundu, Ceannasaí Aonad na Coireachta Airgeadais (Oifig DPP na Saimbia) agus Michael Gubbins, Príomhoifigeach an Bhiúró (CAB)

### 8Ú Cruinniú Bliantúil Comhchéime na hEarnála Dlí agus Cirt

Cúis áthais do Phríomhoifigeach an Bhiúró oibriú leis an Roinn ar 8ú Cruinniú Bliantúil Comhchéime na hEarnála Dlí agus Cirt ag Teach Farmleigh ar an 26 Meán Fómhair 2024, agus ba é téama an chruinnithe

"*Athrú agus Dúshlán: Seirbhís Phoiblí sa Saol Comhaimseartha*".

## Agallaimh leis na Meáin

Chun próifíl an Bhiúró a mhéadú tuilleadh, rinne Príomhoifigeach an Bhiúró roinnt agallamh le heagraíochtaí meáin, agus tá sampla díobh sin le fáil thíos:

- 25/03/2024: Alt san *Irish Examiner* dar teideal "*Violence, intimidation, addiction behind all that bling"*
- *24/08/2024:* Alt san *Irish Independent* dar teideal *"Criminal Assets Bureau investigating 1,450 targets with hotspots revealed across country"*.
- *26/08/2024*: Alt san *Irish Independent* dar teideal "*Criminal Assets Bureau seizes three houses in four days in 'strong message' to criminals"*.

### Agallamh le *New York Times*

Chuir Sandra Jordon ó *New York Times* Príomhoifigeach an Bhiúró faoi agallamh ar an 12 Samhain 2024 i ndáil leis an dara ceant saincheaptha ar líne a reáchtáil CAB i mí na Nollag 2024.

Phléigh agus thaispeáin Príomhoifigeach an Bhiúró cuid de na sócmhainní a bhí á ndíol lena n-áirítear 15 uaireadóir chostasacha Rolex, Mála Láimhe Birkin de chuid Hermés, bróga ban lena n-áirítear bróga Christian Louboutin agus Jimmy Choo. Foilsíodh an t-alt ar an 29 Eanáir 2025.

## Cláir Raidió agus Theilifíse

### Drivetime, RTÉ Raidió a hAon

Ghlac Príomhoifigeach an Bhiúró páirt in agallamh le Cormac O'Hara ar Drivetime ar RTÉ Raidió a hAon ar an 27 Márta 2024 tráth a ndearna sé cur síos ar bhunú an Bhiúró agus ar an bpróiseas a úsáideann an Biúró chun an méid a fhaigheann coirpigh go neamhdhleathach a dhiúltú agus a cheilt orthu.

Is féidir éisteacht leis an agallamh sin ag an nasc seo a leanas: https://www.rte.ie/radio/podcasts/22376758-cab-chief-detective-michael-gubbins-details-the-pr/

### Newstalk

Thaistil Príomhoifigeach an Bhiúró chomh fada le stiúideonna Raidió Newstalk ar Lána Digges ar an 4 Aibreán 2024 agus phléigh sé modh oibre an Bhiúró.

### Prime Time

Chuir Barry Cummins Príomhoifigeach an Bhiúró faoi agallamh don chlár "Prime Time" ar RTÉ ar an 4 Deireadh Fómhair 2024, clár dar teideal "*Decrypted: How Irish gangs fell foul of hacked phone apps*".

Phléigh Príomhoifigeach an Bhiúró iarrachtaí an Bhiúró i ndáil leis an bpearsa drongchoirpeachta aitheanta, Thomas "Bomber" Kavanagh. Craoladh an t-eagrán sin de Prime Time ar an 22 Deireadh Fómhair 2024.

Drivetime, RTÉ Raidió a hAon

Tugadh cuireadh do Phríomhoifigeach an Bhiúró freastal ar agus páirt a ghlacadh in agallamh ar Drivetime ar RTÉ Raidió a hAon ar an 8 Deireadh Fómhair 2024. I rith an agallaimh, phléigh Príomhoifigeach an Bhiúró an obair a dhéanann an Biúró agus thaispeáin sé roinnt sócmhainní ardluacha. Is féidir éisteacht leis an agallamh sin ag an nasc seo a leanas: https://www.rte.ie/radio/podcasts/22440448-cab-chiefs-michael-gubbins-on-the-proceeds-of-crim/

## Podchraoltaí

Eagrán 4 Podchraoladh an Gharda Síochána

Ghlac Príomhoifigeach an Bhiúró páirt in "*The Garda Podcast*" i dteannta le Patrice Harrington in 2024.

Mhínigh Príomhoifigeach an Bhiúró go comhlacht reachtúil neamhspleách é an Biúró agus go bhfuil pearsanra ilghníomhaireachta ag obair ann. Phléigh sé, i measc rudaí eile, an obair a dhéanann Oifigigh an Bhiúró, na míreanna is coitianta agus is luachmhaire a urghabhtar agus conas is féidir leis an bpobal teagmháil a dhéanamh leis an mBiúró. Is féidir Podchraoladh an Gharda Síochána, *The Garda Podcast*, a íoslódáil ar Spotify, Apple agus ar gach ardán aitheanta eile.

## Gníomhaíochtaí ar na Meáin Shóisialta

Tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla freagrach as trí chainéal oifigiúla ar na meáin shóisialta: Facebook, Instagram agus X (Twitter roimhe seo).

@criminalassetsbureau

@criminalassetsbureau

@criminalassets

Úsáidtear na cainéil meán sóisialta chun scéal an Bhiúró a insint trí aird a tharraingt ar a ghníomhaíochtaí ar fud na tíre agus ar mhíreanna a bhíonn á urghabháil ag Oifigeach an Bhiúró.

*Tá an leathanach seo bán d'aon turas*

# Cuid a Deich
## *Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta*

### An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ceanglaíonn Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ar gach comhlacht poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh, i ndáil leis an bhfaisnéis a bhaineann leis an mbliain roimhe sin, a bhaineann le nochtadh cosanta.

Ní raibh aon nochtadh cosanta faighte ag an mBiúró i rith na tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2024.

### Gealltanas maidir le hIonracas san Áit Oibre

Shínigh an Biúró an gealltanas maidir le 'Ionracas san Áit Oibre' i mí an Mheithimh 2021.  Is ionann an gealltanas sin agus ráiteas poiblí maidir le tiomantas an Bhiúró chun áit oibre a chruthú a thacaíonn le haon ábhar imní maidir le héagóir a dtarraingítear aird air.

Sa chomhthéacs sin, d'fhreastail Oifigeach Biúró amháin ar an bhFóram um Ionracas san Áit Oibre (IAW) a d'óstáil Transparency International (Éire) Teoranta.



Cuid a Deich
Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta

*Tá an leathanach seo bán d'aon turas*

# Conclúidí

In 2024, bhain an Biúró tairbhe as a shainchúram reachtúil chun díriú ar fháltais iompair choiriúil. Chun é sin a dhéanamh, baineann an Biúró úsáid as forálacha Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, arna leasú, mar aon le reachtaíocht Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh.

Thug an Biúró aird ar thabhairt isteach Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024, nua a thugann cumhacht d'Oifigigh Bhiúró Leasa Shóisialaigh chun fógra astaithe a eisiúint gan ceanglas a bheith ann fanacht ar feadh tréimhse shonraithe. Tá cumhachtaí cosúla ag Oifigigh Bhiúró Leasa Shóisialaigh anois is atá ag a gcomhghleacaithe Ioncaim laistigh den Bhiúró chomh fada is a bhaineann le hastuithe. Méadóidh an chumhacht nua clúdach an Bhiúró agus tacóidh sí tuilleadh le sainchúram an Bhiúró chun fáltais ó choireacht a dhiúltú agus a cheilt ar choirpigh.

Lean an Biúró ar aghaidh ag díriú ar shócmhainní a eascraíonn as iompar coiriúil a bhfuil drochamhras ina leith lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, calaois, goid, buirgléireacht, sciúradh airgid, striapachas agus gáinneáil ar dhaoine. Déanann an Biúró monatóireacht air agus díríonn sé ar threochtaí nua cosúil le húsáid a bhaint as trádáil mótarfheithiclí chun sócmhainní coiriúla a cheilt mar aon le húsáid a bhaint as criptea-airgeadra chun sócmhainní a aistriú agus ar mhaithe le calaois idirnáisiúnta.

I rith 2024, leag an Biúró béim ar leith ar dhíriú ar ghrúpaí coireachta a bhfuil baint acu le coireacht thromchúiseach agus le coireacht eagraithe, mar aon le coireacht réadmhaoine, cosúil le buirgléireachtaí agus robálacha. Bhí béim ar leith á leagan ag gníomhaíochtaí an Bhiúró ar choireacht tuaithe agus bhí cuid de ghníomhartha an Bhiúró ag tacú le forfheidhmiú dlí i suíomhanna Réigiúnacha.

Mar thoradh ar na himscrúduithe a rinne an Biúró agus ar na himeachtaí agus ar na gníomhartha a rinneadh ina ndiaidh cuireadh suimeanna de bhreis ar €17.052m ar fáil don Lárchiste, ar féidir iad a mhiondealú mar seo a leanas:

- €3.117m curtha ar ais sa Státchiste faoi reachtaíocht an Fháltais ó Choireacht
- €0.566m curtha ar ais trí aisghabhálacha Leasa Shóisialaigh
- €13.368m bailithe mar thoradh ar nósanna imeachta agus comhaontuithe cánach Ioncaim

| **Airgead Iomlán Curtha ar Ais ag CAB in 2024** | |
|---|---|
| Curtha ar ais faoi shainchúram CAB i.e., reachtaíocht an Fháltais ó Choireacht, Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh | 17,052,458 |
| **Iomlán** | 17,052,458 |

Ag leibhéal idirnáisiúnta, choimeád an Biúró naisc láidre ar bun agus lean sé ar aghaidh i mbun idirchaidrimh le húdaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain.

I rith 2024, bhí baint ag an mBiúró le roinnt imscrúduithe a bhain le hiompar coiriúil grúpaí coireachta eagraithe i réigiún na teorann.

## Conclúidí

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh lena chaidreamh le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí le naisc thrasdlínsiúla a fhorbairt, go suntasach, le Interpol, Europol, Coimisinéirí Ioncaim & Custam an Rí, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta sa RA, Gréasán CARIN, Póilíní Cónaidhme na hAstráile, Imscrúduithe Slándála na Tíre Dúcháis agus Oifig Aturnae SAM. Mar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) tiomnaithe in Éirinn, tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le naisc forfheidhmithe dlí a fhorbairt le Ballstáit eile den AE.

Tá an Biúró ag lorg ionchuir ó ionadaithe ó na gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le CAB i ndáil lena Phlean Straitéiseach a fhorbairt. Ina measc seo tá ionadaithe ó An Garda Síochána, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, An Roinn Coimirce Sóisialaí agus An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Bhí forbairt an Phlean Straitéisigh treoraithe ag agus bunaithe ar Mhisean gach gníomhaireacht comhpháirtíochta. Déanann an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, athbhreithniú ar an bPlean/tugann sé dúshlán an Phlean sula gcuirtear ainm leis. Tá Comhaontú Soláthair Feidhmíochta an Bhiúró bunaithe ar ár ndoiciméad Straitéiseach.

Tá an Grúpa Iontrálacha foirmiúil, a bunaíodh in 2018, ag leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe (IAO) chun comhairle a chur ar Phríomhoifigeach an Bhiúró maidir le spriocanna d’imscrúdú iomlán a roghnú. Is é croílár shamhail CAB an fhoireann ildisciplíneach ina mbíonn gairmithe ag obair le chéile ar mhaithe le comhchuspóir - an méid a fuair coirpigh go neamhdhleathach a dhiúltú agus a cheilt orthu.

Ceann de phríomhláidreachtaí an Bhiúró is ea an tslí a gcomhoibríonn sé le heagraíochtaí eile chun tacú lena ghníomhaíochtaí. Ní bheadh ar chumas an Bhiúró a chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích gan tacaíocht ó go leor rannóg de An Garda Síochána, lena n-áirítear aonaid atá ag díriú ar Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach, an tAonad Práinnfhreagartha, an tAonad Réigiúnach Tacaíochta faoi Airm, pearsanra Roinne áitiúil agus Preasoifig an Gharda Síochána.

Lena chois sin, faigheann an Biúró cúnamh den chéad scoth ó go leor rannóg d’Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus go háirithe, an Rannán Imscrúdaithe, Ionchúisimh agus Bainistíochta Teorann, agus Aonaid Gadhar Custam. Chabhraigh oifigigh ó rannóga éagsúla sa Roinn Coimirce Sóisialaí leis an mBiúró le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh.

Soláthraíonn ár gcomhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, comhairle agus tacaíocht den chéad scoth don Bhiúró agus leagtar béim ar leith ar acmhainní daonna, cúrsaí airgeadais, rialachais, iniúchta agus riosca. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn i réimsí na n-athruithe reachtacha agus beartais, agus chun cóiríocht oiriúnach nua a aimsiú a chuirfidh ar chumas an Bhiúró a shainchúram reachtúil féin a chomhlíonadh.

# Aguisín A
## *Cuspóirí & Feidhmeanna an Bhiúró*

### Cuspóirí an Bhiúró: Alt 4 d'Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 & 2005

4.—Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is iad seo a leanas cuspóirí an Bhiúró—

(a) sainaithint sócmhainní, cibé áit ina bhfuil siad, daoine a dhíorthaigh ó, nó a bhfuil drochamhras ina leith gur dhírigh siad, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil,

(b) gníomh iomchuí a dhéanamh faoin dlí chun na sócmhainní sin nó tairbh na sócmhainní sin, i bpáirt nó go hiomlán, a bhaint de na daoine sin nó a shéanadh ar na daoine sin, mar is iomchuí, agus

(c) aon imscrúdú a dhéanamh nó aon obair ullmhúcháin eile i ndáil le haon imeacht ag eascairt as na cuspóirí dá dtagraítear dóibh i mír (a) agus (b).

### Feidhmeanna an Bhiúró: Alt 5 d'Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 & 2005

5.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht Alt 4, glacfar le feidhmeanna an Bhiúró, ag feidhmiú trína Oifigigh Bhiúró, na gníomhartha riachtanacha uile a dhéanamh—

(a) de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha sócmhainní a sainaithníodh mar shócmhainní a dhíorthaigh ó, nó a bhfuil drochamhras ina leith gur dhírigh siad, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil, a choigistiú, srian a chur lena n-úsáid, iad a reo, a chaomhnú nó a urghabháil

(b) faoi Achtanna Ioncaim nó aon fhoráil d'aon achtachán eile, cibé acu arna rith roimh nó i ndiaidh rith an Achta seo, a bhaineann le hioncam, chun a áirithiú go bhfuil fáltais ó iompar coiriúil nó ó iompar coiriúil a bhfuil drochamhras ina leith faoi réir cánach agus go bhfuil na hAchtanna Ioncaim, más iomchuí, curtha i bhfeidhm go hiomlán i ndáil lena leithéid sin d'fháltais nó d'iompar, de réir mar a bheidh,

(c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh chun críche imscrúdaithe agus cinnidh, de réir mar is iomchuí, aon éileamh ar nó i ndáil le leas sóisialach (de réir bhrí Alt 204 d'Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993) arna dhéanamh ag aon duine atá páirteach in iompar coiriúil, agus

(d) ar iarratas ón Aire Coimirce Sóisialaí, imscrúdú agus cinneadh a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon éileamh ar nó i ndáil le leas, de réir bhrí

Alt 204 d'Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, sa chás go ndeimhníonn an tAire Coimirce Sóisialaí go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint, i gcás imscrúdaithe ar leith, go bhféadfadh Oifigigh an Aire Coimirce Sóisialaí a bheith faoi réir bagairtí nó aon chineál eile imeaglaithe,

agus áirítear ar a leithéid sin de ghníomhartha, más iomchuí, faoi réir aon chomhaontaithe idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíneachta, nó aon údarás, údarás ag a bhfuil feidhmeanna a bhaineann le haisghabháil fáltas ó choireacht, údarás cánach nó údarás slándála sóisialta, nó críoch nó stát seachas an Stát.

(2) I ndáil leis na nithe dá dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a dhéanann difear do nó a chuireann srian leis an méid seo a leanas ar shlí ar bith—

(a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Coimirce Sóisialaí, nó

(b) feidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Phríomh-Aturnae Stáit.

# Aguisín B
## *Ráiteas faoin Rialú Inmheánach*

leibhéal measartha seachas deireadh a chur leis ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá an córas faoin rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

### Acmhainn Riosca a Láimhseáil

Tuairiscíonn an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ar gach ábhar iniúchta don Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) an Bhiúró bunaithe. Bhuail ARC an Bhiúró le chéile ceithre huaire i rith na bliana 2024.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an ARC ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá bunaithe, agus róil agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca.

Cuireadh cóip den bheartas ar fáil do gach Bainisteoir laistigh den Bhiúró ar roinneadh eolas leo maidir leis an ngá a bhí leis an bhfoireann shinsearach a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus chun cur in iúl dóibh gur cheart dóibh freagracht a ghlacadh as riosca agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm inar sainaithníodh agus inar tuairiscíodh príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá curtha i gcrích go dtí seo, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí bunaithe ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla ina sainaithnítear na príomhrioscaí nach mór don Bhiúró déileáil leo agus déantar iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear riosca ag leibhéal inghlactha. Tá sonraí le fáil sa Chlár Rioscaí faoi na rialuithe agus faoi na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as rialuithe oibriúcháin atá sannta do bhaill foirne shonracha a mhaolú.

Chomh fada is a bhaineann leis an mBiúró, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas le fáil bunaithe:

- tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- tá córas buiséadaithe oiriúnaithe bunaithe, le buiséad bliantúil a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach air

- córais a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil faisnéise agus córais trealaimh chumarsáide a chinntiú;
- córais chun sócmhainní an Bhiúró a chosaint
- soláthraíonn Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte Seirbhísí Párolla Comhroinnte don Bhiúró

## Monatóireacht agus Meastóireacht Leantach

I rith na tréimhse a chlúdaítear i Ráitis Airgeadais 2024, cuireadh nósanna imeachta foirmiúla chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhrialuithe. Roinneadh eolas maidir le heasnaimh rialaithe leo siúd a bhí freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus leis an bhfoireann bainistíochta, más cuí, go tráthúil.

Deimhním go raibh na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm i ndáil leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla i gcomhair 2024:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú
- tá iniúchadh bliantúil ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile curtha i gcrích ag Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta
- déanann an fhoireann bainistíochta shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais, a thugann léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/ réamhaisnéis

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh agus i rith 2024 gur chomhlíon an Biúró um Shócmhainní Coiriúla na nósanna imeachta sin.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bhí monatóireacht agus athbhreithniú an Bhiúró ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar eolas an ARC inmheánach, Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an ARC, laistigh den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat faoin rialú inmheánach.


I rith 2024, rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, iniúchadh sa Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile, de réir a chláir bhliantúil iniúchtaí, chun dearbhú a thabhairt do Choiste Iniúchta Vóta 24 (Dlí agus Cirt). Tá sé beartaithe

an chéad iniúchadh inmheánach eile ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile an Bhiúró a dhéanamh i Ráithe 1, 2025.

I rith 2024, rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2023. Níor tuairiscíodh aon saincheist ábhartha. I rith 2025, déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2024.

## Saincheisteanna faoin Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach i ndáil le 2024 a éilíonn iad a nochtadh sna Ráitis Airgeadais.



**Michael Gubbins**
**Príomhoifigeach an Bhiúró**
**Meitheamh 2025**

Aguisín B

*Ráiteas faoin Rialú Inmheánach*

*Tá an leathanach seo bán d'aon turas*


# Aguisín C

*2024 Athbhreithniú ar an mBliain*



*This page has been intentionally left blank*

# Notes




**Criminal Assets Bureau**
Walter Scott House
Military Road
Dublin 8
D08 HE2P
Ireland

**An Biúró um Shócmhainní Coiriúla**
Teach Walter Scott
An Bóthar Mileata
Baile Atha Cliath 8
D08 HE2P
Éire

info@cab.ie
Tel: +353 1 666 3266